CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Tuarascáil bhliantúil 2025

# Athbhreithniú ar an mbliain



curia.europa.eu

# Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cosaint dhlí an Aontais a chinntiú

Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar cheann de na seacht n-institiúid Eorpacha.

Mar institiúid bhreithiúnach de chuid an Aontais, is é an cúram atá uirthi a áirithiú go gcomhlíonfar dlí an Aontais trí léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gConarthaí a áirithiú agus trí athbhreithniú ar dhlíthiúlacht gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú.

Cabhraíonn an Institiúid le luachanna an Aontais a chaomhnú agus, trína cásdlí, leis an Eoraip a thógáil.

Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh comhdhéanta de dhá chúirt: an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta.

An grianghraf: Mór-sheomra pléití na Cúirte.

Tuarascáil bhliantúil 2025

# Athbhreithniú ar an mbliain

# Clár

**Réamhrá an Uachtaráin** ........ 4

**1. Sracfhéachaint ar 2025** ........ 6

**A.** An bhliain in íomhánna ........ 8

**B.** An bhliain i bhfigiúirí ........ 18

An Institiúid in 2025 ........ 18

An bhliain bhreithiúnach (an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta) ........ 19

Na seirbhísí teanga ........ 20

**2. Gníomhaíocht bhreithiúnach** ........ 22

**A.** An Chúirt Bhreithiúnais in 2025 ........ 24

Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Breithiúnais ........ 24

Comhaltaí na Cúirte Breithiúnais ........ 28

**B.** An Chúirt Ghinearálta in 2025 ........ 32

Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Ginearálta ........ 32

Forbairtí móra sa chásdlí ........ 34

Comhaltaí na Cúirte Ginearálta ........ 38

**C.** Cásdlí in 2025 ........ 42

**Fócas** Saoránacht an Aontais agus na 'pasanna órga' ........ 42

**Fócas** An Treoir maidir le Pá Íosta sa Chúirt Bhreithiúnais ........ 46

**Fócas** Rochtain ar theachtaireachtaí téacs a malartaíodh idir Uachtarán an Choimisiúin agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pfizer ........ 50

**Fócas** Sochaí Faisnéise: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus na hardáin an-mhór ar líne ........ 52

Súil siar ar phríomh-bhreithiúnais na bliana ........ 56

**3. Eagraíocht riaracháin don cheartas** ........ 76

**A.** Réamhrá an Chláraitheora ........ 78

**B.** Príomhimeachtaí na bliana ........ 80

2025: bliain chinniúnach d'athchóiriú chóras breithiúnach an Aontais ........ 80

Ag cur le trédhearcacht Cheartas na hEorpa ........ 84

Comhar le cúirteanna san Eoraip ........ 87

**C.** Caidreamh leis an bpobal ........ 90

**4. Institiúid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol** ........ 94

**5. Ag breathnú chun cinn** ........ 98

**Gach bliain, tugtar san *Athbhreithniú ar an mbliain*, tuarascáil bhliantúil na Cúirte, amharc siar ar an mbliain a d'imigh thart agus féachtar don mhéid a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí. Deis atá ann freisin breathnú ar ár ngnímh i gcomhthéacs níos leithne stair na hInstitiúide agus na lánpháirtíochta Eorpaí**



## Koen Lenaerts

Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

An 10 Nollaig 1952, le linn shuí oscailte na Cúirte a bunaíodh le Conradh Pháras, rinne Massimo Pilotti, an chéad uachtarán ar an gCúirt, tagairt ina óráid don fhile agus polaiteoir Iodálach Dante Alighieri: '*ubicumque potest esse litigium, ibi debet esse judicium*' *('i gás agóid a bheith ann, ní mór go mbeidh breithiúnas ann mar réiteach').* Luaigh sé freisin go raibh mar mhisean ag an gCúirt a chinntiú do chách – 'Stát, cuideachta nó daoine aonair fiú' – meas ar na teorannacha inár gá comhlachtaí an Chomhphobail a choinneáil.

An lá céanna, chuir Jean Monnet fáilte roimh an gcúirt nua 'ní hamháin mar Chúirt an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ach freisin mar Chúirt Eorpach uachtarach chónaidhme fhéideartha', siombal ar 'údarás deiridh an dlí sa Chomhphobail'. Níos mó ná 70 bliain níos déanaí, spreagann na príomhbhunaitheoirí sinn go fóill inár n-obair laethúil. Soiléirítear leo an dul chun cinn a rinneadh in 2025 agus na dúshláin atá in ann dúinn in 2026.

Ba é 2025 an chéad bhliain iomlán den athchóiriú a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2023, lena bhforáiltear don aistriú páirteach dlínse chun réamhrialuithe ón gCúirt Bhreithiúnas a shannadh don Chúirt Ghinearálta in 6 ábhar shonracha (CBL, dleachtanna máil, an Cód Custaim, rangú taraife, cearta aerphaisinéirí agus córas trádála astaíochtaí). Táthar an-sásta leis na torthaí a baineadh amach go dtí seo. Tá an t-athchóiriú bunaithe ar shásra 'one-stop shop', faoina gcuirtear gach iarratas ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, a chinneann ansin tar éis breithniú inmheánach an bhfuil siad le haistriú go dtí an Chúirt Ghinearálta nó le fanacht sa Chúirt Bhreithiúnais. Ónar tháinig an t-athchóiriú i bhfeidhm, láimhseáil an *one-stop shop* níos mó ná 100 iarraidh ar réamhrialú, agus aistríodh thart ar 90 % acu sin go dtí an Chúirt Ghinearálta mar tháinig siad faoi réir ceann de na sé ábhar shonracha a míníodh thuas.

Tháinig roinnt athruithe ar chomhdhéanamh chúirteanna an Aontais in 2025 freisin. Sa Chúirt Bhreithiúnais, ceapadh beirt bhreithiúna nua, duine acu a tháinig ón gCúirt Ghinearálta. Sa Chúirt Ghinearálta, rinneadh cúigear nua a cheapadh, beirt acu sin chun teacht i gcomharbas ar na comhaltaí a ceapadh mar bhreithiúna sa Chúirt Bhreithiúnais. Ina theannta sin, i mí Mheán Fómhair 2025, rinne rialtais na mBallstát téarmaí oifige 19 mbreitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse 2025-2031. An tráth céanna, rinneadh Marc van der Woude a atoghadh mar Uachtarán ar an gCúirt Ghinearálta dá thríú téarma agus atoghadh Savvas Papasavvas mar Leas-Uachtarán.

Le linn 2025, rinne an Institiúid forbairtí ar an athchóiriú ar a beartas cumarsáide, go háirithe trí sheisiúin eolais chlosamhairc arna gcur i láthair ag Comhaltaí na Cúirte Breithiúnais sna cásanna is suntasaí. Tugann breitheamh ón dlísheomra a thug an breithiúnas achoimre bheacht mhínithe ar thionchar an cháis agus conas a réitigh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna dlí a ardaíodh. Ag an am céanna, rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadail mhóra ionas go bhféadfaí iad a sheoladh an tráth céanna chomh luath agus Eanáir 2026: athdhearadh shuíomh gréasáin Curia, príomhthairseach na hInstitiúide, inneall cuardaigh nua a fhorbairt agus na hathruithe a rinneadh ar Curia Web TV, a bhí ina ardán closamhairc inmheánach roimhe seo, chun é a athrú go huirlis le haghaidh cumarsáid sheachtrach a chuirfidh leis na bealaí cumarsáide atá ann cheana.

Ó thaobh forbairtí teicneolaíochta, tá ról lárnach go fóill ag an intleacht shaorga i ndul chun cinn na hInstitiúide. I mbliana, rinneadh roinnt uirlisí bunaithe ar an intleacht shaorga a sheoladh nó a thástáil, go háirithe Curia AI Brain, ardán don úsáid inmheánach a d’fhorbair an Chúirt í féin lena mbeartaítear a chur ar fáil don fhoireann cúntóirí AI speisialta lena bhfreastal ar shainriachtanais na Cúirte.

Ar deireadh, an 7 Nollaig 2025 bhí comóradh 25 bliana na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chun an ócáid sin a cheiliúradh agus an méid a chuir an Chairt leis an gcásdlí agus cearta an duine a chosaint, beidh an chéad fhóram eile na mBreithiúna, a reáchtálfar sa Chúirt i mí an Mhárta 2026, go hiomlán dírithe ar an áit lárnach atá ag an gCairt i ndlíchóras an Aontais.

Leis na tionscadail seo agus le díriú daingean ar an todhchaí, d’fhan an Chúirt dílis dá misean ó 1952 i leith: meas ar an dlí, muinín na saoránach agus seasmhacht dhlíchóras an Aontais a chinntiú.





# 1

# Sracfhéachaint ar 2025



# A. An bhliain in íomhánna

## Mí Eanáir



### Gealltanas sollúnta an Choimisiúin Eorpaigh

Le linn éisteachtaí foirmiúla a tionóladh i mí Eanáir, i mí Feabhra, i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine, thug Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus comhaltaí an Choimisiúin an gealltanas sollúnta a éilítear sna Conarthaí mar chuid de cheapachán an Choimisiúin Eorpaigh nua.

## Mí Feabhra



### Gealltanas Sollúnta an Ombudsman Eorpaigh

Thug Teresa Anjinho, arna toghadh ag Parlaimint na hEorpa mar Ombudsman Eorpach, gealltanas sollúnta os comhair na Cúirte.

## Mí an Mhárta



### Cuairt sheirbhísí na Cúirte ar ECtHR

Chuaigh toscaireacht ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a raibh an Cláraitheoir agus ceannairí ranna éagsúla de sheirbhísí na Cúirte ina measc, go Strasbourg chun cuairt oifigiúil a thabhairt ar an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Ghlac an toscaireacht páirt i neart cruinnithe timpeall ar bhoird maidir leis na dúshláin agus na deiseanna comhoibrithe idir an dá chúirt.

## Éisteacht shollúnta na n-aitheasc cuimhneacháin

Tugadh ómós sollúnta do Uno Lõhmus, an chéad bhreitheamh ón Eastóin ag an gCúirt Bhreithiúnais (2004-2013), a fuair bás i mí Lúnasa 2024, agus Ena Cremona, an chéad bhreitheamh ó Mhálta ag an gCúirt Ghinearálta (2004-2012), a fuair bás i mí na Bealtaine 2024.




## 30 bliain ó aontachas na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne leis an Aontas Eorpach

Tionóladh searmanas ag an gCúirt chun comóradh a dhéanamh ar 30 bliain ó aontachas na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne leis an Aontas Eorpach. Ba é Uachtarán na Cúirte, Koen Lenaerts, a d'oscail an searmanas, agus thug mórphearsana na mBallstát sin óráidí lena linn, arna gcur i láthair ag comhaltaí den Chúirt Bhreithiúnais.



# Mí Aibreáin

## Babhta ceannais den chomórtas 'European Law Moot Court'

In 1988 a eagraíodh 'European Law Moot Court' den chéad uair, ba í ollscoil Freiburg (an Eilvéis) a bhuaigh comórtas bréigchúirte na bliana seo 2025.





## Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chúirt le chéile dá n-idirphlé bliantúil


Thionól Parlaimint na hEorpa agus an Chúirt a n-idirphlé bliantúil maidir le feidhmiú chóras breithiúnach an Aontais i Lucsamburg den dara huair. Bunaíodh an t-idirphlé sin i gcomhthéacs an leasaithe ar Reacht na Cúirte Breithiúnais maidir le haistriú cuid den dlínse réamhrialaithe ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta in ábhair shonracha.

# Mí na Bealtaine




## An Chúirt ar Lá na hEorpa

Ghlac an Chúirt páirt sa Phobailín Eorpach, arna eagrú ag Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i Lucsamburg ar Lá na hEorpa, i gcomhar le hOifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa i Lucsamburg. Bhí an t-imeacht ar siúl in Echternach i mbliana, baile in oirthear Lucsamburg.



## Trí shaothar ealaíne nua ar iasacht ag an gCúirt

I mí na Bealtaine, tugadh saothair an ealaíontóra Pholannaigh Magdalena Abakanowicz, *Figury z cyklu Mędrcy* (*Samhlacha ón tsraith 'Sages')* ar láimh go hoifigiúil don Chúirt, ar iasacht ón Ard-Mhúsaem in Wrocław, faoi choimirce Institiúid Adam Mickiewicz.

I mí Dheireadh Fómhair, thug Dánlann Chathair na Bratasláive an phéintéireacht *Silence*, leis an ealaíontóir Slóvacach Tamara Klimová, ar láimh go hoifigiúil don Chúirt.

Bhronn Músaem Náisiúnta Seandálaíochta Napoli (MANN). an dealbh mharmar, *Brád Lykoûrgos*, ar an gCúirt i mí Dheireadh Fómhair chomh maith. Léiríonn an obair reachtóir miotasach Sparta.

## Craoladh beo ar fhógairt bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta

Den chéad uair, fógraíodh breithiúnas de chuid na Cúirte Ginearálta beo. Tá an cur chuige sin tar éis cur le forbairt na modhanna agus na mbealaí cumarsáide atá ag an institiúid agus léiríonn sé gur mian léi go n-éascófar rochtain an cheartais Eorpaigh do shaoránaigh an Aontais.




# Mí an Mheithimh

## An chéad ghearrfhíseán míniúcháin a bhain le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais a mhíniú

Sheol an institiúid bealach nua cumarsáide: gearrfhíseán míniúcháin le comhalta de chuid na Cúirte atá dírithe ar chur i láthair breithiúnais. Ar an gcaoi sin, tá an Chúirt ag cur le feiceálacht agus inrochtaineacht a cuid cinntí is tábhachtaí don phobal i gcoitinne agus do na meáin.




## Tabhairt mionna na gComhaltaí nua

Ag éisteacht shollúnta, thug Marko Bošnjak mionn ar ghlacadh a oifige mar Bhreitheamh de chuid na Cúirte Breithiúnais. Thug Danutė Jočienė agus Jörgen Hettne mionn a n-oifige mar Bhreithiúna de chuid na Cúirte Ginearálta.



# Mí Iúil



## ‘EU Legal Summer School’

Ba i gcomhthéacs Lucsamburg a chur chun cinn mar áit fostaíochta d’fhoireann na n-institiúidí Eorpacha a d’eagraigh an Chúirt an chéad ‘EU Legal Summer School’ riamh, ina raibh breis is 30 mac léinn agus gairmí óg ó 24 náisiúntacht Eorpacha páirteach.

# Mí Mheán Fómhair



## An tríú comhdháil ‘EUnited in Diversity’

Reáchtáil Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire an 3ú Comhdháil ‘EUnited in Diversity’, arna heagrú i gcomhar leis an gCúirt. Dhírigh comhdháil na bliana seo, inar tugadh le chéile cúirteanna bunreachtúla na mBallstát, ar ról an cheartais bhunreachtúil i ndlíchóras comhchoiteann an Aontais Eorpaigh.



## Thosaigh comhaltaí nua ina ndualgais ag Cúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta, agus rinneadh athnuachan páirteach ar an gCúirt Ghinearálta

Tionóladh éisteacht shollúnta sa Chúirt chun imeacht comhaltaí áirithe agus mionnú comhaltaí nua a chomóradh. Rinneadh breitheamh de chuid na Cúirte Breithiúnais de Alexander Kornezov. Sa Chúirt Ghinearálta, chuir breithiúna nua tús lena dtéarma oifige: Francesco Bestagno, Raffaella Pezzuto agus Tanja Pavelin.

## Atoghadh Uachtarán agus Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta

Tar éis athnuachan pháirteach Chomhaltaí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, atoghadh Marc van der Woude ina Uachtarán ar an gCúirt Ghinearálta don tréimhse 2025-2028. Atoghadh Savvas Papasavvas mar Leas-Uachtarán don tréimhse chéanna freisin.



## Cuairt na Cúirte ar Chúirt Bhunreachtúil na Beilge

Thug toscaireacht ón gCúirt cuairt ar Chúirt Bhunreachtúil na Beilge. Bhí na pléití dírithe ar ról na Cúirte Bunreachtúla mar chúirt Eorpach, ar chearta na n-eachtrannach, ar an gcomhionannas inscne agus ar an gcothromaíocht idir slándáil agus príobháideacht i dtimpeallacht dhigiteach.



## Cuairt na Cúirte ar Chúirt Bhunreachtúil na hIodáile

Thug toscaireacht ón gCúirt cuairt ar Chúirt Bhunreachtúil na hIodáile. Bhí na pléití dírithe ar ról na Cúirte Bunreachtúla mar chúirt Eorpach, ar an smacht reachta, ar an tslándáil agus ar an bpríobháideachas, mar aon le plé ar an tearmann agus ar imirce.



# Mí Dheireadh Fómhair




## Babhta Ceannais Chomórtas Dlíodóirí Óga na hEorpa

Babhta ceannais Chomórtas Dlíodóirí Óga na hEorpa, atá eagraithe ag Acadamh an Dlí Eorpaigh (ERA). Chuir foirne ó fud fad na hEorpa dlí an Aontais chun feidhme maidir le dlí maidir le cúrsaí digiteacha, cosaint sonraí, intleacht shaorga agus ceartas trasteorann. D'aighnigh siad a gcásanna os comhair coiste ina raibh breithiúna de chuid na Cúirte Ginearálta agus de lucht dlí gairmiúil.



## Lá Oscailte na Cúirte

Mar a dhéanann sí gach bliain, d'oscail an Chúirt a doirse don phobal i gcoitinne chun a cuid oibre, a cuid staire agus a cuid foirgnimh a chur ar taispeáint. Cuireadh fáilte roimh bheagnach 2 600 cuairteoir ar Lá Oscailte 2025, a chuir eolas ar a dtarlaíonn i ngan fhios don saol mór de ghnáth, ar na nósanna imeachta agus a chas le daoine a oibríonn inti, agus is ar an gcaoi sin a bhfaigheann siad tuiscint ar ról lárnach na Cúirte i misean an Aontais Eorpaigh.

# Mí na Samhna



## Cuairt na Cúirte ar an gCipir

Thug toscaireacht ón gCúirt Bhreithiúnais cuairt ar an gCipir le haghaidh comhráite leis an gCúirt Bhunreachtúil Uachtarach agus leis an gCúirt Uachtarach maidir leis an gcomhionannas, cosaint sonraí agus an nós imeachta tearmainn. Bhuail an toscaireacht freisin leis an Uachtarán Nikos Christodoulides, le hUachtarán Theach na nIonadaithe Annita Demetriou, leis an Aire Dlí agus Cirt Marios Hartsiotis agus leis an Ard-Aighne George Savvides.

## Cuairt na Cúirte ar Chúirt Uachtarach na Spáinne

Thug toscaireacht ón gCúirt Bhreithiúnais cuairt ar Chúirt Uachtarach na Spáinne i Maidrid, áit ar fháiltigh a hUachtarán Isabel Perelló Doménech í. Mar thoradh ar an gcuairt, bhí roinnt comhráite ar théamaí de dhlí an Aontais, ar chosaint na gceart bunúsach agus ar na dúshláin a bhaineann leis an smacht reachta agus an neamhspleáchas breithiúnach.



## Cuairt na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ar an gCúirt

Thug toscaireacht ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine cuairt oifigiúil ar an gCúirt. Cruinnithe timpeall ar bhoird a bhí i gceist léi, agus saincheisteanna coiteanna á bplé, amhail barr leasa an linbh, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh sa ré dhigiteach agus rochtain ar nósanna imeachta tearmainn.




## Cruinniú Ghréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh

Tionóladh an 7ú cruinniú bliantúil de Ghréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh i Liospóin, agus ionadaithe i láthair ó 47 ndlínse ar baill iad de. Bhí sé dírithe ar an agallamh idir breithiúntacht na hEorpa, agus díríodh ar an oibleagáid atá ar chúirteanna náisiúnta cásanna a tharchur mar chúirt céime deiridh.



# Mí na Nollag



## Fóram na mBreithiúna

D’fháiltigh an Chúirt do thart ar 150 breitheamh ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Thug an fóram seo deis do bhreithiúna náisiúnta a bheith ag agallamh go díreach le comhaltaí na Cúirte maidir le hábhair leasa choitinn, rud a neartaíonn an dlúthchomhar idir í agus na cúirteanna náisiúnta.



## Lá Feasachta Míchumas

Chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a chomóradh, d’eagraigh an Chúirt 2 lá chun cur le feasacht. Tugadh an deis do rannpháirtithe, le go leor gníomhaíochtaí amhail an ealaín, an cultúr agus an chumarsáid:, fios a fháil ar na luachanna is dual do dhaoine faoi mhíchumas: an chruthaitheacht, an teacht aniar i bhfianaise na gconstaicí rompu, an fhíre iontu agus an cumas atá acu a bheith ina bhfoinse spreagtha do chách.



## Babhta ceannais chomórtas Thémis 2025

Is sa Chúirt a reáchtáladh babhta ceannais an Chomórtais, a bhí oscailte do na giúistísí a bheidh ag an Aontas amach anseo atá i dtosach a gcuid oiliúna. Tá an comórtas seo ar cheann de phríomh-thionscnaimh an Ghréasáin Eorpaigh um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB). Chuir ocht bhfoireann ó shé cinn de Bhallstáit a gcuid oibre i láthair, agus bhuaigh foireann na Rómáine an comórtas.

## Cuairt Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa




Thug toscaireacht de chuid CCBE, a dhéanann ionadaíocht ar dhlíchumainn agus ar bharra 46 thír agus faoi stiúir a Uachtaráin, Thierry Wickers, cuairt oifigiúil ar an gCúirt. Díríodh, sna cruinnithe timpeall ar bhoird, ar imeachtaí breithiúnacha, neamhspleáchas na ndlíodóirí agus forbairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus craoladh éisteachtaí.



# B. An bhliain i bhfigiúirí

## An Institiúid in 2025

81 bhreitheamh ó 27 mBallstát

**An Chúirt Bhreithiúnais**

27 mbreitheamh 11 Abhcóide Ghinearálta

**An Chúirt Ghinearálta**

54 bhreitheamh

2 302
oifigeach agus ghníomhaire

61 % mná

39 % fir

Buiséad: EUR 537 mhilliún

Tá na poist seo a leanas ag mná:

54 % de phoist mar riarthóirí

50 % de phoist mheánbhainistíochta agus ardbhainistíochta

Le hionadaíocht na mban i bpoist freagrachta laistigh den riarachán, cuirtear an Chúirt os cionn mheán na nInstitiúidí Eorpacha.

e-Curia

Céatadán na ndoiciméad nós imeachta a seoladh trí e-Curia:

92 % Cúirt Bhreithiúnais

97 % Cúirt Ghinearálta

12 903 chuntas rochtana e-Curia

Is feidhmchlár teicneolaíochta é **e-Curia** lena gcuirtear ar chumas ionadaithe páirtithe i gcásanna a thugtar os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, chomh maith le cúirteanna agus binsí náisiúnta i gcomhthéacs iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta, doiciméid nós imeachta a mhalartú leis na Clárlanna trí mhodhanna leictreonacha amháin.

## ↘ An bhliain bhreithiúnach (an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta)

1 878 gcás a tugadh isteach

2 301 chás a socraíodh

2 489 gcás atá ar feitheamh

Meánfhad na n-imeachtaí: 18.2 mí



# Na seirbhísí teanga

**Mar institiúid bhreithiúnach ilteangach, ní mór don Chúirt a bheith in ann déileáil le cás, beag beann ar theanga oifigiúil an Aontais inar tugadh an cás isteach. Cinntíonn sí ansin go scaiptear a cásdlí sna teangacha oifigiúla go léir.**

24
theanga
nós imeachta

552
phéire teanga

600 dlítheangeolaí chun doiciméid i scríbhinn a aistriú

1 405 000 leathanach le haistriú

1 386 000 leathanach aistrithe

511
éisteacht agus chruinniú le hateangaireacht chomhuaineach

69
n-ateangaire le haghaidh éisteachtaí agus cruinnithe

An tIlteangachas ag CBAE – rochtain chomhionann ar an gceartas a chinntiú

Féach ar an bhfíseán

Ag an gCúirt, déantar aistriúcháin i gcomhréir le socruithe teanga éigeantacha lena ndéantar foráil gur féidir gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a úsáid. Is téacsanna dlí an-teicniúil iad na doiciméid go léir atá le haistriú. Sin é an fáth nach bhfostaíonn seirbhís teanga na Cúirte ach dlítheangeolaithe a bhfuil a n-oideachas sa dlí críochnaithe acu agus a bhfuil sáreolas acu ar dhá theanga ar a laghad seachas a dteanga dhúchais.





# 2

# Gníomhaíocht bhreithiúnach



# A. An Chúirt Bhreithiúnais in 2025

Is féidir iarrataí ar réamhrialú a tharchur go príomha chuig an gCúirt Bhreithiúnais. I gcás ina bhfuil amhras ar chúirt náisiúnta maidir le léiriú ar riail an Aontais nó maidir lena bailíocht, cuirfidh sí bac ar na himeachtaí os a comhair agus cuirfidh sí an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Nuair a bheidh an t-ábhar soiléirithe ag cinneadh na Cúirte Breithiúnais, beidh an chúirt náisiúnta in ann an díospóid atá os a comhair a réiteach. I gcásanna ina n-éilítear freagra laistigh de thréimhse ama an-ghearr (e.g. tearmann, rialú teorann, fuadach leanaí, etc.), déantar foráil maidir le nós imeachta práinne um réamhrialú.

Is féidir caingne díreacha a thabhairt os comhair na Cúirte freisin, ag iarraidh gníomh de chuid an Aontais a neamhniú ('caingean le haghaidh neamhniú') nó dearbhú nach gcomhlíonann Ballstát dlí an Aontais ('caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh'). I gcás neamhchomhlíonadh ag an mBallstát, d'fhéadfadh an breithiúnas lena suitear gur mhainnigh sé oibleagáidí a chomhlíonadh, d'fhéadfadh an dara caingean, ar a dtugtar caingean 'sárúdhúbailte', a bheith ina cúis leis an gCúirt Bhreithiúnais pionós airgeadais a fhorchur uirthi.

Ina theannta sin, féadfar achomhairc a dhéanamh i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinntí den sórt sin ón gCúirt Ghinearálta a chur ar neamhní.

Ar deireadh, féadfar iarrataí ar thuairim a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun a fhíorú an bhfuil comhaontú a bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a thabhairt i gcrích le tríú Stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta (arna thíolacadh ag Ballstát nó ag institiúid Eorpach) ag luí leis na Conarthaí.



Koen Lenaerts

Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

## Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Breithiúnais

Ba bhliain chinniúnach a bhí in 2025 de bharr roinnt cúiseanna.

Ar an gcéad dul síos, ba í an chéad bhliain iomlán de chur i bhfeidhm na gné deireanaí den athchóiriú ar chreat breithiúnach an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear i Rialachán 2024/2019 lena ndéantar iarracht an t-ualach oibre a chothromú idir an dá chúirt den Aontas agus mar sprioc dheiridh leis ná cinntí breithiúnacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil laistigh de na teorannacha ama is fearr.

Mar chuid den ghné dheireanach sin bhí, *inter alia*, aistriú páirteach dlínse chun réamhrialuithe ón gCúirt Bhreithiúnais a shannadh don Chúirt Ghinearálta, atá i bhfeidhm ó 1 Deireadh Fómhair 2024, in sé ábhar shonracha (CBL, dleachtanna máil, an Cód Custaim, rangú taraife, cearta aerphaisinéirí agus an córas

889
gcás a tugadh isteach

580 nós imeachta um réamhrialú lena n-áirítear:

4 nós imeachta práinne um réamhrialú

Na Príomh-Bhallstáit as a dtionscnaítear na hiarrataí:

| | |
|---|---|
| An Iodáil: | 110 |
| An Pholainn: | 63 |
| An Ghearmáin: | 61 |
| An Ostair: | 47 |
| An Bhulgáir: | 42 |

58 gcaingean dhíreacha lena n-áirítear:

49 gcaingean maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh agus

1 chaingean 'maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhó'

245 achomharc i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta

1 iarraidh ar thuairim

5 iarratas ar chúnamh dlíthiúil

Féadfaidh páirtí nach bhfuil in ann costais na n-imeachtaí a íoc iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce.

trádála astaíochtaí). Tá sé bunaithe ar shásra 'one-stop shop', faoina gcuirtear na hiarrataí uile ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. I gcás go dtagann iarraidh ar réamhrialú faoi cheann amháin de na sé ábhar sin, déanann an tUachtarán cinneadh, tar éis éisteacht leis an Leas-Uachtarán agus leis an gCéad Abhcóide Ginearálta, nó déanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ag cruinniú ginearálta, an bhfuil an iarraidh le tarchur chuig an gCúirt Ghinearálta nó le coinneáil sa Chúirt Bhreithiúnais. Le linn 2025, aistríodh 65 den 74 iarraidh ar réamhrialú a chíor an *one-stop shop* a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta. Rinneadh na cinntí maidir le cásanna a aistriú in am trátha a bhuí leis an obair leanúnach a rinne na dlísheomraí agus na seirbhísí, go háirithe Clárlann na Cúirte Breithiúnais agus an Stiúrthóireacht um Thaighde agus Dhoiciméadú.

Leis an bhforbairt ar an sásra a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024 a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh i gcoinne bhreithiúnais nó orduithe na Cúirte Ginearálta chun sé dhlísheomra achomhairc nua agus agóidí a bhaineann le feidhmiú conartha ina bhfuil clásal eadrána a chur san áireamh, cuireadh an méid sin chun feidhme de réir an chleachtais a forbraíodh ónar tugadh isteach an sásra sin. Dá réir sin, ó na 36 iarratas a scrúdaigh an dlísheomra a chinneann an ligfear d'achomhairc dul ar aghaidh, ligeadh do dhá iarratas dul ar aghaidh, ceann a bhain le hagóid chonartha (ordú in *SC* v *Eules Kosovo* C-881/24 P) a thagann faoi dhlínse an dhlísheomra sin anois, de bharr gur ardaíodh leo ceisteanna tábhachtacha i ndáil le haontú, comhsheasmhacht nó forbairt an Aontais.

Ansin, maidir le comhdhéanamh na Cúirte, tháinig an breitheamh nua ón tSlóivéin, an tUasal Bošnjak, chun an folúntas a líonadh a d'fhág bás ár gcomhghleacaí, Marko Ilešič, an 20 Meitheamh 2024, agus imeacht an chéad Bhreithimh Bhulgáraigh de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an tUasal Arabadjiev, ar cuireadh an tUasal Kornezov, a bhí ina Bhreitheamh sa Chúirt Ghinearálta roimhe sin, ina áit.

Ar deireadh, is pointe tiontaithe mór é 2025 maidir le beartais chumarsáide agus trédhearcachta na Cúirte. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun an ceartas Eorpach a thabhairt níos gaire do shaoránaigh agus chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais gairmithe dlí.

Maidir le cumarsáid, i dteannta seoladh gearrthóg fuaim-amhairc míniúcháin ina gcuireann comhaltaí den Chúirt Bhreithiúnais i láthair go hachomair cuid de na breithiúnais is tábhachtaí a thug an chúirt sin, tá dul chun cinn suntasach déanta ar roinnt mórthionscadal agus tá siad le cur i bhfeidhm go luath in 2026: athdhearadh ar shuíomh gréasáin Curia, forbairt ar inneall cuardaigh cuimsitheach nua le haghaidh úsáideoirí seachtracha agus Curia Web TV a athrú go leagan atá inrochtana do gach duine a úsáideann an t-idirlíon. Feabhsóidh na forbairtí go mór an rochtain ar fhaisnéis bhreithiúnach do chách.

Maidir le trédhearcacht na n-imeachtaí os comhair na Cúirte a fheabhsú, is fiú a thabhairt faoi deara freisin foilsiú na bpléadálacha agus na mbarúlacha i scríbhinn a thaisctear i gcásanna réamhrialaithe, cinneadh a rinneadh le linn an athchóirithe dheireanaigh ar an gcóras breithiúnach, chomh maith le glacadh, an 1 Aibreán 2025, an chinnidh maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh craoladh éisteachtaí. Cuireann an craoladh feabhas ar an tuiscint ar ról na Cúirte agus ar a cuid gníomhaíochtaí, agus cinntítear leis rochtain níos leithne ar na pléadálacha, na hargóintí agus na barúlacha a chuireann na páirtithe isteach, chomh maith le tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta agus na breithiúnais a thugann an Chúirt.

Sa bhreis ar a ghníomhaíocht bhreithiúnach féin, lean an Chúirt lena cuid iarrachtaí i réimsí na hoiliúna, na cumarsáide agus na malartuithe le cúirteanna agus binsí na mBallstát. Tionóladh an tríú heagrán den chomhdháil 'EUnited in diversity', a thugann le chéile na cúirteanna bunreachtúla agus na hinstitiúidí comhionanna a bhfuil dlínse bhunreachtúil acu i mBallstáit an Aontais, chomh maith le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais, i Sóifia (an Bhulgáir) ón 3 go dtí an 5 Meán Fómhair 2025 agus é mar aidhm ag an gcomhdháil an plé breithiúnach a spreagadh agus idirghníomhaíochtaí a neartú laistigh den ord dlí coiteann atá bunaithe ag an Aontas agus ag córais dlí na mBallstát. An 1 agus an 2 Nollaig 2025, chuir an Chúirt fáilte roimh thart ar 150 breitheamh ó na Ballstáit ag Fóram bliantúil na mBreithiúna. Leis an bhfóram sin, a eagraíodh den chéad uair in 1968, tugtar deis do bhreithiúna náisiúnta eolas a chur ar fheidhmiú na Cúirte agus malartú díreach a dhéanamh lena comhaltaí laistigh den Institiúid maidir le hábhair leasa choitinn, rud a neartaíonn an dlúthchomhar idir í agus na cúirteanna náisiúnta. Ba cheart forbairt na gcruinnithe agus na hoiliúna arna n-eagrú faoi chuimsiú Ghréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh (EJN) agus i gcomhar leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (EJTN) a lua freisin, go háirithe i ndáil leis an nós imeachta um réamhrialú. Ar deireadh, i mí na Nollag 2025, reáchtáil an Chúirt, den chéad uair, an babhta ceannais de chomórtas *Themis* a d'eagraigh EJTN. Tugann an comórtas mór le rá seo deis uathúil do dhaoine a bheidh ina mbreithiúna nó ina n-ionchúisitheoirí amach anseo ó gach cearn den Eoraip feabhas a chur ar a n-eolas praiticiúil ar dhlí an Aontais, rud a chuireann le comhdhlúthú comhchultúir bhreithiúnaigh laistigh den Aontas.

Maidir leis na staitisticí don bhliain seo caite, léiríonn siad go leanúnach líon ard cásanna a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais (889) agus cásanna a dúnadh (774), agus is é an athnuachan pháirteach a rinneadh ar an gCúirt in 2024 is cúis leis an dara figiúr sin den chuid is mó. Amhail an 31 Nollaig 2025, ba é 1 322 líon na gcásanna a bhí ar feitheamh. Ba é meánfhad na n-imeachtaí, gach cineál cáis san áireamh, in 2025 ná 16.7 mí.



774 chás a socraíodh

561 nós imeachta um réamhrialú lena n-áirítear:

3 nós imeachta práinne um réamhrialú

51 chaingean dhíreacha lena n-áirítear:

38 mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a aimsíodh i gcoinne 20 Ballstát

5 chaingean 'maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhó'

156 achomharc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta, lena n-áirítear:

24 achomharc lenar cuireadh cinneadh na Cúirte Ginearálta ar ceal

Meánfhad na n-imeachtaí: 16.7 mí

Meánfhad na nósanna imeachta práinne um réamhrialú: 3.4 mí

1 322
chás atá ar feitheamh amhail ón 31 Nollaig 2025

Príomhábhair a láimhseáladh:

| | |
|---|---|
| Limistéar saoirse, slándála agus ceartais | 142 |
| Státchabhair agus iomaíocht | 132 |
| Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta | 111 |
| An tsaoirse gluaiseachta agus bunaíochta – an margadh inmheánach | 106 |
| Cosaint tomhaltóirí | 95 |
| Comhbheartas eachtrach agus slándála | 79 |
| Comhfhogasú reachtaíochta | 76 |
| Comhshaol | 61 |
| Beartas sóisialta | 52 |
| Iompar | 47 |

Féach ar staitisticí mionsonraithe na Cúirte Breithiúnais

# Comhaltaí na Cúirte Breithiúnais

Tá 27 mBreitheamh agus 11 Abhcóide Ghinearálta sa Chúirt Bhreithiúnais.

Ceaptar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta trí chomhaontú a dhéanann rialtais na mBallstát, tar éis dul i gcomhairle le coiste atá freagrach as tuairim a thabhairt ar oiriúnacht na n-iarratasóirí ionchasacha chun na cúraimí lena mbaineann a chur i gcrích. Is téarma oifige 6 bliana a bhíonn acu, agus is téarma inathnuaite an téarma sin.

Roghnaítear iad ó na daoine nach bhfuil amhras ar bith ann faoin neamhspleáchas, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin, nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht.

Feidhmíonn na Breithiúna a ndualgais ar mhodh atá go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách.

Toghann Breithiúna na Cúirte Breithiúnais idir eatarthu an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán. Ainmníonn na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta an Cláraitheoir ar feadh théarma 6 bliana.

Ceapadh na Breithiúna seo a leanas don Chúirt Bhreithiúnais in 2025: i mí an Mheithimh, Marko Bošnjak (an tSlóivéin), a tháinig i gcomharbas ar Marko Ilešič, agus i mí Mheán Fómhair, Alexander Kornezov (an Bhulgáir), a tháinig i gcomharbas ar Alexander Arabadjiev.

**Tá na hAbhcóidí Ginearálta freagrach as tuairim bhreithiúnach, dá ngairtear 'Tuairim', go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách, a thabhairt sna cásanna a shanntar dóibh. Ní gá do Bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais an Tuairim sin a leanúint.**


9
10
12
14



**K. Lenaerts**
Uachtarán



**T. von Danwitz**
Leas-Uachtarán



**F. Biltgen**
Uachtarán an Chéad Dlísheomra



**K. Jürimäe**
Uachtarán an Dara Dlísheomra



**C. Lycourgos**
Uachtarán an Tríú Dlísheomra



**I. Jarukaitis**
Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra



**M. L. Arastey Sahún**
Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra



**M. Szpunar**
an Chéad Abhcóide Ginearálta



**I. Ziemele**
Uachtarán an Séú Dlísheomra



**J. Passer**
Uachtarán an Deichiú Dlísheomra



**O. Spineanu-Matei**
Uachtarán an Ochtú Dlísheomra



**M. Condinanzi**
Uachtarán an Naoú Dlísheomra



**F. Schalin**
Uachtarán an Seachtú Dlísheomra



**J. Kokott**
Abhcóide Ginearálta



**S. Rodin**
Breitheamh



**M. Campos Sánchez-Bordona**
Abhcóide Ginearálta



**E. Regan**
Breitheamh



**N. J. Cardoso da Silva Piçarra**
Breitheamh



**A. Kumin**
Breitheamh



**N. Jääskinen**
Breitheamh



**J. Richard de la Tour**
Abhcóide Ginearálta



**A. Rantos**
Abhcóide Ginearálta



**D. Gratsias**
Breitheamh



**M. Gavalec**
Breitheamh



**N. Emiliou**
Abhcóide Ginearálta



**Z. Csehi**
Breitheamh



**T. Ćapeta**
Abhcóide Ginearálta



**L. Medina**
Abhcóide Ginearálta



**B. Smulders**
Breitheamh



**D. Spielmann**
Abhcóide Ginearálta



**A. Biondi**
Abhcóide Ginearálta



**S. Gervasoni**
Breitheamh



**N. Fenger**
Breitheamh



**R. Frendo**
Breitheamh



**R. Norkus**
Abhcóide Ginearálta



**M. Bošnjak**
Breitheamh



**A. Kornezov**
Breitheamh



**A. Calot Escobar**
Cláraitheoir

An t-ord prótacail amhail an 07/10/2025

# B. An Chúirt Ghinearálta in 2025

Féadfar caingne díreacha arna dtionscnamh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha (daoine aonair, cuideachtaí, comhlachais, etc.), i gcás ina bhfuil baint aonair nó dhíreach acu agus ag na Ballstáit i gcoinne gníomhartha de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, chomh maith le caingne díreacha lena lorgaítear cúiteamh as damáiste arna dhéanamh ag na hInstitiúidí nó ag a seirbhísigh, a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta ag an gcéad chéim.

Is féidir breitheanna ón gCúirt Ghinearálta a achomharc os comhair na Cúirte Breithiúnais, ach tá na hachomhairc sin teoranta do phointí dlí. I gcásanna a ndearnadh iad a bhreithniú faoi dhó cheana féin (ag bord achomhairc neamhspleách agus ansin ag an gCúirt Ghinearálta), ní cheadóidh an Chúirt Bhreithiúnais don achomharc dul ar aghaidh ach amháin má ardaítear leis saincheist atá suntasach maidir le haontacht, comhsheasmhacht nó forbairt dhlí an Aontais.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2024 i leith, tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta freisin iarrataí ar réamhrialú arna n-aistriú ag an gCúirt Bhreithiúnais a éisteacht agus a chinneadh, ar iarrataí iad a thagann go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na sé ábhar shonracha seo a leanas: comhchóras cánach breisluacha; dleachtanna máil; Cód custaim; rangú taraife earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte; cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil nó i gcás ina mbeidh moill ar sheirbhísí iompair nó ina gcuirfear ar ceal iad; scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Is de chineál eacnamaíoch cuid mhór dá dlíthíocht: maoin intleachtúil (trádmharcanna agus dearaí AE), iomaíocht, Státchabhair agus maoirseacht baincéireachta agus airgeadais. Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta freisin breith a thabhairt i ndíospóidí na seirbhíse sibhialta idir an tAontas Eorpach agus a sheirbhísigh.



Marc van der Woude

Uachtarán Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

## Gníomhaíocht agus forbairt na Cúirte Ginearálta

Ba bhliain shuntasach í 2025 don Chúirt Ghinearálta mar gheall ar dhá rud a tharla i mí Mheán Fómhair na bliana sin: an athnuachan pháirteach uirthi agus deireadh leis an idirthréimhse maidir le láimhseáil na n-iarrataí ar réamhrialú.

An 15 Meán Fómhair 2025, d’fhág triúr Comhaltaí an Chúirt Ghinearálta de barr na hathnuachana páirtí: an Breitheamh Tomljenović, Mastroianni agus Porchia, a bhí ina n-uachtarán ar dhlísheomra, chomh maith le Kornezov, a ceapadh mar bhreitheamh sa Chúirt Bhreithiúnais. Gabhann an Chúirt Ghinearálta buíochas leo as a rannchuidiú tábhachtach leis an gcásdlí. An dáta céanna, ghlac na breithiúna Bestagno Pezzuto agus Pavelin mionn mar chomhaltaí nua den Chúirt Ginearálta.

989
gcás a tugadh isteach

820
caingean dhíreach lena n-áirítear:

| | |
|---|---|
| Maoin intleachtúil agus thionsclaíoch | 257 |
| Státseirbhís an Aontais Eorpaigh | 109 |
| Státchabhair agus iomaíocht | 39 |

21 chaingean arna dtabhairt ag na Ballstáit

65 tharchur chun réamhrialú

52 iarratas ar chúnamh dlíthiúil

Féadfaidh páirtí nach bhfuil in ann costais na n-imeachtaí a íoc iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil saor in aisce.

Rinne an coláiste nua comhaltaí uachtarán, leas-uachtarán agus deichniúr uachtarán ar dhlísheomra a atoghadh ansin, le haghaidh théarma 3 bliana.

Tharla an méid sin ag an tráth céanna freisin ar tháinig deireadh leis an idirthréimhse a chuir an Chúirt Ghinearálta i bhfeidhm tar éis an athraithe pháirtigh dlínse réamhrialaithe na Cúirte Breithiúnais dá bhforáiltear le Rialachán 2024/2019 (athchóiriú a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2024). Go hinmheánach, an toradh a bhí air sin don Institiúid ná dhá dhlísheomra speisialta chun déileáil le hiarrataí ar réamhrialú, ina bhfuil seisear breithiúna agus abhcóide ginearálta amháin a togadh chun na hiarrataí sin a láimhseáil. Murab ionann is caingne díreacha, sanntar iarrataí ar réamhrialú ar dtús d'fhoirmíocht cúigear breithiúna, ach féadfar i gcónaí cás a tharchur ina dhiaidh sin go foirmíocht éagsúil. Chun an láimhseáil is fearr a dhéanamh ar iarrataí ar réamhrialú, thogh an Chúirt Ghinearálta freisin beirt bhreithiúna chun feidhmiú mar abhcóidí ginearálta i gcás nach mbeidh an bheirt sin ar fáil.

Mar sin féin, chuir an t-atheagrú seo agus na comhaltaí nua a tháinig le gníomhaíocht bhreithiúnach na Cúirte Ginearálta ar bhealach dearfach de bharr, mar gheall ar na comhaltaí nua, gur cuireadh clabhsúr le 1 527 gcás in 2025 (404 chás uamtha astu sin a thionscain iarfheisirí Eorpacha i gcoinne Pharlaimint na hEorpa agus a bhain leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh), an méad is mó cásanna riamh ina stair. Má chuirtear an 989 gcás a tugadh isteach san áireamh, ba é 1 167 líon na gcásanna ar feitheamh ag deireadh na bliana. Maidir leis na hiarrataí ar réamhrialú, aistríodh 65 chuig an gCúirt Ghinearálta in 2025 agus cuireadh clabhsúr le 16.

B'ionann meánfhad na n-imeachtaí, gach cineál cáis san áireamh, agus 18.9 mí. Má dhéantar cás amháin as na 404 chás chomhionanna ó thaobh substainte de, laghdaítear meánfhad na n-imeachtaí go 16 mí. Maidir le láimhseáil na n-iarrataí ar réamhrialú, tréimhse níos giorra atá ann: 6.2 mí.

In 2025, chuir foirmíochtaí cúigear breithiúna clabhsúr le 34.7% de chásanna (404 chás uamtha acu sin dá dtagraítear). I measc na gcásanna is tábhachtaí (féach an chaibidil ‘Súil siar ar mhórchásanna na bliana’), bhain dhá cheann acu sin leis an Mór-Dhlísheomra, comhdhéanta de 15 bhreitheamh, agus dhá cheann sa dlísheomra de mhéid idirmheánach, atá sa Chúirt Ghinearálta ón athchóiriú deiridh in 2024. Ba iad sin na cásanna *Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún agus an Ostair* v *an Coimisiún (an Mór-Dhlísheomra),* chomh maith leis na cásanna uamtha *YL* v *an Chomhairle agus YL* v *an Chomhairle agus EUIPO (dlísheomra de mhéid idirmheánach).*

Le linn na chéad bhliana iomláine seo den aistriú páirteach dlínse i gcásanna réamhrialaithe d’éirigh leis an gCúirt Ghinearálta a misean a neartú agus láimhseáil na n-iarrataí sin a chomhtháthú go réidh ina sruth oibre inmheánach, chomh maith le rialú a thabhairt i líon an-ard cásanna ar an iomlán. A bhuí le láimhseáil éifeachtúil agus réamhghníomhach na gcásanna, arna léiriú ag an gCúirt Ghinearálta, chruthaigh an Chúirt sin go bhfuil sí in ann tabhairt faoi dhúshláin nua níos mó ná riamh.





Savvas Papasavvas

Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta

## Forbairtí móra sa chásdlí

Bliain chinniúnach a bhí in 2025 go príomha mar gheall ar thionchar an athchóirithe a tugadh isteach le Rialachán 2024/2019. Athchóiriú a glacadh i gcomhthéacs méadú ar líon na gcásanna réamhrialaithe ar feitheamh agus meánfhad na n-imeachtaí sa Chúirt Bhreithiúnais araon, leis an athchóiriú rinneadh dhá athrú shuntasacha sa Chúirt Ghinearálta, lenar cruthaíodh foirmíocht nua den chúirt sin chun cásanna a éisteacht agus a rialú agus lenar aistríodh chuig an gCúirt Ghinearálta dlínse chun réamhrialú a thabhairt i gcásanna áirithe.

Thug an dlísheomra de mhéid idirmheánach, ina bhfuil 9 mbreithiúna, a chéad bhreithiúnas agus sannadh roinnt cásanna ar an dlísheomra sin freisin. Cruthaíodh an dlísheomra sin chun leanúnachas na réamhrialuithe arna dtabhairt ag an gCúirt Ghinearálta a chinntiú agus chun dea-riaradh an cheartais a áirithiú.

Thug dlísheomra réamhrialaithe na Cúirte Ginearálta a chéad rialuithe freisin. Tháinig na rialuithe sin faoi raon feidhme dhá cheann de na sé ábhar shonracha a aistríodh go dtí an Chúirt Ghinearálta. Go sonrach, dleachtanna máil agus an comhchóras cánach breisluacha.

Dá bhrí sin, sa chéad chás réamhrialaithe a chinn an Chúirt Ghinearálta, as ar eascair breithiúnas an 9 Iúil 2025, *Gotek* (T-534/24), bhain an iarraidh le léiriú Airteagail 7 agus 8 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle agus rinneadh í i gcomhthéacs díospóid idir duine nádúrtha agus Aireacht Airgeadais na Cróite maidir le bailiú na dleachta máil is iníoctha ag an duine sin, i gcomhthéacs seachadadh samhailteach earraí máil a thaispeántar ar shonraisc bhréagacha.

Maidir leis an gcóras coiteann cánach breisluacha, ina rialú an 26 Samhain 2025, *Versãofast* (T-657/24), rialaigh an Chúirt Ghinearálta ar iarraidh ar réamhrialú maidir le léiriú Airteagal 135(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle, a tugadh isteach i gcomhthéacs díospóid idir Versãofast agus an t-údarás cánach maidir leis na gníomhaíochtaí idirghabhála creidmheasa a rinne an chuideachta sin, a d'aicmigh an t-údarás cánach mar idirbhearta idirbheartaíochta creidmheasa atá díolmhaithe ó cháin bhreisluacha.

Tá a dtuairimí tosaigh tugtha freisin ag na hAbhcóidí Ginearálta a chuidíonn leis an gCúirt Ghinearálta agus í ag plé le hiarrataí ar réamhrialú.

Dá bhrí sin, ina Tuairim i gcás *Accorinvest* (T-653/24), a tugadh an 29 Deireadh Fómhair 2025, rinne an tAbhcóide Ginearálta Maja Brkan scrúdú ar iarraidh  ar réamhrialú maidir le léiriú Airteagal 1(2) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle, ina mbeadh ar an gCúirt Ghinearálta a chinneadh an féidir an ranníocaíocht taraife don iompar a aicmiú mar 'cháin indíreach bhreise' de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2008/118 agus an dtagann sé faoi raon feidhme na forála sin.

Dá pháirt, ina Thuairim i gcás *European Air Charter* (T-656/24), a tugadh an 26 Samhain 2025, scrúdaigh an tAbhcóide Ginearálta Martín y Pérez de Nanclares an iarraidh ar réamhrialú ó Chúirt Réigiúnach Düsseldorf (an Ghearmáin), inar iarradh ar an gCúirt coincheap an 'nasc cúisíoch "díreach"' a shoiléiriú idir tarlú cúinse eisceachtúil de réir bhrí Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 a chuaigh i bhfeidhm ar eitilt agus moill eitilte ina dhiaidh sin.

Is céim thábhachtach é aistriú páirteach de dhlínse an réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta do chúirt arbh é an cúram tosaigh a bhí uirthi breithiúnas a thabhairt ar aighnis a dteastaíonn scrúdú domhain ar fhíricí casta uathu, agus atá anois freagrach as an bplé le cúirteanna náisiúnta. Léirigh an bhliain seo caite go bhfuil an Chúirt Ghinearálta tar éis an dúshlán a shárú, idir chaighdeán a cinntí tosaigh agus mheánfhad na n-imeachtaí.

1 527

gcás a socraíodh

1 399

gcaingean dhíreacha lena n-áirítear:

| | |
|---|---|
| Maoin intleachtúil agus thionsclaíoch | 303 |
| Státchabhair agus iomaíocht | 126 |
| Státseirbhís an Aontais Eorpaigh | 67 |

16 tharchur chun réamhrialú

Meánfhad na n-imeachtaí: 18.9 mí

Cion na gcinntí a ndearnadh achomharc ina gcoinne os comhair na Cúirte Breithiúnais: 26 %

1 167

gcás atá ar feitheamh (amhail ón 31 Nollaig 2025)

Príomhábhair:

| | |
|---|---|
| Maoin intleachtúil agus thionsclaíoch | 276 |
| Seirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh | 164 |
| Bearta sriantacha | 125 |
| Dlí Institiúideach | 88 |
| Státchabhair agus iomaíocht | 66 |
| Comhshaol | 63 |
| Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta | 46 |
| Rochtain ar dhoiciméid | 40 |
| Cánachas | 40 |
| Sainfháil phoiblí | 37 |

Baineann 404 chás le líon iomlán na gcásanna a socraíodh, atá comhionann agus uamtha, a bhaineann le córas pinsin fhorlíontaigh na bhfeisirí Eorpacha.

Féach ar staitisticí mionsonraithe na Cúirte Ginearálta



# Comhaltaí na Cúirte Ginearálta

Tá an Chúirt Ghinearálta comhdhéanta de bheirt bhreithiúna ó gach Ballstát.

Roghnaítear breithiúna na Cúirte Ginearálta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu an ábaltacht is gá chun feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú. Is iad rialtais na mBallstát a cheapann, de thoil a chéile, na breithiúna, tar éis dóibh dul i gcomhairle le painéal a bhfuil an cúram air tuairim a thabhairt maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí. Is téarma oifige 6 bliana a bhíonn acu, agus is téarma inathnuaite an téarma sin. Ainmníonn siad Uachtarán agus Leas-Uachtarán as a measc féin ar feadh théarma 3 bliana. Ainmníonn siad an Cláraitheoir ar feadh théarma oifige 6 bliana.

Feidhmíonn na Breithiúna a ndualgais ar mhodh atá go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách.

**Ceapadh beirt chomhaltaí nua sa Chúirt Ghinearálta i mí an Mheithimh 2025: na Breithiúna Jörgen Hettne (an tSualainn) agus Danutė Jočienė (an Liotuáin), a tháinig i gcomharbas, faoi seach, ar Fredrik Schalin, a ceapadh mar bhreitheamh sa Chúirt Bhreithiúnais in 2024 agus Rimvydas Norkus, a ceapadh mar abhcóide ginearálta sa Chúirt Bhreithiúnais in 2024.**

**Tháinig triúr comhaltaí nua isteach i Meán Fómhair 2025 mar gheall ar an athnuachan pháirteach: na Breithiúna Francesco Bestagno (an Iodáil) agus Raffaella Pezzuto (an Iodáil), a tháinig i gcomharbas ar Roberto Mastroianni agus Ornella Porchia, chomh maith leis an mBreitheamh Tanja Pavelin (an Chróit), a tháinig i gcomharbas ar Vesna Tomljenović.**





**M. Stancu**
Breitheamh



**I. Nõmm**
Breitheamh



**G. Steinfatt**
Breitheamh



**T. Perišin**
Breitheamh



**D. Petrlík**
Breitheamh



**M. Brkan**
Breitheamh



**P. Zilgalvis**
Breitheamh



**I. Dimitrakopoulos**
Breitheamh



**D. Kukovec**
Breitheamh



**T. Tóth**
Breitheamh



**B. Ricziová**
Breitheamh



**E. Tichy-Fisslberger**
Breitheamh



**W. Valasidis**
Breitheamh



**S. Verschuur**
Breitheamh



**L. Spangsberg Grønfeldt**
Breitheamh



**H. Cassagnabère**
Breitheamh



**R. Meyer**
Breitheamh



**J. Hettne**
Breitheamh



**D. Jočienė**
Breitheamh



**F. Bestagno**
Breitheamh



**R. Pezzuto**
Breitheamh



**T. Pavelin**
Breitheamh



**V. Di Bucci**
Cláraitheoir

An t-ord prótacail amhail an 16/09/2025

# C. Cásdlí in 2025

## Fócas Saoránacht an Aontais agus na 'pasanna órga'

Breithiúnas in *an Coimisiún* v *Málta (Saoránacht trí infheistíocht)* (C-181/23)

Ó 2024 i leith, bhí Málta ag tabhairt isteach sásraí lenar ceadaíodh do náisiúnaigh tríú tír náisiúntacht Mhálta a fháil ar ranníocaíochtaí airgeadais agus infheistíochtaí. In 2020, cuireadh scéim 'Saoránacht Mhálta trí Eadóirseacht as Seirbhísí Eisceachtúla trí Infheistíocht Dhíreach' in ionad na socruithe sin. Tríd an scéim sin, bhí cead ag infheisteoirí ó thír eile, chomh maith lena dteaghlach, náisiúntacht Mhálta a fháil trí shuimeanna suntasacha airgid a íoc don Stát, réadmhaoin a cheannach nó a thógáil ar cíos i Málta, tabhartas d'eagraíocht cheadaithe agus ceangaltas i leith cónaí dlíthiúil, a d'fhéadfaí an fad a laghdú dá ndéanfaí íocaíocht sa bhreis.

Mheas an Coimisiún Eorpach gur chruthaigh an scéim deacrachtaí maidir le dlí an Aontais de bharr go dtugtar saoránacht an Aontais do dhuine má fhaigheann siad náisiúntacht i mBallstát. Dar leis an gCoimisiún, bhí an scéim nua a chuir Málta i bhfeidhm in 2020 bunaithe go bunúsach ar loighic idirbheartaíochta. Bhí na coinníollacha airgeadais ina ngnéithe lárnacha den scéim, agus leis an gceanglas cónaí dhlíthiúil níor éilíodh fíorláithreacht fhadtéarmach i Málta. Léiríodh leis an bhféidearthacht laghdú suntasach a dhéanamh ar an tréimhse cónaí ar íocaíocht níos airde nach raibh an nasc idir an t-iarratasóir agus an Ballstát ina chritéar cinntitheach chun náisiúntacht a dheonú. Da réir sin chinn an Coimisiún nach raibh sa scéim ach tráchtálú ar shaoránacht an Aontais, a chuaigh i gcoinne nádúr an stádais sin.

Tharchuir an Coimisiún an cás chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus mheabhraigh an chúirt sin gurb é saoránacht an Aontais stádas bunúsach náisiúnaigh na mBallstát. Leis an stádas sin tugtar cearta agus forchuirtear dualgais agus tá sé bunaithe ar chaidreamh speisialta dlúthpháirtíochta agus macántachta idir an Stát agus a náisiúnaigh. Tá an caidreamh sin ina bhunús freisin don fhrithmhuinín idir na Ballstáit a rialaigh bunú shaoránacht an Aontais le glacadh Chonradh Maastricht, lena n-aithníonn gach Ballstát tionchar chinntí na mBallstát eile in ábhair a bhaineann le náisiúntacht.

Faoin scéim, thug an Chúirt faoi deara gur bhraith deonú náisiúntachta Máltaí ar choinníollacha airgeadais réamhshocraithe a chomhlíonadh agus de bharr nár ceanglaíodh go dtaispeánfadh an t-iarratasóir fíorchónaí ar feadh tréimhse ar leith i Málta, ní raibh fíor-lánpháirtiú i sochaí Mhálta i gceist leis an gceangal cónaí. Thug an Chúirt faoi deara freisin nach bhféadfaí amhras a chaitheamh ar an méid sin leis na seiceálacha slándála agus cúlra arna ndéanamh ag Málta, de bharr nach ndearnadh leis na seiceálacha sin ach rioscaí áirithe don leas poiblí a chosc.

Chinn an Chúirt go ndéantar neamhaird de bhun nádúr shaoránacht an Aontais le scéim eadóirseachta bunaithe ar nós imeachta idirbheartaíochta. Trí náisiúntacht a bhronnadh ar dhuine, agus saoránacht Eorpach dá bharr, go príomha mar chúiteamh ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhshocraithe, gan fíornasc dlúthpháirtíochta

agus dílseachta idir an Ballstát agus an t-iarratasóir eadóirseachta, baineann an Ballstát den fhrithmhuinín ar a bhfuil an tAontas bunaithe.

Tríd an tsaoránacht sin a bhunú agus a chur chun feidhme le scéim infheistíochta, níor chomhlíon Málta a oibleagáidí mar Bhallstát agus sháraigh sé prionsabal an chomhair dhílis.

**Cad é saoránacht an Aontais Eorpaigh?**

Is é saoránacht an Aontais ceann de bhunghnéithe an tionscadail Eorpaigh. Tugadh isteach é le Conradh Maastricht agus cumhdaítear anois é in Airteagal 20 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Tugtar comhstádas do náisiúnaigh uile na mBallstát leis, lena gcuirtear le saoránacht náisiúnta gan dul ina ionad. Bronntar leis an stádas sin cearta suntasacha, amhail an ceart chun saorghluaiseachta agus cónaí sna Ballstáit, an ceart vótála agus chun seasamh i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha sa Stát cónaithe, agus an ceart chun cosanta daonlathaí agus consalaí na mBallstát eile i dtríú tíortha.

Tá saoránacht an Aontais bunaithe ar an dlúthpháirtíocht agus an fhrithmhuinín idir na Ballstáit agus a náisiúnaigh. Deonaítear an tsaoránacht go huathoibríoch má tá stádas náisiúnaigh Ballstáit, stádas atá bunaithe ar chaidreamh speisialta dlúthpháirtíochta agus dílseachta idir Ballstát agus a náisiúnaigh. Is é an caidreamh speisialta sin lena dtugtar údar cuí do chearta a dheonú a bhaineann le saoránacht an Aontais ar féidir a fheidhmiú ar fud an Aontais.

## Saoránacht an Aontais i gcásdlí na Cúirte

Ónar tugadh isteach é le Conradh Maastricht (1993), rinneadh raon feidhme shaoránacht an Aontais a shoiléiriú de réir a chéile le cásdlí na Cúirte Breithiúnais. Ó bhreithiúnas *Martínez Sala* (C-85/96), aithníonn an Chúirt go gceadaítear le saoránacht an Aontais, i gcásanna áirithe, brath go díreach ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta. Daingníodh an fhorbairt sin sa bhreithiúnas in *Grzelczyk* (C-184/99), inar chinn an Chúirt gurb í saoránacht an Aontais ‘stádas bunúsach’ náisiúnaigh na mBallstát, lenar sonraíodh cor cinniúnach siombalach agus dlí i lánpháirtiú na hEorpa.

Rinne an Chúirt raon agus srianta an stádais sin a shoiléiriú ina dhiaidh sin. Sa bhreithiúnas in *Rottmann* (C-135/08), chinn an Chúirt nach mór do chinntí náisiúnta ar náisiúntacht a chailleadh, i gcás go mbaineann siad le saoránacht an Aontais a chailleadh, prionsabal na comhréireachta a urramú. Tamall ina dhiaidh sin, sa bhreithiúnas in *Zambrano* (C-34/09), dheimhnigh an Chúirt nach mór go mbeadh leanbh mionaoiseach atá ina náisiúnach de Bhallstát agus saoránach den Aontas dá bharr in ann substaint na gceart a bhaineann leis an stádas sin a fheidhmiú. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí cead cónaithe a dhiúltú do thuismitheoirí an linbh sin, atá ina náisiúnaigh tríú tír. Gan cead cónaithe mar sin, bheadh ar an leanbh críoch an Aontais a fhágáil chun dul leis na tuismitheoirí agus mar sin bhainfí substaint na gceart ón leanbh a bhronntar le saoránacht an Aontais.

Ar an mbealach céanna, sa bhreithiúnas in *Stolichna obshtina, rayon « Pancharevo »* (C-490/20), chinn an Chúirt go bhfuil sé d’oibleagáid ar an mBallstát, chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, an gaol idir tuismitheoir agus

leanbh a bunaíodh go dleathach i mBallstát eile le beirt den ghnéas céanna a aithint ionas go mbeidh an leanbh in ann na cearta a bhaineann le saoránacht an Aontais a fheidhmiú, go háirithe an ceart chun saorghluaiseachta. Cumhdaigh an Chúirt mar sin sa bhreithiúnas sin coincheap na saoránachta Eorpaí a fheidhmítear go sonrach tríd an gceart chun gnáthshaol teaghlaigh a bheith ag duine.

Ar deireadh, níos déanaí ná sin, sa bhreithiúnas in *Udlændinge- og Integrationsministeriet* (C-689/21), dheimhnigh an Chúirt, cé go bhfuil na Ballstáit fós inniúil maidir le cúrsaí náisiúntachta, ní mór dóibh an inniúlacht sin a fheidhmiú ar bhealach nach gcuirfeadh isteach go díréireach ar shubstaint na gceart a bhronntar le saoránacht den Aontas, ag cur béim arís ar nádúr lárnach agus cosantach an stádais sin san Aontas.

**Tá na cearta seo a leanas ag saoránach den Aontas:**

- Gluaiseacht, cónaí, obair nó staidéar go saor i mBallstát eile;
- Vótáil agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha ina Stát cónaithe;
- Achainí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa nó tionscnamh ó na saoránaigh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh;
- Gearán a chur chuig an tOmbudsman Eorpach tar éis gníomh drochriaracháin institiúide den Aontas;
- Cosaint chonsalach a fháil o Bhallstát eile i gcás nach bhfuil ionadaíocht ag Ballstát féin an duine i dtríú tír;
- Rochtain ar dhoiciméid Institiúidí an Aontais a iarraidh;
- Teagmháil a dhéanamh le hInstitiúidí an Aontais i gceann dá rogha de na 24 theanga oifigiúla



# **Fócas** An Treoir maidir le Pá Íosta sa Chúirt Bhreithiúnais

An breithiúnas in *an Danmhairg* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle (pá íosta leordhóthanach)* (C-19/23)

Le Treoir (AE) 2022/2041, a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i Meán Fómhair 2022, déantar iarracht coinníollacha maireachtála agus oibre oibrithe a fheabhsú san Aontas Eorpach. Bunaítear leis creat chun leordhóthanacht pá íosta reachtúil a chur chun cinn i gcás ina bhfuil ann dóibh agus chun ról na cómhargála maidir le socrú pá a neartú. Mínítear sa Treoir, a glacadh de bhun Airteagal 153(1)(b) CFAE, a bhaineann le coinníollacha oibre, go n-urramaítear cumhacht na mBallstát pá a shocrú agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

Chuir an Danmhairg, le tacaíocht ón tSualainn, i gcoinne inniúlacht an Aontais idirghabháil a dhéanamh sa réimse seo. Mheas an Danmhairg, cé go raibh cuma an nós imeachta ar an Treoir, i ndáiríre tugadh deis leis don Aontas idirghabháil a dhéanamh i gcúrsaí socraithe pá. Dar leis an Danmhairg, áfach, tá an réimse sin eisiata go sonrach ó chumhachtaí an Aontais faoi Airteagal 153(5) CFAE. Mhaígh an Danmhairg freisin gur baineadh le roinnt de na hoibleagáidí arna bhforchur ar na Ballstát den cheart comhlachais agus samhail na Danmhairge de chaidrimh phroifisiúnta, bunaithe ar neamhspleáchas leathan na gcomhpháirtithe sóisialta.

Mheabhraigh an Chúirt nach féidir leis an Aontas gníomhú ach laistigh de na cumhachtaí teoranta a mbronntar air leis na Conarthaí. Mhínigh sí go bhfuil sé i gceist leis an eisiamh a bhaineann le ‘pá’ cosc a chur ar aon chomhchuibhiú díreach ar leibhéal an phá ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, ní féidir an t-eisiamh sin a léirmhíniú chomh leathan sin go ndéanfaí cumhachtaí an Aontais i réimse an bheartais shóisialta, go háirithe chun coinníollacha oibre a fheabhsú, a fhágáil gan chiall.

Rialaigh an Chúirt nach mbunaítear leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas ná leibhéal comhchuimsitheach pá san Aontas. Go bunúsach, ní dhéantar ach na híosriachtanais nós imeachta a leagan síos, rud a fhágann go bhfuil rogha leathan ag na Ballstáit agus iad ag cinneadh agus ag nuashonrú a bpá íosta.

Maidir le cur chun cinn na cómhargála, thug an Chúirt faoi deara nach gcuireann an treoir aon oibleagáid i bhfeidhm toradh sonrach a bhaint amach. Ní cheanglaítear ar Bhallstáit nach gcumhdaítear níos lú ná 80 % de na hoibrithe iontu le cómhargáil ach creat a chruthú atá fabhrach do mhargáil den sórt sin agus, dá réir sin, plean gníomhaíochta a ghlacadh chun a leithéid de mhargáil a spreagadh. Is oibleagáidí maidir le modhanna iad na hoibleagáidí a leagtar síos, lena n-urramaítear éagsúlacht na dtraidisiún náisiúnta agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, toisc nach gcuirtear leis an treoir, go háirithe, aon oibleagáid ar na Ballstáit sin leibhéal íosta cumhdaigh a bhaint amach.

Mar sin féin, rialaigh an Chúirt gur sháraigh forálacha áirithe den Treoir maidir le pá íosta an creat nós imeachta. Mheas an Chúirt gurb ionann a cheangal ar na Ballstáit critéir shonracha a chur san áireamh agus pá íosta comhchoiteann reachtúil á leagan síos agus á nuashonrú acu, mar shampla costas maireachtála, an leibhéal ginearálta pá nó táirgiúlacht, agus gnéithe áirithe den phá íosta comhchoiteann reachtúil a chomhchuibhiú.

Tháinig sí ar an gconclúid chéanna maidir leis an bhforáil den treoir sin lena gcuirtear cosc ar aon laghdú ar phá íosta reachtúil i gcás ina bhfuil siad faoi réir córais innéacsaithe uathoibríoch. Is ionann na forálacha sin, dá bhrí sin, agus cur isteach díreach ar chinneadh an phá. Mar sin, chuir an Chúirt ar neamhní forálacha na treorach a bhaineann le cur isteach díreach den sórt sin ag an Aontas ar shocrú an phá agus a sháraíonn, dá bhrí sin, na cumhachtaí a bhronntar uirthi leis na Conarthaí. Dhiúltaigh sí do chuid eile chaingean na Danmhairge.

Rinne an Chúirt, dá bhrí sin, an chothromaíocht idir inniúlacht an Aontais sa bheartas sóisialta agus an t-eisiamh a bhaineann le pá a shoiléiriú, ag deimhniú go bhféadann an tAontas creat nósanna imeachta a rialáil agus an chómhargáil a chur chun cinn gan idirghabháil dhíreach a dhéanamh i socrú pá.

**Cad a fhoráiltear in Airteagal 153 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)?**

Sainmhínítear in Airteagal 153 CFAE na réimsí inar féidir leis an Aontas Eorpach tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus í a chomhlánú i réimse an bheartais shóisialta. Go háirithe, ceadaíonn sé don Aontas treoracha a ghlacadh a leagann síos íosriachtanais i réimsí amhail coinníollacha oibre, cosaint oibrithe, comhionannas inscne agus faisnéis agus comhairliúchán oibrithe.

Mar sin féin, leagtar síos san airteagal sin teorainneacha soiléire ar ghníomhaíocht an Aontais. Le mír 5 eisiatar go sainráite ábhair áirithe ó raon feidhme chumhachtaí an Aontais, go háirithe pá, an ceart comhlachais, an ceart stailce agus an ceart trádbhlocála. Is é is aidhm don eisiamh sin ná neamhspleáchas na mBallstát agus na gcomhpháirtithe sóisialta a chaomhnú i réimsí a mheastar a bheith riachtanach dá dtraidisiúin shóisialta agus bhunreachtúla. Sonraítear i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais, cé go bhféadfaidh an tAontas rialacha a ghlacadh a mbíonn tionchar indíreach acu ar phá, nach féidir leis idirghabháil go díreach i socrú pá.

## Treoir (AE) 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach

Tá sé mar aidhm ag Treoir (AE) 2022/2041 coinníollacha maireachtála agus oibre a fheabhsú san Aontas Eorpach trí neartú a dhéanamh ar an gcosaint a thugtar le pá íosta leordhóthanach. Ní leagtar síos leis an treoir pá íosta Eorpach ná ní shocraítear leis leibhéal aonfhoirmeach pá. Is é an cuspóir atá leis an treoir ná creat a bhunú lena gcinntítear, i gcás go bhfuil pá íosta ann, caighdeán maireachtála sásúil, agus urraim á tabhairt do thraidisiúin náisiúnta agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

Is trí fhorálacha nós imeachta a bhaintear amach na cuspóirí sin go príomha leis an treoir. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar na Ballstáit a bhfuil reachtaíocht acu lena leagtar síos **pá íosta reachtúil** go gcuirfidís **nósanna imeachta soiléire agus trédhearcacha** ar bun chun é a shocrú agus a nuashonrú.

Cuirtear leis an g**cómhargáil chun cinn freisin**, a mheastar a bheith ina príomhfhachtóir chun pá leordhóthanach a chinntiú, go háirithe trí chuireadh a thabhairt do na Ballstáit sin ina bhfuil an cumhdach ar oibrithe a bhaineann tairbhe as cur i bhfeidhm comhaontuithe comhchoiteanna íseal, bearta a ghlacadh a chuireann an t-idirphlé sóisialta chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm ag an treoir cóineasú sóisialta a neartú laistigh den Aontas gan cur isteach ar inniúlacht na mBallstát maidir le pá a shocrú.

## An pá íosta i gcásdlí na Cúirte

Fiú sular tháinig an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach i bhfeidhm, bhí deis ag an gCúirt cásdlí substaintiúil a fhorbairt maidir le pá íosta. Sonraíodh raon feidhme na gcumhachtaí náisiúnta agus na gceanglas faoi dhlí an Aontais i roinnt breithiúnas.

Bhí ról lárnach ag cásanna a bhaineann le hoibrithe a phostú. Sa bhreithiúnas in *Laval* (C-341/05), shoiléirigh an Chúirt raon feidhme na 'rátaí íosphá' is féidir a fhorchur ar chuideachtaí eachtracha a phostálann oibrithe, ag cur béim ar an ngá atá le bonn dlíthiúil soiléir agus le trédhearcacht leordhóthanach d'oibreoirí eacnamaíocha.

Baineann réimse tábhachtach eile den chásdlí leis an ngaol idir an pá íosta agus rialacha an tsoláthair phoiblí. Sa bhreithiúnas in *Bundesdruckerei* (C-549/13), scrúdaigh an Chúirt comhoiriúnacht oibleagáide cloí le pá íosta socraithe ag reachtaíocht an stáit óstaigh i gconradh poiblí a chuirtear i gcrích i bpáirt thar lear, ag cur béim ar an gceanglas comhréireachta maidir le bearta den sórt sin i ndáil le saoirse soláthair seirbhísí. Mar sin féin, sa bhreithiúnas in *RegioPost* (C-115/14), ghlac an Chúirt leis go bhféadfaidh údaráis chonraitheacha comhlíonadh conartha phoiblí a dhéanamh faoi réir pá íosta a leagtar síos le dlí nó le rialachán, ar an gcoinníoll go bhfuil cuspóir dlisteanach sóisialta ag an gceanglas sin agus go gcuirtear i bhfeidhm é ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

Ar deireadh, shoiléirigh an Chúirt freisin coincheap an 'rata pá íosta' i gcomhthéacs na Treorach maidir le hOibrithe a Phostú, go háirithe sa bhreithiúnas in *Sähköalojen ammattiliitto* (C-396/13), trí na gnéithe de phá a chumhdaítear leis an gcoincheap sin a shonrú.

Is é an cásdlí seo ar fad atá mar bhunús don dlíthíocht reatha a bhaineann leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas. Cuirtear ar fáil leis creat don rogha atá ag na Ballstáit, agus é ag cinntiú éifeachtúlacht na saoirsí bunúsacha a ráthaítear le Conradh FAE.



# **Fócas** Rochtain ar theachtaireachtaí téacs a malartaíodh idir Uachtarán an Choimisiúin agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pfizer

Breithiúnas *Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún* (T-36/23)

Is prionsabal bunúsach den Aontas Eorpach é an trédhearcacht sa saol poiblí. Dá bhrí sin, féadfaidh aon saoránach den Aontas nó aon duine dlíthiúil rochtain a fháil ar dhoiciméid na Parlaiminte, an Choimisiúin nó na Comhairle. Rialaítear an rochtain le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

Is é an téacs seo an bonn dlíthiúil do cheart an phobail rochtain a fháil ar dhoiciméid atá i seilbh na n-institiúidí seo de chuid an Aontais Eorpaigh agus is é an cuspóir is mó atá leis ná trédhearcacht a neartú mar choinníoll riachtanach do dhaonlathas na hEorpa agus do dhlisteanacht ghníomhaíochtaí an Aontais. Baineann an phrionsabal trédhearcachta go hiomlán le gníomhaíochtaí na n-institiúidí, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad i bhfoirm cumarsáid nua-aimseartha amhail teachtaireachtaí téacs.

I mBealtaine 2022, d'iarr Stevi, iriseoir leis an *New York Times*, rochtain ar theachtaireachtaí téacs a malartaíodh idir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus ceannaire na cuideachta cógaisíochta Pfizer i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta ar chonarthaí vacsaíne COVID-19.

Dhiúltaigh an Coimisiún Eorpach don iarratas seo, ag rá nach raibh na teachtaireachtaí a iarradh ina seilbh aige. Dar leis an gCoimisiún, ní doiciméid a bheadh á sealbhú ag an institiúid na teachtaireachtaí téacs a malartaíodh agus dá bhrí sin níorbh fhéidir iad a nochtadh.

Thionscain Stevi caingean sa Chúirt Ghinearálta. Thosaigh an Chúirt Ghinearálta trí phrionsabal bunúsach a mheabhrú: is é is aidhm don cheart rochtana ar dhoiciméid an trédhearcacht is mó is féidir a áirithiú i ngníomhaíocht na n-institiúidí Eorpacha. Nuair a mhaíonn institiúid nach bhfuil doiciméad ina seilbh aici, glactar leis an ráiteas sin, go bunúsach, a bheith cruinn. Mar sin féin, is féidir an pointe seo a cheistiú má sholáthraíonn an t-iarratasóir fianaise dháiríre a léiríonn go raibh ann do na doiciméid.

Sa chás seo, mheas an Chúirt Ghinearálta gurbh amhlaidh an scéal. Thug sí faoi deara go raibh tagairt do theagmhálacha díreacha, lena n-áirítear trí theachtaireacht téacs, idir an bheirt oifigeach tráth na hidirbheartaíochta, i roinnt foinsí poiblí, lena n-áirítear ailt nuachtáin, ráitis ó Uachtarán an Choimisiúin agus tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Ba leor an méid sin chun a léiriú gurbh ann do na teachtaireachtaí, tráth éigin ar a laghad.

I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart go mbeadh míniú soiléir mionsonraithe curtha ar fáil ag an gCoimisiún maidir leis an gcúis nach bhféadfaí na teachtaireachtaí a aimsiú. Mar sin féin, dar leis an gCúirt Ghinearálta, níor

sholáthair an Coimisiún a leithéid de mhíniú. Ní dhearna sé ach a rá go ndearnadh cuardaigh, gan a shonrú cá háit, conas ná ar cad iad na meáin, ná an raibh na teachtaireachtaí scriosta, curtha i gcartlann nó aistrithe nuair a cuireadh gutháin nua ina n-ionad.

Thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara nach féidir an ceart chun na trédhearcachta a fhágáil gan brí mura ndéantar doiciméid a choinneáil. Tá oibleagáid ar na hInstitiúidí a gcuid doiciméad a bhainistiú ar bhealach dáiríre agus intuartha, ionas gur féidir leis an bpobal a ngníomhaíochtaí a thuiscint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Ní féidir neamhaird a dhéanamh de mhalartuithe a bhaineann le cinntí tábhachtacha, amhail ceannach vacsaíní don Aontas ar fad, díreach toisc gur i bhfoirm teachtaireachtaí téacs a bhí siad.

Agus í ag tabhairt faoi deara nár sholáthair an Coimisiún míniú leordhóthanach maidir le cinniúint na dteachtaireachtaí a iarradh, rialaigh an Chúirt Ghinearálta go raibh an diúltú rochtana neamhdhleathach. Dá bhrí sin, chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh faoi chonspóid ar neamhní.

**Nós imeachta soiléir**

Le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2011 bunaítear nós imeachta soiléir, lena n-éilítear cinneadh réasúnaithe ón institiúid agus an fhéidearthacht athbhreithniú inmheánach a dhéanamh air, agus athbhreithniú breithiúnach ina dhiaidh sin. Tugtar leis an Rialachán bealach do shaoránaigh chun gníomhaíochtaí na n-institiúidí a thuiscint, a mhonatóireacht agus, nuair is gá, díospóid a thabhairt in aghaidh a ngníomhaíochtaí.

Cé go bhfuil eisceachtaí ann chun leasanna íogaire poiblí nó príobháideacha a chosaint, rialaítear a n-úsáid go docht leis an Rialachán trí léirmhíniú sriantach a fhorchur ar na heisceachtaí sin, trí chúiseanna sonracha a thabhairt ar dhiúltuithe agus trí scrúdú córasach a dhéanamh ar an bhféidearthacht rochtain pháirteach a dheonú.

Daingnítear an cur chuige sin le cásdlí an Aontais trína dhearbhú go gcaithfidh an trédhearcacht a bheith i réim, go háirithe i bpróisis reachtacha, chun smacht daonlathach a chinntiú.

Óna rialú sa chás *an tSualainn agus Turco* v *an Chomhairle* (C-39/05 P), cás achomhairc, leag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh síos bunchlocha an chur chuige seo trí éileamh a dhéanamh ar scrúdú nithiúil agus aonair a dhéanamh ar iarratais ar rochtain ar chomhairle dlí na Comhairle agus trí aon loighic rúndachta uathoibrí do dhoiciméid reachtacha a dhiúltú, agus ar an gcaoi sin an prionsabal a dhaingniú gurb í an trédhearcacht an riail agus gurb í an rúndacht an eisceacht. Daingníodh an cur chuige sin le breithiúnas *De Capitani* v *an Pharlaimint* (T-540/15), inar chuir an Chúirt Ghinearálta as an áireamh rúndacht chórasach doiciméad tríthaobhach (i.e. cruinnithe agus malartuithe tríthaobhacha idir na trí institiúid a bhíonn páirteach sa phróiseas reachtach), agus shonraigh sí nach féidir an eisceacht a bhaineann le cosaint an phróisis cinnteoireachta a úsáid chun gnáthfheidhmiú reachtas an Aontais a cheilt. Le déanaí, sa bhreithiúnas in *Kaili* v *an Pharlaimint* (T-1031/23, a bhí mar achomharc sa Chúirt Bhreithiúnais, C-632/25 P), chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní cinneadh na Parlaiminte a dhiúltaigh rochtain a thabhairt dá hiarLeas-Uachtarán ar dhoiciméid áirithe. Dá bhrí sin, dheimhnigh sé an ceanglas maidir le grinnscrúdú dian agus aonair ar dhiúltuithe rochtana agus raon feidhme praiticiúil an chirt chun trédhearcachta, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna institiúideacha íogaire.

# **Fócas** Sochaí Faisnéise: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus na hardáin an-mhór ar líne

Tá ról lárnach ag an Aontas Eorpach i bhforbairt na sochaí faisnéise, d'fhonn timpeallacht a chruthú atá fabhrach don nuálaíocht agus don iomaíochas agus, ag an am céanna, cearta tomhaltóirí a chosaint agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Leagtar amach na prionsabail sin sa Ghníomh um Margaí Digiteacha (DMA), Rialachán (AE) 2022/1925 agus Rialachán (AE) 2022/2065. Is pacáiste mór reachtaíochta iad lena mbeartaítear an spás digiteach Eorpach a leagan amach le dhá chuspóir.  Sa chéad áit, cosaint éifeachtach chearta bunúsacha na n-úsáideoirí agus na dtomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach a áirithiú; sa dara háit, cothrom iomaíochta a chruthú idir gníomhaithe eacnamaíocha, go háirithe i bhfianaise cumhacht mhéadaitheach roinnt ardáin dhigiteacha mhóra. Le chéile, is céim chinntitheach iad an dá rialachán seo i dtógáil creat rialála Eorpach don earnáil dhigiteach.

In 2025, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta na chéad bhreithiúnais i gcaingne a tionscnaíodh i gcoinne cinntí ón gCoimisiún lenar cuireadh DSA chun feidhme.

## Na chéad bhreithiúnais maidir le DSA

An breithiúnas in *Zalando* v *an Coimisiún* (T-348/23)

I mí Aibreáin 2023, d'ainmnigh an Coimisiún Eorpach an miondíoltóir ar líne Zalando mar 'ardán an-mhór ar líne' faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha (DSA). Úsáideann níos mó ná 83 mhilliún duine a sheirbhísí gach mí agus mar sin sáraíonn an t-ardán an tairseach 45 mhilliún a leagtar síos sa Rialachán. Mar sin féin, chuir Zalando i gcoinne an ainmniúcháin seo, ag maíomh go raibh botúin ríofa déanta ag an gCoimisiún.

**Dhiúltaigh** an Chúirt Ghinearálta don chaingean. Dheimhnigh sí go bhfuil Zalando ina ardán ar líne go deimhin, óir óstálann sé díoltóirí tríú páirtí trína 'Partner Programme', fiú mura dtagann a ghníomhaíocht díolacháin dhírigh féin ('Zalando Retail') faoin gcatagóir sin. D'fhéadfadh an Coimisiún a mheas go raibh úsáideoirí uile nochtaithe d'fhaisnéis ó dhíoltóirí tríú páirtí. Dhiúltaigh an Chúirt freisin do na hargóintí a bhí bunaithe ar shárú phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla, na córa comhionainne agus na comhréireachta, agus meabhraíodh di go gcaithfidh ard-oibleagáidí a bheith i bhfeidhm maidir le hardáin den sórt sin chun na rioscaí a bhaineann le dáileadh táirgí contúirteacha nó neamhdhleathacha a theorannú.

Na breithiúnais in *Meta Platforms Ireland* v *an Coimisiún* agus *Tiktok Technology* v *an Coimisiún* (T-55/24 agus T-58/24)

Chuir an Chúirt Ghinearálta **ar neamhní** na cinntí lenar leag an Coimisiún Eorpach síos an táille mhaoirseachta is iníoctha ag Facebook, Instagram agus TikTok mar 'ardáin an-mhór ar líne' do 2023 faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA). Rialaigh an Chúirt gur cheart go mbeadh an modh a úsáideadh chun an táille a ríomh, bunaithe ar an meánlíon úsáideoirí míosúla, glactha le gníomh tarmligthe agus ní le cinntí cur chun feidhme simplí, toisc gur gné bhunúsach den ríomh é. Mar sin féin, ós rud é nach raibh aon earráid a ndearnadh dochar d'oibleagáid na n-ardán sin an táille a íoc, d'fhág an Chúirt **i bhfeidhm go sealadach iarmhairtí na gcinntí a cuireadh ar neamhní**, go dtí go nglacfaidh an Coimisiún le modheolaíocht atá comhréireach agus le cinntí nua. Ní fhéadfaidh an tréimhse idirthréimhse a bheith níos faide ná 12 mhí tar éis do na breithiúnais a bheith críochnúil, áfach.

An breithiúnas in *Amazon EU* v *an Coimisiún* (T-367/23)

**Dhiúltaigh** an Chúirt Ghinearálta do chaingean Amazon le haghaidh neamhniú  ar chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh lenar ainmníodh ardán Amazon Store mar 'ardán an-mhór ar líne' faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), lena bhforchuirtear oibleagáidí feabhsaithe ar sheirbhísí a bhfuil níos mó ná 45 mhilliún úsáideoir san Aontas acu. Mhaígh Amazon gur sáraíodh roinnt buncheart a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an chomhionannas os comhair an dlí, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus faisnéis rúnda. Chinn an Chúirt Ghinearálta, áfach, go bhfuil na hoibleagáidí a fhorchuirtear le DSA, cé go bhféadfadh costais a bheith ag baint leo agus go mbíonn tionchar acu ar eagrú an ardáin, leagtha síos faoin dlí, agus go bhfuil siad comhréireach agus intuigthe i bhfianaise an chuspóra leasa ghinearálta rioscaí sistéamacha a chosc a bhaineann le hardáin an-mhór, go háirithe scaipeadh ábhair mhídhleathaigh agus cosaint tomhaltóirí. Tháinig sí ar an gconclúid nach ndéanann na bearta atá faoi conspóid, amhail an rogha córais moltaí a dhéanamh gan phróifíliú, an clár poiblí d'fhógraí nó rochtain ar shonraí ag taighdeoirí, croílár na gceart a lagú, agus go dtagann bearta diana rúndachta agus slándála ina dteannta.

**An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)**

Is ionann DSA, atá i bhfeidhm ón 17 Feabhra 2024, agus DMA ó thaobh rialáil inneachair agus seirbhísí digiteacha. Is é is aidhm leis timpeallacht ar líne níos sábháilte, níos trédhearcaí agus níos intuartha a chruthú d'úsáideoirí Eorpacha. Déanann an rialachán an córas dliteanais do sholáthraithe seirbhíse idirghabhála a nuachóiriú agus cuirtear oibleagáidí feabhsaithe i bhfeidhm ar ardáin an-mhór ar líne agus ar innill chuardaigh mhóra. Baineann na hoibleagáidí sin le cur i bhfeidhm sásraí éifeachtacha chun déileáil le hábhar neamhdhleathach, measúnú agus laghdú rioscaí sistéamacha – amhail mífhaisnéis, sáruithe ar chearta bunúsacha nó rioscaí do chosaint mionaoiseach – agus trédhearcacht mhéadaithe i sásraí córas algartamach agus moltaí.

Dá bhrí sin, ní dhírítear ar na catagóirí gníomhaithe céanna in DMA agus DSA. Dírítear in DMA ar ardáin a fheidhmíonn cumhacht struchtúrach sa mhargadh inmheánach agus atá ina bpointe rochtana riachtanach a chuireann ar chumas na ngnóthas a n-úsáidtear iad teacht ar úsáideoirí deiridh. Clúdaítear in DSA, dá pháirt, raon níos leithne de ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí idirghabhála d'úsáideoirí Eorpacha, agus oibleagáidí thar a bheith dian á gcur ar ardáin agus ar innill chuardaigh an-mhór mar gheall ar an tionchar sistéamach a bhíonn acu ar an spás faisnéise agus eacnamaíoch.

Maidir le DSA, i gcinneadh a nuashonraíodh i mí na Nollag 2025, d'aithin an Coimisiún roinnt ardáin an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh atá faoi réir na n-oibleagáidí feabhsaithe faoin rialachán, lena n-áirítear Amazon, Apple, Booking.com, Google, LinkedIn, Meta, Microsoft, Pinterest, Snap, TikTok, X (Twitter roimhe seo), Wikimedia Foundation agus Zalando, chomh maith le roinnt oibreoirí eile atá gníomhach sa mhargadh Eorpach.


Gearradh fíneálacha suntasacha cheana féin de bharr chur i bhfeidhm an dá rialachán seo. An chéad fhíneáil faoi DSA, dar luach EUR 120 milliún, forchuireadh í ar ardán X an 5 Nollaig 2025 as mainneachtain roinnt oibleagáidí a leagtar síos sa rialachán a chomhlíonadh.

**Na príomhthéarmaí in DSA a thuiscint**

Is rialachán Eorpach é **an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha** atá dírithe ar sheirbhísí digiteacha a rialáil chun timpeallacht ar líne níos sábháilte, níos trédhearcaí agus níos cothroime a chinntiú. Seo a leanas roinnt mínithe simplí ar na príomh-choincheapa sa Ghníomh:

- **Ardán ar líne**: seirbhís dhigiteach lena gceadaítear d'úsáideoirí ábhar a fhoilsiú, a roinnt nó a fheiceáil (meáin shóisialta, margaí, ardáin físeán, etc.);
- **Ardán an-mhór ar líne (very large online platform, VLOP)**: ardán le níos mó ná 45 mhilliún úsáideoir gníomhach san Aontas Eorpach. De bharr an tionchair shuntasaigh a bhíonn acu ar an tsochaí, cuireadh oibleagáidí feabhsaithe ar na hardáin seo.
- **Inneachar neamhdhleathach**: aon ábhar a sháraíonn dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme (e.g. fuathchaint, táirgí neamhdhleathacha, sáruithe cóipchirt).
- **Modhnóireacht inneachair**: bearta arna ndéanamh ag ardáin chun inneachar achrannach a aimsiú, a mheasúnú agus, más gá, a bhaint nó srian a chur lena rochtain.
- **Trédhearcacht algartamach**: oibleagáid ar ardáin áirithe míniú a thabhairt, i dteanga shimplí, conas a oibríonn a chórais moltaí inneachair.

Trí na coincheapa seo, tá sé mar aidhm ag DSA úsáideoirí a chosaint níos fearr, ardáin mhóra a thabhairt chun cuntais agus muinín sa spás digiteach Eorpach a neartú.



# Súil siar ar phríomh-bhreithiúnais na bliana

## Saorghluaiseacht

**Ráthaíonn an tAontas Eorpach dá shaoránaigh an ceart saorghluaiseachta agus an ceart cónaithe laistigh de chríoch na mBallstát. Chun go mbeidh éifeacht leis an tsaoirse, ní mór do na Ballstáit aitheantas a thabhairt do chásanna pearsanta agus teaghlaigh a fuarthas go dleathach i mBallstát eile, agus ní mór iad a mheas i bhfianaise cearta bunúsacha atá cosanta ag an Aontas, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus teaghlaigh agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe.**

↘ D'iarr beirt saoránach Pholannacha a phós sa Ghearmáin go ndéanfaí a dteastas pósta a thras-scríobh i gclár sibhialta na Polainne ionas go n-aithneofaí a bpósadh sa Pholainn. Dhiúltaigh na húdaráis inniúla a dteastas pósta a thras-scríobh ar an mbonn nach gceadaíonn dlí na Polainne pósadh comhghnéis. Nuair a chuir an chúirt náisiúnta ceist faoi seo, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil sé contrártha do dhlí an Aontais diúltú aitheantas a thabhairt do phósadh bheirt saoránach den Aontas, a cuireadh i gcrích go dleathach i mBallstát eile inar fheidhmigh siad a saoirse gluaiseachta agus cónaithe, toisc go sáraíonn sé an tsaoirse sin agus an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus teaghlaigh. Dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt, chun na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú, don stádas pósta a fuarthas go dleathach i mBallstát eile. Mar sin féin, shonraigh an Chúirt nach gciallaíonn an oibleagáid seo go dtabharfaí pósadh comhghnéis isteach sa dlí náisiúnta. Ina theannta sin, tá lánrogha ag na Ballstáit maidir leis na socruithe a roghnú chun aitheantas a thabhairt ar a leithéid de phósadh. Mar sin féin, i gcás ina roghnaíonn Ballstát modh amháin a chur ar fáil chun aitheantas a thabhairt do phósadh a tugadh i gcrích i mBallstát eile, amhail tras-scríobh an deimhnithe pósta sa chlár sibhialta, tá sé de cheangal air an modh sin a chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach i leith póstaí comhghnéis agus póstaí idir daoine den ghnéas céanna araon.

Breithiúnas an 25 Samhain 2025 i gcás *Wojewoda Mazowiecki* (C-713/23)

# Cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú

**Tá creat dlíthiúil coiteann bunaithe ag an Aontas Eorpach chun cóir chomhionann a chinntiú agus chun an t-idirdhealú a chomhrac. Is iad Treoracha 2000/43/CE agus 2000/78/CE bunús an chreata sin: leis an gcéad cheann cuirtear cosc ar idirdhealú ar bhonn cine nó bunús eitneach, agus is é is aidhm don dara ceann comhionannas a bhaint amach san fhostaíocht agus sa ghairm. Leis na Treoracha cuirtear cosc ar gach idirdhealú díreach nó indíreach, faoi réir údaruithe áirithe a d'fhéadfadh a bheith ann, agus dá bhrí sin éilítear leo ar na Ballstáit cosaint éifeachtach agus chomhsheasmhach a chinntiú laistigh den Aontas.**

↘ D'iarr oibritheoir stáisiúin ar a fostóir arís agus arís eile go gceapfaí í i bpost le huaireanta oibre socraithe. Bhí a hiarratas bunaithe ar an ngá a bhí aici aire a thabhairt dá mac, a bhfuil faoi mhíchumas tromchúiseach agus riachtanais an-chuimsitheach speisialta aige. Rinne an fostóir athruithe sealadacha áirithe di. Mar sin féin, dhiúltaigh sé na socruithe a dhéanamh buan. Thug an t-oibritheoir dúshlán i gcoinne an diúltaithe agus tugadh an cás os comhair na Cúirte Uachtaraí um Achomharc Deiridh san Iodáil. Tharchuir an chúirt sin ceisteanna chuig an gCúirt Bhreithiúnais toisc go raibh amhras uirthi maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais ar an gcosaint in aghaidh idirdhealú indíreach i gcás fostaí a thugann aire dá leanbh mionaoiseach atá faoi mhíchumas tromchúiseach, gan bheith faoi mhíchumas é nó í féin. D'fhreagair an Chúirt trína rá go gcuimsíonn an cosc ar idirdhealú indíreach ar fhoras míchumais, faoi théarmaí na Treorach Réime maidir le cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa ghairm, fostaí atá faoi réir a leithéid d'idirdhealú freisin de bharr an chúnaimh a chuirtear ar fáil dá leanbh atá faoi mhíchumas.

Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2025 i gcás *Bervidi* (C-38/24)

↘ Tá sé mar aidhm ag Dlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí an céatadán de thithíocht phoiblí teaghlaigh i 'limistéir chlaochlaithe' a laghdú. Is saintréith de na limistéir sin go háirithe go bhfuil cion na 'n-inimirceach agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad ' os cionn 50 % le 5 bliana anuas. Faoin dlí sin, cuireadh deireadh le cuid de na léasanna ar thithíocht phoiblí teaghlaigh atá lonnaithe in dhá cheantar cónaithe i mbardais Slagelse agus Chóbanhávan, nó tá sé beartaithe deireadh a chur leo go luath amach anseo. Níl cúirt na Danmhairge atá ag éisteacht le díospóidí maidir leis na foircinn seo cinnte an gcruthaítear leis an reachtaíocht atá i gceist idirdhealú díreach nó indíreach ar fhoras tionscnaimh eitnigh. Ina breithiúnas, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais na cásanna a d'fhéadfadh a bheith ina n-idirdhealú ar fhoras tionscnaimh eitnigh. Thug an Chúirt faoi deara go bhfuil tionscnamh eitnigh bunaithe ar roinnt tosca. Ní leor critéar a thógtar ina aonar, amhail náisiúntacht nó tír bhreithe, chun ballraíocht i ngrúpa eitneach a chinneadh. Chun scrúdú a dhéanamh ar idirdhealú díreach a d'fhéadfadh a bheith ann, is faoin gcúirt náisiúnta a bheidh sé a chinneadh an bhfuil an critéar a bhaineann le cion na n-inimirceach agus a sliochtach bunaithe i ndáiríre ar thionscnamh eitneach fhormhór áitritheoirí na 'limistéir chlaochlaithe' agus, mar thoradh air sin, an bhfulaingíonn siad cóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna, amhail riosca méadaithe go gcuirfear deireadh leis na léasanna go luath. Má chinneann an chúirt náisiúnta go bhféadfadh idirdhealú indíreach a bheith i gceist, beidh uirthi a fhíorú an bhfuil údar leis mar sin féin. Go háirithe, ní mór di a chinntiú go saothraítear leis an dlí atá i gceist cuspóir ar mhaithe le leas an phobail ar bhealach comhréireach agus, go háirithe, go bhfuil meas ar an gceart bunúsach go n-urramófaí an áit chónaithe.

Breithiúnas an 18 Nollaig 2025 i gcás *Slagelse Almennyttige Boligselskab, Afdeling Schackenborgvaenge* (C-417/23)

## An smacht reachta

**Leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cosúil leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, déantar tagairt shainráite don smacht reachta mar cheann de chomhluachanna coiteanna na mBallstát de bhun Airteagal 2 CAE. Gnéithe bunriachtanacha den smacht reachta arb iad neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna.**

↘ In dhá bhreithiúnas, dhearbhaigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne go raibh forálacha áirithe de na Conarthaí, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais, ar neamhréir leis an mbunreacht náisiúnta agus cháiligh sí go sainráite cásdlí na Cúirte maidir leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil mar chásdlí a sháraíonn na cumhachtaí a thugtar di (*ultra vires*). Agus é den tuairim go sáraítear leis na breithiúnais sin roinnt prionsabail bhunúsacha de dhlí an Aontais, lena n-áirítear tosaíocht dhlí an Aontais, thug an Coimisiún Eorpach caingean mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i gcoinne na Polainne os comhair na Cúirte. Sheas an Chúirt leis an gcaingean sin agus chinn sí gur mhainnigh an Pholainn a hoibleagáidí a chomhlíonadh toisc gur sháraigh Cúirt Bhunreachtúil na Polainne prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí agus gur thug sí neamhaird ar thosaíocht, neamhspleáchas, éifeachtacht agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, chomh maith le héifeacht cheangailteach chinntí na Cúirte. Seasann an Chúirt freisin le caingean an Choimisiúin a mhéid a bhaineann sí le neamhrialtachtaí tromchúiseacha lena gcuirtear ceapachán triúr breithiúna de Chúirt Bhunreachtúil na Polainne agus an uachtaráin ó bhail, rud a chaitheann amhras ar stádas na cúirte bunreachtúla sin mar bhinse neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú le dlí de réir bhrí dhlí an Aontais.

Breithiúnas an 18 Nollaig 2025 i gcás *an Coimisiún* v *an Pholainn (Athbhreithniú ultra vires ar chásdlí na Cúirte – Tosaíocht dhlí an Aontais)* (C-448/23)

↘ Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta go gcaithfidh an Pholainn suim iomlán de thart ar EUR 320.2 milliún a íoc i bpionóis a ghearr Cúirt Bhreithiúnais an Aontais tar éis di diúltú leasuithe breithiúnacha áirithe ó 2019 a chur ar fionraí, leasuithe a bhí ag teacht salach ar dhlí an Aontais. Bhí íocaíocht pionóis de EUR 1 mhilliún in aghaidh an lae socraithe ag an gCúirt ó mhí na Samhna 2021, agus ansin laghdaigh sí sin go EUR 500 000 in aghaidh an lae i mí Aibreáin 2023, tar éis dlí Polannach a glacadh a chloígh go páirteach le cinneadh na Cúirte. Ós rud é nár íoc an Pholainn na suimeanna a bhí dlite, d'aisghabh an Coimisiún na pionóis trí iad a chur in aghaidh cistí Eorpacha ar cheart, i bprionsabal, a bhronnadh ar an bPolainn. Thug an Pholainn dúshlán in aghaidh sé chinneadh fritháirimh a chlúdaigh an tréimhse ón 15 Iúil 2022 go dtí an 4 Meitheamh 2023, ag maíomh gur cheart go mbeadh laghdú níos tapúla ar mhéid an phionóis mar chuid de na hathruithe reachtacha. Dhiúltaigh an Chúirt do na hargóintí sin ina n-iomláine, agus í den tuairim nár chealaigh cleachtas breithiúnach Chúirt Bhunreachtúil na Polainne ná dlí mhí an Mheithimh 2022 méid an phionóis, agus dúirt sí nach raibh tionchar ag an laghdú a d'ordaigh an Chúirt in Aibreán 2023 ach amháin ar an todhchaí. Fad nár chomhlíon an Pholainn go hiomlán agus fad a bhí feidhm fós ag an bpionós EUR 1 mhilliún, bhí sé de cheangal ar an gCoimisiún a chinntiú go ndéanfaí an tsuim a aisghabháil go hiomlán.

Breithiúnas an 5 Feabhra 2025 in *an Pholainn* v *an Coimisiún* (T-830/22 agus T-156/23, T-1033/23)

## Comhbheartas eachtrach agus slándála

**Mar ionstraim bhunriachtanach de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais Eorpaigh, úsáidtear bearta sriantacha nó 'smachtbhannaí' mar chuid de ghníomhaíocht chomhtháite chuimsitheach lena n-áirítear idirphlé polaitiúil. Úsáideann an tAontas iad, go háirithe chun luachanna, leasanna bunúsacha agus slándáil an Aontais a chosaint, chun coinbhleachtaí a chosc agus chun an tslándáil idirnáisiúnta a neartú. Is é is cuspóir do na smachtbhannaí athrú beartais nó iompair a spreagadh ó thaobh na ndaoine nó na n-eintiteas lena mbaineann, agus é mar aidhm leis sin cuspóirí CBES a chur chun cinn.**

↘ I ndiaidh fhogha míleata na Rúise ar an Úcráin in 2022, ghlac an tAontas Eorpach sraith beart sriantach. In 2023, leathnaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh na critéir chun díriú ar dhaoine aonair nó eintitis faoi na bearta sin. Le critéar nua, ceadaítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha d'eintitis atá gníomhach in earnáil teicneolaíochta faisnéise na Rúise a reo, eintitis a bhfuil ceadúnas arna eisiúint ag an Ionad um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rúin Stáit de chuid Sheirbhís Slándála Chónaidhme na Rúise (FSB) nó ceadúnas 'arm agus trealamh míleata' arna eisiúint ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise acu. Tá a leithéid de cheadúnas ag Positive Group PAO, cuideachta cibearshlándála Rúiseach, trína fochuideachta agus cuireadh é leis an liosta d'eintitis atá faoi smachtbhannaí. D'iarr an chuideachta go mbainfí den liosta í, ach dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá caingean. Mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh an critéar a úsáideadh soiléir, intuartha go dlíthiúil agus comhréireach leis na cuspóirí a bhí á n-iarraidh, is iad sin brú a chur ar Mhoscó agus srian a chur lena chumas cogadh a throid, lena n-áirítear i réimse na faisnéise. Bhí sé de cheart ag an gComhairle a mheas gur cheart díriú ar an gcuideachta de bharr a spleáchais ar cheadúnas FSB, cé go bhfuil an ceadúnas i seilbh a fochuideachta.

Breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2025 in *Positive Group* v *an Chomhairle* (T-573/23)

↘ Dheimhnigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh na smachtbhannaí a glacadh i gcoinne MegaFon, ceann de phríomh-oibreoirí fón póca na Rúise. Bhí an Chomhairle tar éis an chuideachta seo a chur ar an liosta d'eintitis a raibh a bearta sriantacha dírithe orthu in 2023, agus í den tuairim go dtugann sí tacaíocht dhíreach d'iarracht chogaidh na Rúise trí sheirbhísí a sholáthar ar féidir leis an arm iad a úsáid, go háirithe in earnáil na teileachumarsáide. D'iarr MegaFon go gcuirfí na gcinntí sin ar neamhní ar na forais seo a leanas: easpa réasúnaíochta, sárú ar a chearta cosanta agus cur isteach díréireach ar a shaoirse chun gnó a sheoladh. Dhiúltaigh an Chúirt do na hargóintí, agus chinn sí go raibh na cúiseanna leis na smachtbhannaí mínithe go sásúil ag an gComhairle agus nach raibh sé de dhualgas uirthi éisteacht leis an gcuideachta roimh ré chun an ghné iontais a bhí riachtanach d'éifeachtacht na smachtbhannaí a chaomhnú. Rialaigh sé freisin, cé go raibh tionchar ag na bearta ar ghnó agus ar chlú MegaFon, go raibh siad fós comhréireach agus riachtanach chun an cuspóir poiblí leasa maidir le cumais mhíleata na Rúise a shrianadh i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin.

Breithiúnas an 15 Eanáir 2025 i gcás *MegaFon* v *an Chomhairle* (T-193/23)


CVRIA

# Imirce agus Tearmann

**Tá sraith rialacha glactha ag an Aontas Eorpach chun beartas imirce Eorpach atá éifeachtach, daonnúil agus sábháilte a chur i bhfeidhm. Leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn, leagtar síos na híoschaighdeáin maidir leis an gcaoi ina gcaitear le hiarrthóirí tearmainn agus a n-iarratas ar fud an Aontais.**

↘ Féadfar iarratas náisiúnaigh tríú tír ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú faoi nós imeachta teorann brostaithe nuair a ainmnítear a thír thionscnaimh mar 'sábháilte' ag Ballstát. Shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfar an t-ainmniú sin a dhéanamh le gníomh reachtach, ar choinníoll gur féidir é a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach. Ní mór rochtain a bheith ag an iarratasóir agus ag an gcúirt náisiúnta ar na foinsí faisnéise ar a raibh an t-ainmniú sin bunaithe. Ní fhéadfaidh Ballstát, áfach, tír a chur ar liosta na dtíortha sábháilte tionscnaimh mura dtugann sé cosaint leordhóthanach dá daonra iomlán.

Breithiúnas an 1 Lúnasa 2025 sna cásanna uamtha *Alace* agus *Canpelli* (C-758/24 agus C-759/24)

↘ Cuireadh iachall ar bheirt iarrthóirí tearmainn in Éirinn maireachtáil i ndálaí luaineacha tar éis don Stát diúltú cóiríocht a sholáthar dóibh ar an mbonn go raibh na hionaid lán. Chinn an Chúirt gur sárú tromchúiseach ar dhlí an Aontais é an cineál sin diúltaithe, fiú i gcomhthéacs slua ollmhór dothuartha d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus go bhféadfadh sé dliteanas an Stáit a tharraingt i gceist. Mheabhraigh an Chúirt go gceanglaítear ar na Ballstáit, faoin Treoir maidir le Dálaí Glactha, dálaí glactha a ráthú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta lena n-áirithítear caighdeán leordhóthanach maireachtála, cibé acu trí thithíocht, cúnamh airgeadais, dearbháin nó meascán de na cineálacha tacaíochta sin do shaol díniteach.

Breithiúnas an 1 Lúnasa 2025 i gcás *an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus páirtithe eile* (C-97/24)

↘ Rinne fear ón Iaráic iarratas ar thearmann sa Ghréig, ag lua go raibh a shaol go mór i mbaol. Diúltaíodh dá iarratas, agus measadh go raibh a achomharc 'go follasach gan bhunús' de bharr nár tháinig sé i bpearsa os comhair an choimisiúin ábhartha. Bhí foráil i ndlí na Gréige maidir le toimhde uathoibríoch nach ndearnadh an t-achomharc a thionscain i gceart ina leithéid de chás. Chinn an Chúirt go sáraítear dlí an Aontais leis an riail sin: ceanglas díréireach atá ann láithreacht i bpearsa chun scrúdú a dhéanamh ar achomharc i gcás nach bhfuil mar aidhm leis ach láithreacht an iarratasóra a dheimhniú agus gan éisteacht leis. Ba cheart go mbeadh réitigh eile nach raibh chomh sriantach sin tugtha ag an nGréig, mar shampla ionadaíocht ag dlíodóir, láithreacht os comhair údarás áitiúil nó cruthúnas simplí ar láithreacht, chun fíor-rochtain ar leigheas éifeachtach a chinntiú.

Breithiúnas an 3 Iúil 2025 i gcás *Al Nasiria* (C-610/23)

# Tomhaltóirí

An Chúirt Bhreithiúnais: cearta tomhaltóirí an Aontais a chinntiú

Féach ar an bhfíseán

**Is é an aidhm atá le bearta Eorpacha a bhaineann le cosaint tomhaltóirí ná sláinte, sábháilteacht, agus leasanna eacnamaíocha agus dlí thomhaltóirí a chosaint, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu, a mbíonn siad ag taisteal nó a mbíonn siad ag siopadóireacht laistigh den Aontas Eorpach.**

↘ Dhíol cuideachta Ghearmánach forlíon bia a bhí déanta as cróch agus sú mealbhacán, ag maíomh gur fheabhsaigh sé an giúmar agus gur laghdaigh sé strus agus tuirse. Thug cumann dúshlán i gcoinne an chleachtais fógraíochta sin sa chúirt, ag maíomh go raibh na héilimh sláinte ar neamhréir le dlí an Aontais. Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach féidir a leithéid de mhaímh a úsáid san fhógraíocht go dtí go mbeidh measúnú eolaíoch an Choimisiúin ar mhaímh sláinte a bhaineann le substaintí plandaí críochnaithe agus go mbeidh siad curtha san áireamh sna liostaí oifigiúla, mura bhfuil siad cumhdaithe ag réimeas idirthréimhseach, nach amhlaidh a bhí sa chás seo.

Breithiúnas an 30 Aibreán 2025 i gcás *Novel Nutriology* (C-386/23)

↘ Ní fhéadfar deoch neamh-alcólach a mhargú faoin ainm 'jin saor ó alcól'. Bhí cás tugtha ag cumann Gearmánach atá ag troid i gcoinne iomaíocht éagórach os comhair cúirt Ghearmánach i gcoinne na cuideachta PB Vi Goods chun cosc a chur air deoch neamh-alcólach ar a dtugtar 'Virgin Gin Alkoholfrei' (Virgin Gin saor ó alcól) a dhíol. Mheabhraigh an Chúirt gur forchoimeádadh le dlí an Aontais an t-ainm dlíthiúil 'jin' do dheoch bhiotáille a tháirgtear trí alcól eitile de thionscnamh talmhaíochta a bhlaistiú le caora aitil agus ag a bhfuil íosneart alcóil 37.5 %. Chinn sí nár athraigh cur isteach na bhfocal 'saor ó alcól' an t-aicmiú sin agus nár fhág sé go bhféadfaí eisceacht a fháil ón toirmeasc. Mheas an Chúirt freisin nár sháraigh an srian sin an tsaoirse chun gnó a sheoladh a ráthaítear leis an gCairt, toisc nár chuir sé cosc ar mhargú an táirge mar a bhí, ach amháin ar úsáid ainm coimeádta. Tá an cosc sin comhréireach, toisc go bhfuil sé mar aidhm aige tomhaltóirí a chosaint ar aon riosca mearbhaill agus táirgeoirí jin a chloíonn le dlí an Aontais a chosaint ar iomaíocht éagórach.

Breithiúnas an 13 Samhain 2025 i gcás *PB Vi Goods* (C-563/24)

↘ Bhí cuntas taisce óir ag tomhaltóir Francach le Veracash agus thug sé faoi deara go raibh aistarraingtí laethúla déanta le cárta a mhaíonn sé nach bhfuair sé riamh. Chuir sé na hidirbhearta sin in iúl do Veracash beagnach 2 mhí tar éis na chéad haistarraingthe, ach laistigh den teorainn ama reachtach 13 mhí fós. Chinn an Chúirt go bhféadfadh úsáideoir cárta ceart chun aisíocaíochta a chailleadh mura ndéanann sé nó sí an t-idirbheart neamhúdaraithe a thuairisciú 'gan mhoill'. Mar sin féin, i gcás cárta atá caillte, goidte nó éirithe as a sheilbh go mí-dlíthiúil, ní chailleann siad an ceart seo ach amháin má ghníomhaigh siad d'aon ghnó nó le mórfhaillí, agus sin amháin i gcás na n-idirbheart a raibh moill orthu a thuairisciú.

Breithiúnas an 1 Lúnasa 2025 in Veracash (C-665/23)

↘ Chuir beirt taistealaithe Pholannacha saoire agus gach rud san áireamh in óstán cúig réalta san Albáin in áirithe, ach an lá tar éis dóibh dul ann, cuireadh isteach go mór ar a laethanta saoire mar gheall ar oibreacha scartála suntasacha a d'ordaigh na húdaráis áitiúla. Ar feadh roinnt laethanta, dhúisigh torann leanúnach na láithreán tógála iad, agus bhíothas i mbun na linnte snámha, an cosán cois farraige agus an rochtain ar an trá a leagan. D'éirigh na dálaí lónadóireachta níos measa freisin, le scuainí, béilí teoranta agus baint seirbhísí áirithe, sular thosaigh obair tógála nua ag deireadh a saoire. Ag creidiúint go raibh damáiste ábhartha agus morálta déanta orthu, thionscain siad caingean dlí sa Pholainn chun aisíocaíocht iomlán ar an bpraghas a íocadh agus cúiteamh a fháil. Rialaigh an Chúirt go bhfuil teidlíocht ag taistealaí ar aisíocaíocht iomlán ní hamháin nuair nár soláthraíodh seirbhísí nó nuair a soláthraíodh go mícheart iad, ach freisin nuair a bhí drochfheidhmíocht na seirbhísí sin, d'ainneoin iad a bheith soláthraithe go páirteach, chomh tromchúiseach sin gur chaill an pacáiste a chuspóir ar fad agus nach raibh aon spéis sa turas a thuilleadh. Shonraigh sí gur faoin gcúirt náisiúnta an measúnú seo a dhéanamh agus go bhfuil sé mar aidhm ag an treoir an chothromaíocht chonarthach a athbhunú gan cead a thabhairt do smachtbhannaí pionósacha. Mheabhraigh an Chúirt, mar sin féin, nach féidir an t-eagraí a dhíolmhú ó dhliteanas más rud é, cé gur shocraigh údarás poiblí na hoibreacha, nach raibh siad doshannta ná dosheachanta dó.

Breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2025 i gcás *Tuleka* (C-469/24)

↘ Thug cuideachtaí Eorpacha agus Meiriceánacha a tháirgeann nó a úsáideann mealaimín dúshlán os comhair na Cúirte Ginearálta in aghaidh chinneadh na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) maidir leis an tsubstaint seo a aicmiú mar shubstaint 'arb údar mór imní í' mar gheall ar rioscaí tromchúiseacha don tsláinte agus don chomhshaol. D'áitigh siad go raibh an t-aicmiú sin bunaithe ar anailís eolaíoch lochtach agus nár tugadh deis leordhóthanach dóibh a gcuid argóintí a chur chun cinn le linn na n-imeachtaí. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá n-argóintí agus dheimhnigh sí cinneadh ECHA. Mhínigh an Chúirt Ghinearálta go bhféadfaí substaint a aithint mar shubstaint chontúirteach fiú mura mbeadh tionchair thromchúiseacha ag a hairíonna astu féin, ach amháin dá mbeadh siad i gcomhcheangal. Chinn sí freisin nach ráthaítear leis an nós imeachta faoi Rialachán REACH (a bhfuil sé d'aidhm aige sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar rioscaí ceimiceán) aon chearta sonracha seachas an fhéidearthacht barúlacha a thabhairt.

Breithiúnas an 9 Iúil 2025 in *Fritz Egger agus páirtithe eile* v *ECHA (Mealaimín)* agus *LAT Nitrogen Piesteritz agus Cornerstone* v *ECHA* (T-163/23, T-167/23)

# Maoin Intleachtúil

Maoin Intleachtúil sa Chúirt Ghinearálta

Féach ar an bhfíseán

**Leis na rialacha arna nglacadh ag an Aontas chun maoin intleachtúil (cóipcheart) agus tionsclaíochta (dlí trádmharcanna, cosaint dearaí) feabhsaítear iomaíochas gnólachtaí trí thimpeallacht a chothú lena ndéantar cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú.**

↘ In 2019, chuir an chuideachta Iodálach Nero Lifestyle iarratas faoi bhráid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) chun an focalmharc NERO CHAMPAGNE a chlárú. Chuir an Comité interprofessionnel du vin de Champagne agus an Institut national de l’origine et de la qualité i gcoinne an chláraithe. D’áitigh siad go bhféadfadh an trádmharc leas éagórach a bhaint as cáil tháirgí ATFC Champagne, a gcuireann a gcosaint ráthaíocht cáilíochta ar fáil de bharr a mbunús tíreolaíoch. Dhiúltaigh EUIPO i bpáirt don agóid agus thug na comhlachtaí gairmiúla an cás os comhair na Cúirte Ginearálta. Ina rialú, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh EUIPO ar neamhní agus sheas sí leis an agóid. Dá bharr sin, diúltaíodh don iarratas chun an trádmharc NERO CHAMPAGNE a chlárú.


Breithiúnas an 25 Meitheamh 2025 i gCás *Comité interprofessionnel du vin de Champagne agus INAO* v *EUIPO – Nero Lifestyle (NERO CHAMPAGNE) (*T-239/23*)*

↘ Ní féidir cosaint thrádmharc an Aontais a thabhairt do Rubik’s Cube: dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta gur cuireadh ar neamhní na trádmharcanna a cláraíodh don phuzal tríthoiseach cáiliúil. Mheas EUIPO go raibh cruth an chiúib, a struchtúr greille agus difreáil na n-aghaidheanna ag teacht le gnéithe teicniúla a bhí riachtanach dá fheidhmiú, rud a d’fhág go raibh sé dodhéanta iad a chosaint faoi dhlí na dtrádmharcanna. D’áitigh Spin Master, úinéir na dtrádmharcanna atá i gceist, nach raibh gnéithe áirithe, go háirithe na dathanna, teicniúil. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do na hargóintí sin, ag míniú nach raibh na dathanna ach ina ngné tháinisteach lena n-aithnítear na haghaidheanna, agus gur chomhlíon gnéithe riachtanacha an chrutha, na cearnóga, a struchtúr greille agus difreáil na n-aghaidheanna, ceanglas teicniúil: tríothu is féidir gnéithe an phuzail a rothlú agus a aithint. Ós rud é go bhfuil baint ag gach saintréith riachtanach den chiúb lena fheidhm, ní féidir iad a chosaint mar thrádmharc, agus dá bhrí sin, deimhníodh cinntí EUIPO.

Breithiúnas an 9 Iúil 2025 in *Spin Master Toys UK* v *EUIPO – Verdes Innovations (Cruth ciúib le haghaidheanna a bhfuil struchtúr greille aige)* (T-1170/23 go T-1173/23)

↘ Chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní cinntí EUIPO a chuir cearta Ferrari ar an bhfocalmharc TESTAROSSA d'fheithiclí mótair, páirteanna spártha, gabhálais agus mionsamhla ar ceal, tar éis don oifig a fháil amach nár baineadh fíorúsáid as an marc idir 2010 agus 2015. Chinn an Chúirt Ghinearálta, cé nár monaraíodh an cineál Testarossa ó 1996, gur díoladh gluaisteáin athláimhe le linn na tréimhse i gceist ag déileálaithe agus dáileoirí údaraithe, agus gur chothaigh an úsáid seo, i gcomhar leis an tseirbhís deimhniúcháin a sholáthair Ferrari, úsáid dhlisteanach den mharc le toiliú intuigthe an mhonaróra. Rialaigh an chúirt ar an gcaoi chéanna i gcás páirteanna spártha agus gabhálas, a raibh a mbunús fíoraithe mar chuid den tseirbhís deimhnithe. A mhéid a bhaineann leis na mionsamhla, chinn sí gur úsáid tríú páirtithe an trádmharc leis an tásc 'táirge oifigiúil faoi cheadúnas Ferrari', lenar ráthaíodh tionscnamh tráchtála na mbréagán agus lenar léiríodh fíorúsáid le toiliú intuigthe Ferrari. Dá bhrí sin, tháinig an Chúirt ar an gconclúid gur bhain Ferrari úsáid de thrádmharc TESTAROSSA i ndáiríre i gcomhair na dtáirgí go léir lena mbaineann.

Breithiúnas an 2 Iúil 2025 in *Ferrari* v *EUIPO – Hesse (TESTAROSSA)* (T-1103/23 agus T-1104/23)



# Iomaíocht

**Cuireann an tAontas Eorpach rialacha i bhfeidhm chun saoriomaíocht a chosaint. Toirmiscfear cleachtais arb é is aidhm nó d'éifeacht leo iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh agus féadfar iad a cheadú le fíneálacha. Leis an gceart atá ag aon duine cúiteamh a éileamh i leith damáiste a tharlaíonn de bharr iompar frith-iomaíoch, neartaítear nádúr oibríochtúil rialacha iomaíochta an Aontais agus féadfar iompar a bhaineann an bonn den tsaor-iomaíocht a dhíspreagadh.**

↘ Coinníonn Apple coimisiún ar phraghas díola aipeanna tríú páirtí a dhíoltar ina App Store. De réir dhá fhondúireacht san Ísiltír a chosnaíonn na leasanna comhchoiteanna iolrachas úsáideoirí neamhaitheanta, ach inaitheanta, gléasanna Apple, tá na coimisiúin sin iomarcach agus déantar díobháil do na húsáideoirí sin. Cáineann siad iompar frithiomaíoch Apple agus thionscain siad caingean i gcúirteanna na hÍsiltíre. Cuireann Apple i gcoinne dhlínse na cúirte Ísiltíre, áfach, toisc nár tharla an teagmhas díobhálach líomhnaithe san Ísiltír agus, go háirithe, in Amstardam. Nuair a tarchuireadh ceisteanna chuici ina leith seo, thug an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara go bhfuil an App Store atá i gceist deartha go sonrach do mhargadh na hÍsiltíre. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an díobháil a líomhnaítear a rinneadh le linn na gceannachán a tharla sa spás fíorúil sin teacht chun cinn sa chríoch sin, gan beann ar shuíomh na n-úsáideoirí lena mbaineann tráth an cheannaigh. Tá dlínse idirnáisiúnta agus chríochach ag cúirt na hÍsiltíre dá bhrí sin.

Breithiúnas an 2 Nollaig 2025 i gcás *Stichting Right to Consumer Justice agus Stichting App Stores Claims* (C-34/24)

↘ In 2018, sheol an grúpa Iodálach Enel an aip JuicePass a chuireann ar chumas tiománaithe stáisiúin luchtaithe a aimsiú agus a chur in áirithe dá bhfeithiclí leictreacha. D'fhonn go mbeadh sé níos éasca treoracha chuig staisiún den sórt sin a aimsiú, d'iarr Enel ar Google an aip a dhéanamh comhoiriúnach le Android Auto, córas Google lenar féidir rochtain dhíreach a fháil ar aipeanna fóin chliste ar scáileán na feithicle. Dhiúltaigh Google a ardán a oiriúnú chun an idir-inoibritheacht a chinntiú, rud a d'fhág gur ghearr údarás iomaíochta na hIodáile fíneáil de bhreis is EUR 100 milliún ar Google as mí-úsáid a bhaint as seasamh ceannasach. Chuir Google i gcoinne an phionóis agus rinne sé an t-ábhar a tharchur chuig Comhairle Stáit na hIodáile, a chinn ceisteanna réamhrialaithe a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Rialaigh an Chúirt gur féidir leis an bhfíric go gcuireann cuideachta atá i seasamh ceannasach cosc ar rochtain ar ardán digiteach a d'fhorbair sí trí dhiúltú don idir-inoibritheacht le feidhmchlár a d'fhorbair cuideachta tríú páirtí a chinntiú, a bheith ina mí-úsáid ar sheasamh ceannasach, fiú mura bhfuil an t-ardán sin riachtanach d'oibriú tráchtála na haipe. D'fhéadfaí a leithéid de mhí-úsáid a bheith ann i gcás gur forbraíodh an t-ardán chun úsáid ag gnóthais tríú páirtí a chumasú agus gur dócha go ndéanfadh sé an aip níos tarraingtí do thomhaltóirí. Mar sin féin, féadfar diúltú a údarú i gcás ina gcuirfeadh idir-inoibritheacht slándáil nó sláine an ardáin i mbaol, nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta ar chúiseanna teicniúla eile a leithéid d'idir-inoibritheacht a chinntiú. I gcásanna eile, caithfidh an gnóthas ceannasach samhail a fhorbairt a chinntíonn a leithéid d'idir-inoibritheacht laistigh d'achar réasúnta ama is gá chuige sin agus, i gcás inarbh fhiú, mar mhalairt ar chúiteamh cuí airgeadais.

Breithiúnas an 25 Feabhra 2025 i gcás *Alphabet agus páirtithe eile* (C-233/23)

↘ In 2015, shínigh an club peile Beilgeach RFC Seraing conarthaí leis an gcuideachta Mháltach Doyen Sports, a chuir ar a chumas a chuid imreoirí a mhaoiniú mar mhalartú ar sciar dá gceart eacnamaíoch. Chuir FIFA, a mheas go raibh na comhaontuithe ar neamhréir lena rialacha a choisceann úinéireacht ceart eacnamaíoch ag tríú páirtithe, smachtbhannaí ar an gclub, agus dhaingnigh an Chúirt Eadrána Spóirt (CAS) agus ansin Cúirt Fheidearálach na hEilvéise na smachtbhannaí sin. D'fhéach RFC Seraing ansin le dúshlán a thabhairt i gcoinne na rialacha os comhair chúirteanna na Beilge. Mar fhreagra ar cheist réamhrialaithe, chinn an Chúirt go sáraíonn sé dlí an Aontais cosc a chur ar chúirteanna náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar dhámhachtain eadrána a rinneadh in eadráin a ghearr cónaidhm spóirt idirnáisiúnta. Dúirt an Chúirt go gcaithfidh cinntí CAS a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach. Ní mór don athbhreithniú sin, go háirithe, ceadú do chomhoiriúnacht bheartas poiblí an Aontais a fhíorú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, dlí iomaíochta an Aontais agus bunchearta an mhargaidh inmheánaigh, chun bearta eatramhacha a fháil agus, más gá, chun tarchur chun réamhrialú a lorg. Ní mór do chúirt náisiúnta, dá bhrí sin, aon riail, náisiúnta nó arna heisiúint ag cumann spóirt, a chuirfeadh bac ar a leithéid d'athbhreithniú a chur ar leataobh, chun cosaint lúthchleasaithe agus clubanna a chinntiú nuair a sháraíonn cinneadh dlí an Aontais, go háirithe i réimsí na hiomaíochta nó na saorghluaiseachta.

Breithiúnas an 1 Lúnasa 2025 i gCás *Royal Football Club Seraing* (C-600/23)

↘ Sheas an Chúirt Ghinearálta le cinneadh an Choimisiúin lenar cinneadh go raibh seacht mbanc mhóra infheistíochta páirteach, idir 2007 agus 2011, i gcairtéal in earnáil na mbannaí rialtais Eorpacha, trí mhalartú faisnéise agus cleachtas íogair a raibh sé mar aidhm leo buntáistí éagórach a fháil ar na margaí príomha agus tánaisteacha. Bhí fíneálacha de EUR 371 mhilliún gearrtha ag an gCoimisiún ar Nomura, UBS agus UniCredit, cé nár gearradh pionós ar Bank of America, Natixis agus NatWest mar gheall ar theorainn ama nó trócaire. Maidir le Portigon, socraíodh a fhíneáil ag nialas de bharr a ghlanláimhdeachas diúltach. Tar éis caingean ó shé cinn de na bainc, dheimhnigh an Chúirt go raibh sárú aonair leanúnach ann agus go raibh na hinstitiúidí freagrach as gníomhartha a dtrádálaithe, agus laghdaíodh beagán freisin na fíneálacha a gearradh ar Nomura, de bharr earráid ríofa a rinne an Coimisiún, agus ar UniCredit, toisc gur ró-mheastachán a ndearnadh ar thréimhse a iompair fhrith-iomaíoch. Ar deireadh, d'fhormhuinigh an Chúirt Ghinearálta leas dlisteanach an Choimisiúin a chinneadh go raibh an sárú déanta freisin ag Bank of America agus Natixis, fiú gan fíneáil a ghearradh orthu, óir chuidigh a n-aithint le scóip na comhcheilge a shoiléiriú.


Breithiúnas an 26 Márta 2025 in *UBS Group agus UBS* v *an Coimisiún*, *Natixis* v *an Coimisiún*, *UniCredit agus UniCredit Bank* v *an Coimisiún*, *Nomura International agus Nomura Holdings* v *an Coimisiún, Bank of America agus Bank of America Corporation* v *an Coimisiún* agus *Portigon* v *an Coimisiún (Bannaí Rialtais Eorpacha)* (T-441/21, T-449/21, T-453/21, T-455/21, T-456/21, T-462/21)

# Comhar breithiúnach

**Áirítear sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais bearta chun comhar breithiúnach idir na Ballstáit a chur chun cinn. Beidh an comhar sin bunaithe ar aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha agus beidh sé mar aidhm leis dlíthe náisiúnta a chomhchuibhiú chun coireacht thrasnáisiúnta a chomhrac trína áirithiú go gcosnófar cearta íospartach, amhrastach agus daoine atá á gcoinneáil laistigh den Aontas.**

↘ Tá iarcheannaire ar ETA, a ciontaíodh cheana sa Fhrainc i bpríosún 20 bliain d'fhoirfeacht d'éachtaí a bhaineann le sceimhlitheoireacht, á hionchúiseamh sa Spáinn as an ionsaí céanna a rinneadh in 1997, lena bhféadfaí a pianbhreith iomlán a ardú go 50 bliain ar a laghad gan aon uasteorainn reachtach. I ndiaidh tarchur ó chúirt Spáinneach maidir le feidhmiú phrionsabal *ne bis in idem*, d'athdhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach féidir duine a ionchúiseamh faoi dhó san Aontas as na gníomhartha céanna, fiú má tá difríocht san aicmiú reachtúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Is ar an gcúirt Spáinneach atá sé a fhíorú an bhfuil na fíricí a breithníodh sa Fhrainc comhionann ó thaobh ábhair de leis na fíricí a bhfuil an duine á ionchúiseamh ina leith sa Spáinn.

Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2025 i gcás *MSIG* (C-802/23)



## Príobháideachas

**Tá rialacha sonracha leagtha síos ag an Aontas Eorpach chun sonraí pearsanta a chosaint. Ní mór do phróiseáil agus coinneáil sonraí den sórt sin na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht a shásamh, go háirithe a bheith teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach agus gan cur isteach go díréireach ar an gceart chun príobháideachais.**

↘ Thug bean faoi deara go raibh fógra bréagach foilsithe ar an suíomh gréasáin Rómánach www.publi24.ro a mhaígh go raibh sí ag tairiscint seirbhísí gnéis agus thaispeáin grianghraif di agus a huimhir theileafóin a úsáideadh gan a toiliú. Bhain Russmedia Digital, oibritheoir an tsuímh gréasáin, an fógra anuas laistigh d'uair an chloig, ach bhí cóip de curtha ar shuímh ghréasáin eile cheana féin. Fuair sí cúiteamh ar an gcéad chéim agus ansin ar achomharc dúradh go raibh an chuideachta saor ó mhilleán ar an mbonn nach raibh inti ach óstach. Thionscain an bhean caingean os comhair Chúirt Achomhairc Chluj (an Rómáin), a tharchuir an t-ábhar chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun rialú a fháil ar oibleagáidí margaidh ar líne faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Rialaigh an Chúirt go bhfuil oibreoir margaidh ar líne freagrach as na sonraí pearsanta atá sna fógraí a fhoilsítear ar an ardán a phróiseáil agus, sula ndéantar iad a fhoilsiú, go gcaithfidh sé fógraí ina bhfuil sonraí íogaire a aithint, céannacht nó toiliú sainráite an ábhair sonraí a fhíorú, agus an foilsiú a dhiúltú in éagmais a leithéid de thoiliú. Shonraigh an Chúirt freisin go gcaithfidh an t-oibreoir bearta teicniúla a chur i bhfeidhm chun cóipeáil neamhdhleathach fógraí íogaire ar shuímh eile a chosc, agus nach féidir braith ar an díolúine ó dhliteanas a leagtar síos sa Treoir maidir le tráchtáil leictreonach chun éalú ó na hoibleagáidí a fhorchuirtear le RGCS.

Breithiúnas an 2 Nollaig 2025 i gcás *Russmedia Digital agus Inform Media Press* (C-492/23)

↘ Thug cumann dúshlán os comhair údaráis cosanta sonraí na Fraince i gcoinne na hoibleagáide a cuireadh ar chustaiméirí SNCF Connect 'Monsieur' nó 'Madame' a roghnú agus iad ag déanamh ceannach ar líne, ag áitiú nach raibh an bailiú seo ar fhaisnéis faoi chéannacht inscne riachtanach faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Mheabhraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais nach féidir ach sonraí atá go hiomlán riachtanach a bhailiú agus nach bhfuil próiseáil dlíthiúil ach amháin má tá sí riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó má tá údar maith léi le leas dlisteanach atá mínithe go soiléir. Ar deireadh, shonraigh an Chúirt nach féidir próiseáil den sórt sin a chosaint ar bhonn leas dlisteanach mura nochtar an leas sin, má théann sí thar a bhfuil riachtanach go docht, nó má tá baol ann go sárófar cearta bunúsacha, go háirithe i ndáil le hidirdhealú ar bhonn inscne. Níl bailiú sonraí a bhaineann le teidil custaiméirí riachtanach go hoibiachtúil, go háirithe nuair is é an cuspóir atá leis ná cumarsáid tráchtála a phearsantú.

Breithiúnas an 9 Eanáir 2025 i gcás *Mousse* (C-394/23)

↘ Diúltaíodh conradh teileafóin EUR 10 in aghaidh na míosa do chustaiméir Ostarach tar éis do chuideachta phríobháideach a fháil amach, ar bhealach lán-uathoibrithe, nach raibh sí sócmhainneach. Fuair cúirteanna na hOstaire amach gur theip ar an gcuideachta an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh toisc nár mhínigh sí conas a tháinig an chuideachta ar an gcinneadh. Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais tá ábhar sonraí i dteideal míniú soiléir i gcás go ndéantar próiseáil ar shonraí an duine sin: ní mór a rá sa mhíniú sin cad iad na sonraí a úsáideadh agus an tionchar a bhí acu ar an toradh, agus más féidir, a thaispeáint cad a bheadh athraithe dá mbeadh sonraí áirithe éagsúil. Ní féidir leis an ngnóthas rúndacht ghnó a úsáid mar leithscéal chun diúltú faisnéis den sórt sin a nochtadh; má agraítear an rúndacht sin, is faoin gcúirt nó faoin údarás maoirseachta atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid rochtana is féidir a dheonú.

Breithiúnas an 27 Feabhra 2025 i gcás *Dun & Bradstreet Austria* (C-203/22)

↘ D'iarr Philippe Latombe, saoránach Francach, go gcuirfí ar neamhní cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh lenar údaraíodh aistriú sonraí pearsanta ón Aontas Eorpach go dtí na Stáit Aontaithe. Dar leis, níor chuir córas na Stát Aontaithe cosaint leordhóthanach ar fáil, go háirithe mar gheall ar easpa neamhspleáchais an 'Data Protection Review Court' (an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí) (DPRC) agus mar gheall ar an ollbhailiú sonraí ag gníomhaireachtaí faisnéise na Stát Aontaithe. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean. Chinn sí go raibh feabhas curtha ag na Stáit Aontaithe ar a gcreat dlíthiúil um chosaint sonraí ó glacadh le hordú forghníomhaithe nua in 2022 agus go raibh ráthaíochtaí leordhóthanacha neamhspleáchais ag DPRC. Ní féidir breithiúna a bhriseadh as oifig ach ar chúiseanna bailí agus ní féidir le gníomhaireachtaí faisnéise tionchar a imirt ar a gcuid oibre. Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin nach bhfuil ollbhailiú sonraí ar neamhréir le dlí an Aontais fad a chinntítear athbhreithniú breithiúnach *ex post* ag DPRC. Ina theannta sin, beidh sé de dhualgas ar an gCoimisiún Eorpach monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcomhlíonadh leis an gcreat seo agus féadfaidh sé an cinneadh a chur ar fionraí má laghdaíonn an chosaint a thairgeann córas na Stát Aontaithe.

Breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2025 in *Latombe* v *an Coimisiún* (T-553/23)

↘ D'ordaigh an Chúirt Ghinearálta don Choimisiún Eorpach EUR 400 i ndamáistí a íoc le saoránach Gearmánach ar aistríodh a shonraí pearsanta go dtí na Stáit Aontaithe nuair a chláraigh sé le haghaidh imeachta ar shuíomh gréasáin na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Trí úsáid a bhaint as an rogha 'logáil isteach le Facebook' ar EU Login, aistríodh seoladh IP an ábhair sonraí chuig Meta Platforms gan cosaintí leordhóthanacha agus gan aon chinneadh leordhóthanachta i bhfeidhm ag an am. Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh an Coimisiún freagrach as an aistriú sin, toisc nár chloígh sé le haon cheann de na coinníollacha a leagtar síos le dlí an Aontais maidir le sonraí a aistriú chuig an tríú tír. Dúirt an Chúirt Ghinearálta go raibh sárú sách tromchúiseach ann ar riail dlí a thugann cearta do dhaoine aonair, agus go raibh damáiste neamhábhartha ann a bhain leis an éiginnteacht a bhaineann le próiseáil sonraí, rud a chuireann dliteanas neamhchonarthach an Aontais i gceist.

Breithiúnas an 8 Eanáir 2025 in *Bindl* v *an Coimisiún* (T-354/22)

# Comhshaol

An Chúirt Bhreithiúnais agus an Comhshaol

Féach ar an bhfíseán

**Tá an tAontas tiomanta do cháilíocht an chomhshaoil a chaomhnú agus a fheabhsú, agus do shláinte an duine a chosaint. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais nár chomhlíon Ballstát dlí an Aontais, caithfidh an Ballstát sin an breithiúnas a chomhlíonadh chomh luath agus is féidir. Má mheasann an Coimisiún nár chomhlíon an Ballstát an breithiúnas, féadfaidh sé caingean nua a thionscnamh ag lorg pionóis airgeadais.**

↘ Níor chomhlíon an Ghréig breithiúnas ó 2014 inar ordaíodh di stopadh de bheith ag úsáid láithreán líonta talún i bPáirc Mhuirí Náisiúnta Zakynthos, gnáthóg faoi chosaint don turtar 'Caretta-caretta'. D'ainneoin malartuithe leis an gCoimisiún idir 2014 agus 2023, níor dúnadh ná níor uasghrádaíodh an láithreán líonta talún i gcomhréir le treoracha Eorpacha maidir le dramhaíl, agus leanadh ag glacadh le dramhaíl go dtí deireadh 2017. Agus an teip leanúnach seo á tabhairt faoi deara, ghearr an Chúirt íocaíocht pionóis EUR 12 500 in aghaidh an lae moille go dtí go gcomhlíonfaí an breithiúnas go hiomlán, chomh maith le suim aonuaire EUR 5.5 milliún, de bharr dhéine agus fhad an tsáraithe, na rioscaí a bhain leis do shláinte agus don chomhshaol, agus teipeanna leantacha na Gréige i mbainistíocht dramhaíola.

Breithiúnas an 9 Deireadh Fómhair 2025 in *an Coimisiún* v *an Ghréig (Forfheidhmiú an bhreithiúnais maidir le suíomh líonta talún Zakynthos)* (C-368/24)

↘ Tá an Iodáil os comhair na Cúirte arís mar gheall ar dhrochbhainistíocht cóireála fuíolluisce uirbigh. Breis agus 20 bliain tar éis dheireadh na dteorannacha ama a leag an Treoir Eorpach is infheidhme síos, agus beagnach 10 mbliana tar éis breithiúnas tosaigh a tugadh in 2014, lean roinnt bailte san Iodáil orthu ag scaoileadh amach fuíolluisce gan bailiú ná cóireáil leordhóthanach. Ag an am, bhí sáruithe aimsithe cheana féin ag an gCúirt in 41 bhaile. Mar sin féin, d'ainneoin feabhsuithe, ní raibh cúig cinn acu, atá lonnaithe sa tSicil agus i nGleann Aosta, curtha i gcomhréir fós, agus i gcás ceithre cinn acu bhí na sáruithe fós ann tráth na héisteachta a tionóladh i mí na Samhna 2024. I bhfianaise an mhéid sin, thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí os comhair na Cúirte chun pionóis airgeadais a ghearradh. Chinn an Chúirt nár chomhlíon an Iodáil breithiúnas 2014 laistigh den teorainn ama a leagadh síos agus rialaigh sí go raibh an teip leanúnach seo ag déanamh dochar tromchúiseach don chomhshaol, go háirithe toisc go raibh an sceitheadh i gceist ag sreabhadh isteach i limistéir íogaire. Dá bhrí sin, d'ordaigh sí don Iodáil cnapshuim EUR 10 milliún a íoc, mar aon le híocaíocht pionóis de bhreis agus EUR 13 mhilliún in aghaidh gach thréimhse 6 mhí moille go dtí go mbainfear lán-chomhlíonadh amach, agus tromchúis an tsáraithe, a fhad eisceachtúil agus cumas íocaíochta an Bhallstáit á gcur san áireamh.

Breithiúnas an 27 Márta 2025 in *an Coimisiún* v *an Iodáil (Cóireáil fuíolluisce uirbeach)* (C-515/23)

↘ Sa tSlóivéin, bhí bainistíocht láithreáin líonta talún i mbardas Teharje, ar a dtugtar Bukovžlak, ina cúis le cás nua os comhair na Cúirte. Le roinnt blianta, bhí ábhar tochailte á chur ann gan na húdaráis náisiúnta a sheiceáil an raibh dramhaíl eile i láthair ná na bearta riachtanacha a dhéanamh chun dramhaíl nach raibh cumhdaithe ag an gceadúnas a bhaint, agus ar an gcaoi sin láithreán líonta talún neamhdhleathach á chruthú. I mbreithiúnas in 2015, chinn an Chúirt gur sárú ar dhlí an Aontais maidir le bainistíocht dramhaíola a bhí sa chás seo. Mar sin féin, níor cuireadh na bearta a bhí ag teastáil chun an suíomh a ghlanadh i bhfeidhm faoin spriocdháta. I bhfianaise na neamhghníomhaíochta leanúnaí seo, thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí arís os comhair na Cúirte chun pionós airgeadais a ghearradh. Rialaigh an Chúirt nár chomhlíon an tSlóivéin breithiúnas 2015 d'ainneoin na teorann ama a tugadh di agus mheas sí nach bhféadfaí na moilleanna a chosaint, *inter alia*, le paindéim Covid-19. Thug sí faoi deara go raibh rioscaí tromchúiseacha ann don chomhshaol agus do shláinte an duine ar feadh níos mó ná 9 mbliana mar thoradh ar an teip fhada seo. Dá bhrí sin, d'ordaigh sí don tSlóivéin suim aonuaire EUR 1.2 milliún a íoc, agus an tromchúis agus fad an tsáraithe agus cumas íocaíochta an Bhallstáit á gcur san áireamh.

⚖ Breithiúnas an 8 Bealtaine 2025 in *an Coimisiún* v *an tSlóivéin (Láithreán Líonta Talún Bukovžlak)* (C-318/23)

↘ D'iarr an Ostair go gcuirfí rialachán tarmligthe ó 2022 ar neamhní, lenar áiríodh, faoi dhálaí dochta, gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le cumhacht núicléach agus gás iontaise in aicmiú na n-infheistíochtaí inbhuanaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean agus dhearbhaigh sí nár sháraigh an Coimisiún na cumhachtaí a bhronn reachtas an Aontais air. Chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil táirgeadh fuinnimh núicléach beagnach saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa agus nach féidir le fuinneamh in-athnuaite amháin an leictreachas iomlán is gá a sholáthar go hiontaofa go fóill. Mheas an Chúirt Ghinearálta freisin go raibh a ndóthain airde tugtha ag an gCoimisiún ar na rioscaí a bhaineann le cumhacht núicléach, gan gá le ceanglas maidir le leibhéal cosanta níos airde ná na caighdeáin atá ann cheana a éileamh. Maidir le gás iontaise, rialaíodh go bhféadfaí é a chuimsiú de réir dhlí an Aontais, toisc go bhfuil sé bunaithe ar chur chuige céimiúil chun astaíochtaí a laghdú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú ag an am céanna.

⚖ Breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2025 in *an Ostair* v *an Coimisiún* (T-625/22)

↘ Thug an Spáinn agus roinnt eagraíochtaí iascairí Gailíseacha agus Asturias dúshlán i gcoinne rialachán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh lena n-ainmnítear limistéir iascaireachta dhomhainfharraige ina bhfuil éiceachórais mhara leochaileacha, nó inar dócha go mbeidh, ina bhfuil cosc ar iascaireacht le gléasanna grinnill. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá gcaingean agus dheimhnigh sí go bhfuil an t-ainmniú bunaithe ar chritéir eolaíocha iontaofa atá bunaithe ar láithreacht chruthaithe nó dóchúil speiceas cosanta agus ar shaintréithe na n-éiceachóras. Ní raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar gach cineáil gléis ná ar na hiarmhairtí eacnamaíocha a bhaineann leis na bearta sin. Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin nár sháraigh an mhodheolaíocht a úsáideadh, bunaithe ar chomhairle na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara, corrlach lánrogha an Choimisiúin. Ar deireadh, dhiúltaigh sí do na hargóintí a bhí bunaithe ar shárú líomhnaithe ar rialacha an chomhbheartais iascaigh nó ar phrionsabal na comhréireachta, agus thug sí faoi deara nach mbaineann an cosc le gach iascaireacht le gléasanna grinnill agus nár léiríodh nach bhfuil aon éifeachtaí díobhálacha ag gléasanna éighníomhacha áirithe ar na héiceachórais leochaileacha sin.

⚖ Breithiúnas an 11 Meitheamh 2025 in *an Spáinn* v *an Coimisiún* agus *Madre Querida agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-781/22, T-681/22)

# An tsochaí faisnéise

An Chúirt Bhreithiúnais sa Domhan Digiteach

Féach ar an bhfíseán

**Tá ról lárnach ag an Aontas Eorpach i bhforbairt na sochaí faisnéise, d'fhonn timpeallacht a chruthú atá fabhrach don nuálaíocht agus don iomaíochas agus, ag an am céanna, cearta tomhaltóirí a chosaint agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Áirithítear leis margaí digiteacha atá cothrom agus oscailte, agus baintear bacainní ar sheirbhísí trasteorann ar líne laistigh den mhargadh inmheánach chun a saorghluaiseacht a áirithiú.**

↘ I mí Aibreáin 2023, d'ainmnigh an Coimisiún Eorpach siopa ar líne Zalando mar 'ardán an-mhór ar líne' faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), toisc go n-úsáideann níos mó ná 83 mhilliún duine a chuid seirbhísí gach mí, i bhfad os cionn na tairsí 45 mhilliún a leagtar síos sa rialachán. Thug Zalando dúshlán i gcoinne an ainmniúcháin seo, ach dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean. Dheimhnigh sí go bhfuil Zalando ina ardán ar líne go deimhin, óir óstálann sé díoltóirí tríú páirtí trína 'Partner Programme', fiú mura dtagann a ghníomhaíocht díolacháin dhírigh féin ('Zalando Retail') faoin gcatagóir sin. D'fhéadfadh an Coimisiún a mheas go raibh úsáideoirí uile nochtaithe d'fhaisnéis ó dhíoltóirí tríú páirtí. Dhiúltaigh an Chúirt freisin do na hargóintí a bhí bunaithe ar shárú phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla, na córa comhionainne agus na comhréireachta, agus meabhraíodh di go gcaithfidh ard-oibleagáidí a bheith i bhfeidhm maidir le hardáin den sórt sin chun na rioscaí a bhaineann le dáileadh táirgí contúirteacha nó neamhdhleathacha a theorannú.


Breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2025 in *Zalando* v *an Coimisiún* (T-348/23)

↘ Chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní na cinntí lenar leag an Coimisiún Eorpach síos an táille mhaoirseachta is iníoctha ag Facebook, Instagram agus TikTok mar 'ardáin an-mhór ar líne' do 2023 faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA). Rialaigh an Chúirt Ghinearálta gur cheart go mbeadh an modh a úsáideadh chun an táille a ríomh, bunaithe ar an meánlíon úsáideoirí míosúla, glactha le gníomh tarmligthe agus ní le cinntí cur chun feidhme simplí, toisc gur gné bhunúsach den ríomh é. Mar sin féin, ós rud é nach raibh aon earráid a ndearnadh dochar d'oibleagáid na n-ardán sin an táille a íoc, d'fhág an Chúirt i bhfeidhm go sealadach iarmhairtí na gcinntí a cuireadh ar neamhní, go dtí go nglacfaidh an Coimisiún le modheolaíocht atá comhréireach agus le cinntí nua. Ní fhéadfaidh an tréimhse idirthréimhse a bheith níos faide ná 12 mhí tar éis do na breithiúnais a bheith críochnúil, áfach.

Breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2025 in *Meta Platforms Ireland* v *an Coimisiún* agus *Tiktok Technology* v *an Coimisiún* (T-55/24, T-58/24)

Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do chaingean Amazon le haghaidh neamhniú ar chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh lenar ainmníodh ardán Amazon Store mar 'ardán an-mhór ar líne' faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), lena bhforchuirtear oibleagáidí feabhsaithe ar sheirbhísí a bhfuil níos mó ná 45 mhilliún úsáideoir san Aontas acu. Mhaígh Amazon gur sáraíodh roinnt buncheart a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an comhionannas os comhair an dlí, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus faisnéis rúnda. Chinn an Chúirt Ghinearálta, áfach, go bhfuil na hoibleagáidí a fhorchuirtear le DSA, cé go bhféadfadh costais a bheith ag baint leo agus go mbíonn tionchar acu ar eagrú an ardáin, leagtha síos faoin dlí, agus go bhfuil siad comhréireach agus intuigthe i bhfianaise an chuspóra leasa ghinearálta rioscaí sistéamacha a chosc a bhaineann le hardáin an-mhór, go háirithe scaipeadh ábhair mhídhleathaigh agus cosaint tomhaltóirí. Tháinig sí ar an gconclúid nach ndéanann na bearta atá faoi conspóid, amhail an rogha córais moltaí a dhéanamh gan phróifíliú, an clár poiblí d'fhógraí nó rochtain ar shonraí ag taighdeoirí, croílár na gceart a lagú, agus go dtagann bearta diana rúndachta agus slándála ina dteannta.

Breithiúnas an 19 Samhain 2025 in *Amazon EU* v *an Coimisiún* (T-367/23)



## Rochtain ar dhoiciméid

**Is prionsabal bunúsach den Aontas Eorpach é an trédhearcacht sa saol poiblí. Dá bhrí sin, féadfaidh aon saoránach den Aontas nó aon eintiteas dlíthiúil, i bprionsabal, rochtain a fháil ar dhoiciméid na n-institiúidí Eorpacha.**

↘ D'iarr iriseoir ón *New York Times* ar an gCoimisiún Eorpach rochtain a fháil ar theachtaireachtaí a malartaíodh idir an tUachtarán Ursula von der Leyen agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pfizer, ag maíomh gur baineadh úsáid as na teachtaireachtaí i gcainteanna maidir le vacsaíní Covid-19 a cheannach. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarratas, ag rá nach raibh na teachtaireachtaí aige. Chinn an Chúirt Ghinearálta raibh na mínithe a tugadh doiléir agus neamhréireach, áfach, agus nár léirigh an Coimisiún go soiléir cá háit ná conas a rinne sé cuardach ar na doiciméid, nó an raibh na teachtaireachtaí scriosta nó caillte. Ina theannta sin, bhí fianaise iontaofa curtha ar fáil ag an iriseoir a léirigh gur dhóchúil go mór gur tharla na malartuithe. Rialaigh an Chúirt Ghinearálta nach féidir le hinstitiúid Eorpach a rá go simplí nach bhfuil doiciméid ina seilbh aici gan fianaise láidir, go háirithe i gcás cinntí poiblí chomh tábhachtach sin. Dá bhrí sin, chuir sí ar neamhní cinneadh an Choimisiúin lenar diúltaíodh rochtain ar na doiciméid.

Breithiúnas an 14 Bealtaine 2025 i gcás *Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún* (T-36/23)

Cuireann an Stiúrthóireacht um Thaighde agus um Dhoiciméadú ar fáil do ghairmithe dlí, ina Cnuasach de résumés, 'Roghnú na Mórbhreithiúnas' agus 'Feasachán Míosúil Cásdlí' na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta.



# 3

# Eagraíocht riaracháin don cheartas



# A. Réamhrá an Chláraitheora



## Alfredo Calot Escobar

Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais

**Ba chéim thábhachtach í an bhliain 2025 i bhforbairt na hinstitiúide – bliain uaillmhianach, a ceapadh chun a bonn a neartú agus í a ullmhú ag an am céanna do na hathruithe atá le teacht.**

Agus an uair seo linn ina bhfuil teicneolaíochtaí nua ag teacht chun cinn agus athstruchtúrú áirithe á dhéanamh ar an margadh saothair, ach i gcomhthéacs ina n-aithnítear go bhfuiltear ag súil le cuid mhór ón Aontas freisin, ní mór na luachanna a thacaíonn le feidhmiú na Cúirte – eadhon caighdeán agus luas an chirt, dlúthchaidreamh leis na saoránaigh, éagsúlacht teanga agus chultúrtha nó an bhainistíocht is fearr ar na hacmhainní a gcuirtear ar fáil dóibh – a thabhairt chun cuimhne athuair. Is chun a áirithiú go gcaomhnófar iad a rinne an Chúirt roinnt tionscadail straitéiseacha chun a chur ar a cumas dul i ngleic leis na hathruithe a rabhthas ag súil leo.

Ó thaobh na gníomhaíochta breithiúnaí de, ba é 2025 an chéad bhliain iomlán ó tháinig **aistriú páirteach na dtarchur le haghaidh réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta** i bhfeidhm**.** Chinntigh ranna uile na hinstitiúide, agus ullmhúchán críochnúil déanta acu chuige, go gcuirfí an t-athchóiriú chun feidhme gan bhac gan chonstaic agus go cumasach, rud a léirigh a gcumas dul in oiriúint d’athruithe agus a gcumas tacú leis an dá chúirt i bhfianaise na ndúshlán nua atá rompu amach. Tá an chéad mheasúnú ar chur chun feidhme an athchóirithe an-dearfach ar fad, ós rud é gur baineadh amach na cuspóirí uile: tá an t-aistriú ag cuidiú le feabhas a chur ar láimhseáil na gcásanna agus le lántairbhe a bhaint as an athchóiriú ar struchtúr Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chun tairbhe na ndaoine uile is ábhair don dlí. Ag an am céanna, bhí rath ar thabhairt isteach na rialacha nua maidir le foilsiú na mbarúlacha in imeachtaí um réamhrialú agus is deimhin go bhfaightear tuiscint níos fearr ar an sásra um réamhrialú agus ar na saincheisteanna dlíthiúla atá á bplé dá mbarr.

Ar cheann de thosaíochtaí eile na bliana, bhí sé i gceist **go mbeadh an Chúirt i ngaire na saoránach**. D’oibrigh ranna cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise na hinstitiúide go dlúth le chéile agus rinne siad iarrachtaí leanúnacha chun suíomh gréasáin nua na Cúirte a dhearadh, ar a bhfuil inneall cuardaigh

atá athdheartha go hiomlán agus ar a ndéantar sruthú na n-éisteachtaí ar líne. Ag an am céanna, neartaíodh éagsúlacht na gcainéal cumarsáide, go háirithe le seoladh Curia Web TV, áis nua, nua-aimseartha agus oideachasúil a chuidíonn, trí mheán tarraingteach closamhairc, le tuiscint níos fearr a fháil ar ghníomhaíocht na gCúirteanna. I bhfocail eile, ní hamháin gur chruthaigh an institiúid suíomh gréasáin níos inléite agus níos so-úsáidte: tar éis iarrachtaí a dhéanamh a láithreacht ar na meáin shóisialta a neartú, chuir sí nuachóiriú a bheartais cumarsáide seachtraí i gcrích i dtreo an phobail i gcoitinne agus i dtreo na nglúnta óga.

Is í an tarraingteacht an prionsabal atá mar threoir do **bheartas roinn acmhainní daonna** na Cúirte anuas air sin, a bhfuil go leor tionscnamh curtha chun feidhme tríd chun feabhas a chur ar a cumas iarrthóirí ó na Ballstáit uile agus na próifílí uile a mhealladh. Dá bhrí sin, tá an institiúid tiomanta próisis earcaíochta níos tarraingtí, níos cuimsithí agus níos trédhearcaí a chruthú chun an líon iarrthóirí a bhfuil suim acu a bheith páirteach sa Chúirt a leathnú. Bhí roinnt gníomhartha dírithe ar dhálaí na dtréimhsí oiliúna a fheabhsú go díreach, ar chaoi gurb é atá i gceist leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil d'oiliúnaithe ná go bhfaigheann gach céimí óg ar mian leis eolas a fháil ar an institiúid cothrom na Féinne chuige sin. Ba é a bhí i gceist le cinn eile ná dlús a chur le gníomhartha chun feasacht a mhúscailt i measc na mBallstát ar lú an ionadaíocht a dhéantar ar a náisiúntachtaí san institiúid, agus é de mhian aici éagsúlacht chultúrtha agus teanga a foirne a neartú. Ar deireadh, chuir roinnt tionscnamh ar chumas na Cúirte a beartas inrochtaineachta agus cuimsithe a fhorbairt ar bhealach níos doimhne, chun an deis a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas teacht isteach san institiúid ar bhonn buan agus a áirithiú go mbeidh sé ag éirí níos uaillmhianaí sa réimse sin gach lá.

Agus í díograiseach maidir lena mianach nuálach, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCúirt ó thaobh na teicneolaíochta de. Leanadh le comhtháthú agus forbairt **acmhainní** atá **bunaithe ar an intleacht shaorga**, in éineacht le hobair shuntasach ar fhorbairt creat eiticiúil atá lán-oiriúnaithe do riachtanais mhisean breithiúnach na Cúirte. Ó Chairt Eiticiúil um Chomhtháthú na hIntleachta Saorga a ullmhú chomh fada le treoirlínte sonracha a rialaíonn úsáid uirlisí IS a úsáidtear laistigh den institiúid a fhorbairt, tá an Chúirt ag iarraidh úsáid na n-acmhainní a bhfuil dea-chruthaíocht orthu a éascú, atá ag feabhsú i gcónaí. Mar sin féin, tá tuiscint mhaith ar a gcuid teorainneacha ag teastáil, ar an mbaol a bhaineann leo agus ar an ngá atá leis an maoirseacht dhaonna a chinntiú i gcónaí. Dá bhrí sin, tá an Chúirt ag leanúint ar aghaidh go diongbháilte, ach go cúramach, go háirithe trí na cúrsaí oiliúna a thairgtear don fhoireann a leathnú chun tacú leo i dtaca leis na nuálaíochtaí seo a úsáid.

Luachanna láidre, uaillmhianta soiléire agus tiomantas gan stad gan staonadh i bhfabhar chaighdeán an cheartais Eorpaigh: Achoimre é sin ar an méid a bhí i gceist mar bhliain bhródúil do sheirbhísí na hinstitiúide in 2025.



# B. Príomhimeachtaí na bliana

## 2025: bliain chinniúnach d'athchóiriú chóras breithiúnach an Aontais

Ba é 2025 an chéad bhliain iomlán ó cuireadh aistriú páirteach na dlínse réamhrialuithe ón gCúirt Bhreithiúnais chuig an gCúirt Ghinearálta chun feidhme agus is toradh é ar phróiseas ar cuireadh tús leis tamall fada ó shin. Leagadh síos bunús an athchóirithe sin i gConradh Nice (2001) agus athdhearbhaíodh é in athchóiriú 2015 ar an ollstruchtúr breithiúnach.

Ba é an cuspóir a bhí leis éifeachtúlacht chóras breithiúnach an Aontais a fheabhsú trí chothromaíocht níos fearr a áirithiú idir an t-ualach oibre a bhí ar an gCúirt Bhreithiúnais agus ar an gCúirt Ghinearálta. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh trí líon na mbreithiúna sa Chúirt Ghinearálta a dhúbailt, rud a tugadh chun críche go hiomlán in 2022, agus a chuir le cumas na Cúirte Ginearálta na cásanna breise sin a láimhseáil.

Chun é a chur i bhfeidhm, bhí leasuithe suntasacha ag teastáil ar an Reacht agus ar na Rialacha Nós Imeachta. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh na leasuithe ar an Reacht arna moladh ag an gCúirt Bhreithiúnais. D'aontaigh an Chomhairle leis na leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta, a d'eascair as an athbhreithniú ar an Reacht, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é.

Tugadh an chéim dheireanach den athchóiriú sin chun críche an 1 Deireadh Fómhair 2024, le teacht i bhfeidhm rialacha nua lena gcuirtear chun feidhme aistriú páirteach na dlínse réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta agus lena ndéantar nósanna imeachta os comhair an dá chúirt a thabhairt chun dáta. Bliain amháin tar éis dó teacht i bhfeidhm, léirítear sa chéad measúnú ar an athchóiriú go bhfuil na socruithe oibriúcháin nua sin curtha i bhfeidhm go hiomlán ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta, chun sástacht na ngníomhairí uile a bhfuil baint acu leis an nós imeachta um réamhrialú.

**Cad is tarchur chun réamhrialú ann?**

Is cuid de dhlí náisiúnta gach Ballstáit é dlí an Aontais. Dá bhrí sin, is féidir dlí an Aontais a agairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta, a chuireann dlí an Aontais i bhfeidhm go díreach.

Más rud é go bhfuil amhras ann faoin gcaoi ar cheart dlí an Aontais a léiriú i gcás faoi leith, féadfaidh breithiúna náisiúnta, agus i gcásanna áirithe tá dualgas orthu, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, agus in ábhair shonracha, chuig an gCúirt Ghinearálta. Cuireann sé seo ar a gcumas soiléiriú a fháil ar bhrí forála de dhlí an Aontais, nó fiú ar a bailíocht. Cuireann sé seo ar a gcumas dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go ceart agus go comhsheasmhach.


## Dlínse réamhrialaithe na Cúirte Ginearálta

Tá dlínse anois ag an gCúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí ar réamhrialú a bhaineann le hábhair shonracha atá sainithe go soiléir agus ar féidir iad a scaradh go leordhóthanach ó ábhair eile agus as ar eascair corpas suntasach cásdlí de chuid na Cúirte Breithiúnais. Dá bhrí sin, leis an athchóiriú sin, is féidir an t-ualach ar an gCúirt Bhreithiúnais a laghdú trí cheisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta i roinnt ábhair shonracha, eadhon 1/ an comhchóras CBL, 2/ dleachtanna máil, 3/an Cód Custaim, 4/rangú earraí de réir taraife), 5/ cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó moill ar sheirbhísí iompair nó cealú seirbhísí iompair agus 6/ an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

## Pointe taiscthe aonair: nós imeachta éifeachtach

Níor athraigh an t-athchóiriú an nós imeachta chun iarrataí ar réamhrialú a chur isteach: cuirtear iad go léir faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais fós. Mar sin féin, cuireann sásra an phointe taiscthe aonair ar chumas iarrataí a aithint a thagann faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta. Uachtarán na Cúirte, tar éis dul i gcomhairle leis an Leas-Uachtarán agus leis an gCéad Abhcóide Ginearálta a dhéanann an cinneadh cás a choinneáil os comhair na Cúirte Breithiúnais nó é a aistriú, nó is í an Chúirt Bhreithiúnais a dhéanann amhlaidh ag cruinniú ginearálta dá cuid.

Sa Chúirt Ghinearálta, tá dlínse anois ag dhá dhlísheomra speisialaithe, ina mbíonn cúigear breithiúna ina suí go hiondúil, chun na cásanna sin a éisteacht. Ina theannta sin, ceaptar Breithiúna áirithe den Chúirt Ghinearálta freisin chun feidhmeanna Abhcóide Ghinearálta de chuid na Cúirte Ginearálta a fheidhmiú ar mhaithe le nós imeachta atá coibhéiseach le nós imeachta na Cúirte Breithiúnais a áirithiú.



## Achomharc agus athbhreithniú

In imeachtaí um réamhrialú, i bhfianaise chineál an nós imeachta, ní féidir cinntí arna dtabhairt ag an gCúirt Ghinearálta a bheith faoi réir aon achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais. Tá sásra athbhreithnithe ann d'ainneoin sin: laistigh de mhí amháin, féadfaidh Céad Abhcóide Ginearálta na Cúirte Breithiúnais a mholadh go ndéanfaidh an Chúirt athbhreithniú ar bhreith de chuid na Cúirte Ginearálta i gcás go bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht nó do chomhsheasmhacht dhlí an Aontais.

## Measúnú tar éis bliana


Ó tháinig an t-athchóiriú i bhfeidhm, tá an pointe taiscthe aonair nua tar éis déileáil le beagnach 100 cás réamhrialaithe cheana féin. Tarchuireadh beagnach 85 % díobh chuig an gCúirt Ghinearálta, toisc gur tháinig siad faoin sé ábhar shonracha dá dlínse dá bhforáiltear sa sásra.

**Cásanna a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta le haghaidh réamhrialú – Ábhar caingne**

| | 2024 | 2025 |
|---|---|---|
| An comhchóras CBL | 8 | 24 |
| Dleachtanna máil | 6 | 7 |
| An Cód Custaim | 1 | 8 |
| Rangú earraí de réir taraife | 1 | 7 |
| Cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí (cead bordála diúltaithe, moill nó cealú) | 3 | 18 |
| An córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil | – | 1 |
| **Iomlán** | **19** | **65** |

In 2025, phléigh an Chúirt Ghinearálta leis na chéad chásanna a aistríodh faoin sásra nua. Cuireadh clabhsúr ar 16 chás gan gá a bheith ann le héisteacht ná le tuairim a lorg. Cuireadh clabhsúr ar an gcuid is mó díobh – 11 chás – le hordú. Cinneadh cúig chás le breithiúnas. Go sonrach, is fiú a lua go raibh na hamanna láimhseála gairid go maith: 10.9 mí ar meán do chásanna a cinneadh le breithiúnas, ón bpointe taiscthe aonair go dtí an cinneadh deiridh (6.2 mí ar meán má chuirtear cásanna a socraíodh le breithiúnas nó le hordú san áireamh).

Tá an córas ag feidhmiú go héifeachtúil dá bhrí sin, agus léiríonn na torthaí tosaigh go bhfuiltear ag baint amach cuspóirí an athchóirithe: eadhon, cásanna a láimhseáil ar bhonn níos tapúla agus ualach oibre chúirteanna an Aontais a chothromú ar mhaithe le saoránaigh agus le gnólachtaí.



**Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil?**

Chun go mbeidh gairmithe dlí agus, go háirithe, breithiúna náisiúnta in ann tuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmiú an phointe taiscthe aonair agus ar na critéir maidir le deighilt na ndlínsí, d'fhoilsigh an institiúid **doiciméad** maidir le cur chun feidhme na rialacha nua maidir le haistriú páirteach na dlínse réamhrialaithe chuig an gCúirt Ghinearálta. Tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte, liostaítear ann na hiarrataí a seoladh le linn na chéad bhliana tar éis an teacht i bhfeidhm agus sonraítear, i gcás gach ceann acu, ar aistríodh chuig an gCúirt Ghinearálta é nó ar fhan sé os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais, mar aon leis na cúiseanna a bhaineann leis an gcinneadh sin.

https://curia.europa.eu/site/article50breport

Roinnt na n-inniúlachtaí idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta

Féach ar an bhfíseán:

# Ag cur le trédhearcacht Cheartas na hEorpa

Is cor cinniúnach tábhachtach é 2025 i mbeartas cumarsáide na Cúirte. De bhun forbairtí teicneolaíochta agus mian ceartas na hEorpa a dhéanamh níos intuigthe agus i ngaire na saoránach, tá an institiúid tar éis roinnt tionscnamh a dhoimhniú arb é is aidhm dóibh a cainéil faisnéise a nuachóiriú agus tuiscint níos fearr ag an bpobal ar a misean agus ar a gníomhaíochtaí a chothú.

## Cainéil nua ar na meáin shóisialta chun an Chúirt a thabhairt i ngaire na saoránach

Is cuid de shaol laethúil daoine iad na meáin shóisialta anois agus is foinse thábhachtach faisnéise iad do go leor daoine, go háirithe do na glúnta óga. D'fhonn freastal ar an riachtanas sin agus dá bhrí sin leathadh faisnéise atá iontaofa, cruinn faoina cuid gníomhaíochtaí a chinntiú i ngaireacht na saoránach, tá an Chúirt tar éis a láithreacht ar na meáin shóisialta a éagsúlú, agus cuntais arna n-oscailt aici ar cheithre ardán nua in 2025: Bluesky, Threads, WhatsApp, agus Instagram.

A bhuí leis na cainéil nua seo, a chuireann leis an bhfaisnéis a chuireann an Chúirt ar fáil ar LinkedIn, X, YouTube agus Mastodon, tá an Chúirt in ann pobal nua a shroicheadh agus cumarsáid a dhéanamh leo – ar bhealach atá curtha in oiriúint dá riachtanais agus go caol díreach leo – maidir lena gníomhaíochtaí agus le tábhacht a róil i gcosaint chearta na saoránach agus i gcaomhnú na hEorpa atá bunaithe ar luachanna daonlathacha.

Cuireann sé sin ar chumas an phobail teacht ar fhaisnéis shoiléir faoi nuacht bhreithiúnach na Cúirte go héasca, ar am ar bith agus ó áit ar bith, agus ó thús 2026, cuirfear ábhar closamhairc nuálach agus feabhsaithe ar fáil leis sin, le seoladh an ardáin nua closamhairc Curia Web TV.



## Freastal ar éisteachtaí na Cúirte ó áit ar bith san Eoraip

Is cuid lárnach den nós imeachta dlíthíochta iad na héisteachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, a reáchtáiltear i Lucsamburg, agus bíonn siad ar siúl go poiblí agus ar oscailt don uile saoránach. Ar mhaithe le trédhearcacht agus inrochtaineacht na cúirte don 450 milliún saoránach Eorpach a dtéann cinntí chúirteanna an Aontais i bhfeidhm orthu go díreach, tá córas curtha ar bun ag an gCúirt a chuireann ar chumas aon duine freastal ar éisteachtaí go cianda, gan a chur orthu taisteal go Lucsamburg.

Ó Aibreán 2022, tá cinneadh déanta ag an institiúid, ar bhonn píolótach, seirbhís a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin le haghaidh craoladh moillithe ar éisteachtaí an Mhór-Dhlísheomra agus ar shuí na Cúirte Breithiúnais mar chúirt iomlán, i gcomhthráth le craoladh beo ar éisteachtaí chun breithiúnais a sheachadadh agus chun tuairimí a léamh. Mar thoradh ar rath na céime píolótaí sin, cuireadh foráil shonrach isteach i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais chun an sásra sin a dhéanamh buan, ach chun deis a thabhairt éisteachtaí áirithe de dhlísheomraí de chúigear breithiúna a chraoladh i gcás inarb iomchuí sin freisin. Ina theannta sin, chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar chomhthéacs an cháis agus ar na malartuithe idir na páirtithe agus na breithiúna le linn na héisteachta, bíonn míniú gairid ar an gcás ó oifigeach preasa i bhfoirm closamhairc roimh gach craoladh éisteachta, a chraoltar ar shuíomh gréasáin na Cúirte agus ar a cainéil meán sóisialta freisin.

Maidir leis an gCúirt Ghinearálta, rinneadh craoladh éisteachtaí, fógairt breithiúnas nó tabhairt Tuairimí a chur san áireamh ina Rialacha Nós Imeachta freisin. A mhéid a bhí na rialacha agus na nósanna imeachta chun an craoladh sin a chur chun feidhme le cinneadh ag an gCúirt Ghinearálta, ghlac an chúirt sin, i mí Feabhra 2025, cinneadh maidir le craoladh na mbreithiúnas nó na dtuairimí. I gcur chun feidhme an chinnidh sin, tharla an chéad chraoladh i mí na Bealtaine, nuair a fógraíodh breithiúnas de chuid an Mhór-Dhlísheomra beo. Leanadh le dhá chraoladh eile i mí Mheán Fómhair.

Dá bhrí sin, trí chumarsáid chlosamhairc na hinstitiúide a neartú, cuirtear ar chumas na Cúirte leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht theicneolaíoch ar cuireadh dlús léi le linn ghéarchéim sláinte 2020, ach thar aon ní eile chun a chur ar chumas aon duine ar spéis leis a gníomhaíocht bhreithiúnach, cibé acu gairmithe dlí agus daoine a bheidh ina ngairmithe dlí amach anseo iad (breithiúna náisiúnta, dlíodóirí, gníomhairí rialtais na mBallstát agus institiúidí an Aontais, ollúna, mic léinn), iriseoirí, nó ar bhonn níos ginearálta, aon saoránach atá fiosrach agus atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi mhisean na hinstitiúide, éisteachtaí a leanúint, de réir na gcoinníollacha céanna le daoine a bhíonn ar siúl go fisiciúil i seomraí na cúirte, cibé áit a mbeidh siad, gan a chur orthu taisteal go Lucsamburg.

## Plé breithiúnach níos trédhearcaí

Sa spiorad oscailte céanna, in 2025 lean an Chúirt ag cur an chinnidh a glacadh in 2024 i bhfeidhm, chun na barúlacha a scríbhinn a chuireann na páirtithe éagsúla sa nós imeachta um réamhrialú (páirtithe os comhair na cúirte náisiúnta, institiúidí, Ballstáit, srl.) faoi bhráid na cúirte i gcásanna réamhrialaithe a fhoilsiú ar líne, tar éis don cás a bheith dúnta, mura gcuireann na páirtithe sin ina aghaidh. D’fhonn rochtain orthu a shimpliú, is féidir teacht ar na barúlacha sin trí inneall cuardaigh na Cúirte ar a suíomh gréasáin, rud a ligeann d’aon duine ar suim

leo na seasaimh a glacadh le linn na díospóireachta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó na Cúirte Ginearálta roimh an mbreithiúnas réamhrialaithe a léamh.

## Táirgí cumarsáide a nuachóiriú atá tarraingteach don phobal i gcoitinne

Ag teacht leis an gcuspóir chun an cásdlí a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine nach saineolaithe iad, lean an Chúirt ar aghaidh ag déanamh nuachóiriú ar cheann dá príomhtháirgí, is iad sin preaseisiúintí. Ag deireadh 2023, athdhearadh iad chun achoimrí níos giorra, níos insinte a thairiscint atá níos oiriúnaí do riachtanais an mheáin agus an phobail i gcoitinne. Cuireadh dlús leis an athchóiriú seo in 2025, le foilsiú preaseisiúintí níos soiléire, níos gonta agus níos tarraingtí, atá scríofa i dteanga níos inrochtana. Bíonn 'achoimre' ag gabháil le formhór acu, chun athúsáid ag na meáin a éascú.

Ag an am céanna, sheol an Chúirt uirlis chumarsáide nua: gearrthóg míniúcháin closamhairc, i bhfhoirm faisnéis arna cur i láthair ag na breithiúna a bhí ar an gcás, a chraoltar tar éis na breithiúnais is tábhachtaí a thabhairt. Leis an uirlis nuálach sin, is féidir cinntí a mhíniú a mbíonn suim mhór ag na meáin iontu laistigh de chúpla nóiméad, i dteanga shoiléir agus inrochtana i gcónaí. Bhain an chéad ghearrthóg, a dáileadh i mí an Mheithimh, leis an gcás Iodálach C-460/23 *Kinsa*: cuireadh an mhíniú i láthair i dteanga an cháis, an Iodáilis, ag Uachtarán na Cúirte, Koen Lenaerts. Le fotheidil sna 24 teanga oifigiúla den Aontas, cuireadh an ghearrthóg ar líne díreach tar éis an rialú a thabhairt ar shuíomh gréasáin Curia agus scaipeadh í ag an am céanna ar na meáin shóisialta. D'éirigh thar cionn leis, le beagnach 20 000 amharc ar LinkedIn. In 2025, craoladh 12 fhíseán míniúcháin den chineál seo ar bhreithiúnais ó Mhór-Dhlísheomra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta.

Trí na tionscnaimh seo, in 2025 lean an Chúirt lena tiomantas do chóras ceartais Eorpach níos trédhearcaí, níos inrochtana agus níos sochaideartha do shaoránaigh trína formáidí cumarsáide a chur in oiriúint do na hionchais nua atá ag an bpobal.



# ↘ Comhar le cúirteanna san Eoraip

Tá dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm i ngach Ballstát, rud a chruthaíonn corpas dlí comhroinnte atá bunaithe ar na comhluachanna a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe. D'fhonn an pobal dlíthiúil seo a neartú agus léiriú aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais Eorpaigh a chinntiú, tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lasmuigh de na himeachtaí os comhair a dhá chúirt, i mbun plé oscailte leanúnaigh leis na breithiúna de chuid na mBallstát le fada an lá – cúirteanna bunreachtúla agus cúirteanna uachtaracha na mBallstát nó cúirteanna céadchéime agus cúirteanna achomhairc – ach freisin le líonraí breithiúnacha agus le cúirteanna idirnáisiúnta, amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, a mbíonn malartú dea-chleachtas aici leo chun cáilíocht an cheartais a fheabhsú. Bhí an plé sin, i bhfoirm comhdhálacha agus cruinnithe a reáchtáiltear sa Chúirt agus sna Ballstáit araon, thar a bheith torthúil in 2025.

## "EUnited in Diversity" i Sóifia

Eagraíodh an chomhdháil 'EUnited in Diversity' den chéad uair in 2021 i Ríge (an Laitvia) agus rinneadh tuilleadh forbartha uirthi ag an dara hócáid in 2023 sa Háig (an Ísiltír), agus reáchtáladh í den tríú huair ag deireadh shamhradh 2025, faoi choimirce Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire i Sóifia. Tugann na comhdhálacha leathbhliantúla seo ionadaithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ó chúirteanna bunreachtúla náisiúnta le chéile, agus é mar aidhm acu an plé idir na cúirteanna sin a neartú agus idirghníomhaíocht a chur chun cinn idir dlíchóras coiteann an Aontais Eorpaigh agus córais dlí náisiúnta na mBallstát.

Faoin téama 'Ról an cheartais bhunreachtúil i ndlíchóras coiteann an Aontais Eorpaigh', scrúdaíodh in eagrán 2025 an coincheap 'ceartas bunreachtúil' laistigh den Aontas, inar tugadh le chéile cúirteanna bunreachtúla (nó cúirteanna a fheidhmíonn dlínse bhunreachtúil) na 21 Bhallstát. Bhí ceithre phainéal sa chlár maidir le roinnt na gcumhachtaí idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit atá faoi rialú phrionsabal an tarmligin, cosaint fhéiniúlacht an Aontais Eorpaigh in amanna géarchéime, an caidreamh idir an dlí bunreachtúil náisiúnta agus dlí an Aontais Eorpaigh sna Ballstáit, agus léiriú agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh d'fhonn comhsheasmhacht agus comhtháthú an dlíchórais choitinn a chinntiú.

Thug an chomhdháil deis freisin d'oifigigh riaracháin ardleibhéil ó na hinstitiúidí rannpháirteacha teacht le chéile, d'fhonn malartú ar dhea-chleachtais a éascú agus chun ceisteanna de chomhspéis a phlé. Ba é 'tionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha ar obair na gcúirteanna' príomhthéama an phainéil plé seo, ag a raibh an Chúirt ionadaithe ag a Stiúrthóir Ginearálta Faisnéise.

# Fóram na mBreithiúna ag an gCúirt

Ag tús mhí na Nollag 2025, tháinig 148 mbreitheamh ó chúirteanna achomhairc agus ó chúirteanna céadchéime na mBallstát uile le chéile ag an bhfóram traidisiúnta do bhreithiúna a reáchtáladh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I measc na n-ábhar a pléadh le linn na seisiún oibre éagsúil, bhí forbairtí  le déanaí sa nós imeachta um réamhrialú, cásdlí is déanaí maidir le tearmann agus inimirce, dlínse nua na Cúirte Ginearálta chun réamhrialuithe a thabhairt, agus cásdlí le déanaí maidir le barántais ghabhála Eorpacha agus comhar breithiúnach in ábhair shibhialta.

Ag an bhfóram seo, a d'eagraigh an Chúirt den chéad uair in 1968, cuirtear comhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Ginearálta i dteagmháil dhíreach le breithiúna ó na Ballstáit. Cothaítear naisc neamhfhoirmiúla a  agus cuirtear feidhmiú aonfhoirmeach dhlí an Aontais Eorpaigh ag breithiúna náisiúnta chun cinn, arb iad gnáthbhreithiúna dhlí na hEorpa iad, éascaítear malartú smaointe ar cheisteanna comhroinnte agus cuirtear eolas agus tuiscint fhrithpháirteach ar na córais dlí éagsúla chun cinn, chomh maith le comhar idir cúirteanna.

# Cruinniú Ghréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh i Liospóin

I mí na Samhna, reáchtáladh an seachtú cruinniú bliantúil de chomhfhreagraithe Ghréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh i Liospóin (an Phortaingéil). Cruthaíodh an Gréasán Breithiúnach ar thionscnamh na Cúirte in 2017, le linn fóram breithiúna a bhí tiomnaithe do chomóradh 60 bliain de Chonarthaí na Róimhe. Tá sé mar aidhm comhar breithiúnach san Eoraip a neartú ar mhaithe le ceartas d'ardchaighdeán. Tá an Gréasán Breithiúnach comhdhéanta de 78 gcúirt bhunreachtúla agus uachtaracha de chuid na mBallstát, chomh maith le cúirteanna uachtaracha i gceithre tríú tír (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Ríocht Aontaithe agus an Úcráin), agus cuireann sé buanfhóram plé ar fáil i measc a chomhaltaí. Trí chomhar agus comhrá neamhfhoirmiúil a bhunú idir na cúirteanna is airde san Eoraip, comhlánaíonn sé an sásra comhair fhoirmiúil atá leagtha síos sa nós imeachta um réamhrialú.

Ós rud é go n-eagraíonn cúirteanna náisiúnta cruinnithe an Ghréasáin Bhreithiúnaigh anois le tacaíocht ón gCúirt, ba iad Cúirt Bhunreachtúil na Portaingéile, Cúirt Uachtarach na Portaingéile agus Cúirt Uachtarach Riaracháin na Portaingéile a d'eagraigh cruinniú 2025. D'fhreastail 60 comhfhreagraí, ó 20 Ballstát, tríú Stát amháin, agus ceithre ghréasán Eorpacha eile. Díríodh na hóráidí agus na pléití idir na rannpháirtithe ar thodhchaí an chomhoibrithe laistigh den líonra agus ar raon feidhme na hoibleagáide atá ar chúirteanna náisiúnta a bhreithníonn ag an gcéim dheiridh tarchur a dhéanamh.

# Cruinnithe leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine

Is iad Cúirt Eorpach um Chearta an Duine agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an dá phríomhinstitiúid i gcúrsaí cosanta na gceart bunúsach san Eoraip. Baineann an dá chúirt le dhá eagraíocht ar leith (Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach) ach oibríonn siad ar bhealach comhlántach chun na cuspóirí céanna a bhaint

amach, bunaithe ar bhonn comhchoiteann luacha: dínit an duine, saoirse, daonlathas, cosaint chearta an duine, urraim don smacht reachta, cosaint mionlach, caoinfhulaingt, neamh-idirdhealú, dlúthpháirtíocht, agus cothú limistéar síochána agus ceartais san Eoraip. Dá réir sin, déanann siad iarracht caidreamh dlúth a chothú trí chruinnithe rialta, chun a gcuid forbairtí faoi seach i gcásdlí a roinnt agus chun ábhair de chomhspéis agus de dhúshláin chomhchoiteanna a phlé. Gach bliain, tagann baill an dá chúirt le chéile i Lucsamburg nó in Strasbourg chun an chomhlántacht agus an comhoibriú sin a chothú ar mhaithe le cosaint na gceart bunúsach san Eoraip.

I mbliana, tionóladh an cruinniú i mí na Samhna sa Chúirt i Lucsamburg. Ghlac baill den dá institiúid bhreithiúnacha páirt i roinnt painéal plé maidir le saoirse chun tuairimí a nochtadh sa ré dhigiteach, leas an linbh i gcásanna fuadaigh trasteorann leanaí, agus bacainní dlíthiúla agus fisiciúla ar rochtain ar nósanna imeachta tearmainn. Thug an cruinniú oifigiúil deis freisin d'Uachtaráin gach cúirte na dúshláin atá roimh an gcóras ceartais a phlé, agus rinneadh agallamh closamhairc de.

Go háirithe, leag an bheirt Uachtarán béim ar a thábhachtaí atá sé go dtuigfeadh saoránaigh, sa chomhthéacs geopholaitiúil agus sochaíoch atá ann faoi láthair, cad atá mar bhonn leis an méid atá á thógáil le 75 bliana anuas: an fonn an saol is fearr is féidir a ráthú trí shíocháin a athbhunú, an ceartas a athbhunú agus feidhmiú daonlathach na sochaí.

https://curia.europa.eu/site/ECHRvisit2025



'Aon uair a dhéantar ionsaí nithiúil ar neamhspleáchas breithiúnach, aon uair a chasann saoirse cainte i gcoinne na luachanna ar cheart di a chur chun cinn – an t-iolrachas, an chaoinfhulaingt – le scaipeadh na fuaithchainte nó an fhoréigin, ní mór dúinn cuimhneamh ar a bhfuil riachtanach, ar a bhfuil i gcroí an mhéid nach mór dúinn a chosaint.'

**M. Mattias Guyomar,**
Uachtarán ECtHR

'Cosnaíonn smacht reachta na saoránaigh, ach cosnaíonn sé an córas daonlathach freisin, córas nach mór a bheith in ann forbairt ó thoghchán go toghchán agus idir dhá thoghcháin, córas ina bhfuil an tsochaí shibhialta páirteach, córas ina bhfuil saoránaigh agus grúpaí saoránach páirteach agus iad i mbun polaitíochta. Cuirtear seo ar fad in iúl i réimse leathan de chinntí ón gCúirt, a bhaineann le saoirsí bunúsacha go minic.'

**M. Koen Lenaerts,**
Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh



# C. Caidreamh leis an bpobal

## Cuairt ar an gCúirt

Oibríonn an Chúirt chun an institiúid a thabhairt níos gaire do shaoránaigh trí chuairteanna agus seimineáir a eagrú a chuidíonn le tuiscint níos fearr ar dhlí an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, a bhuí le cláir shaincheaptha. Tugann na cuairteanna tuiscint níos fearr ar ról chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus ar an tionchar praiticiúil a bhíonn ag a cásdlí ar shaol laethúil na saoránach, agus spreagann na seimineáir, atá dírithe go príomha ar bhreithiúna náisiúnta, plé idir breithiúna náisiúnta agus Eorpacha. Fáiltíonn an Chúirt cuairteoirí éagsúla ar a cuid áiseanna, ach cuireann sí cuairteanna fíorúla ar fáil freisin, lena n-áirítear clár oideachais ar líne a ligeann do dhaltaí meánscoile foghlaim faoi cheartas an Aontais Eorpaigh óna seomraí ranga. In 2025, ghlac 412 dhalta meánscoile páirt sa chlár sin.

15 987 gcuairteoir a raibh ina measc:

4 647 ghairmí dlí

Cuairteoirí ó chian: 4.2 %

2 557 gcuairteoir ag an Lá Oscailte

2 080 preaseisiúint

593 nuachtlitir

469 mbileog 'info-rapide'

12 181 iarratas ar fhaisnéis ón bpobal (glaonna teileafóin agus ríomhphoist)

## Tuiscint ar cheartas an Aontais

Tá preasoifigigh Stiúrthóireacht na Cumarsáide, dlíodóirí oilte, freagrach as breithiúnais, orduithe agus tuairimí agus cásanna leanúnacha, a mhíniú don lucht iriseoireachta agus do dhaoine eile ar suim leo iad. Dréachtaíonn siad preaseisiúintí chun iriseoirí agus cleachtóirí a chur ar an eolas i bhfíor-am faoi chinntí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Eisíonn siad, do dhaoine a bhfuil iarratas déanta acu chuig preasoifig na Cúirte, nuachtlitreacha rialta ag fógairt imeachtaí tábhachtacha nós imeachta agus institiúideacha, chomh maith le bileoga 'info-rapid' ar ábhair nach bhfuil clúdaithe ag preasráitis. Ina theannta sin, freagraíonn siad ríomhphoist agus glaonna ón bpobal chuig an gCúirt maidir le gnéithe éagsúla dá cuid oibre (eolas nós imeachta, míniúcháin ar bhreithiúnais, ról na Cúirte, cabhair leis an suíomh gréasáin, srl.).

## Fan ar an eolas trí mheán sóisialta na Cúirte

Chun faisnéis a scaipeadh go díreach agus láithreach, tá an Chúirt gníomhach ar na meáin shóisialta trína cuntais LinkedIn agus Mastodon, a dá chuntas X (ceann amháin i bhFraincis agus ceann amháin i mBéarla), agus a cuntais Bluesky agus Threads. Tá cainéal WhatsApp agus cainéal YouTube aici freisin a chraolann ábhar closamhairc éagsúil sna 24 teanga oifigiúla, lena n-áirítear beochana atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne chun tionchar chásdlí na Cúirte ar shaol laethúil na saoránach a mhíniú, agus cláir Curia Web TV. D'fhoilsigh an Chúirt dhá físeán nua in 2025 ar YouTube:

Trédhearcacht bhreithiúnach

Féach ar an bhfíseán

Cad a tharlaíonn nuair nach n-urramaíonn tír dlí an Aontais Eorpaigh?

Féach ar an bhfíseán

Seoladh cuntas Instagram na Cúirte in 2025 agus tá sé dírithe ar lucht féachana níos leithne agus níos óige, ag cur a cuid gníomhaíochtaí chun cinn trí chumarsáid amhairc agus mhealltach.

Tá líon na leantóirí ar fud ardáin uile na Cúirte de shíor ag méadú, rud a léiríonn suim an phobail ina gníomhaíochtaí.

384 185 leantóir LinkedIn
+29 % i gcomparáid le 2024

5 271 leantóir Mastodon

3 465 leantóir Bluesky

2 606 leantóir Instagram

145 leantóir Threads

164 725 leantóir X

120 000 leantóir YouTube
+33 % i gcomparáid le 2024

# Éisteachtaí agus cinntí a leanúint i bhfíor-am

Chun rochtain ar a gníomhaíocht bhreithiúnach a éascú, cuireann an Chúirt córas ar fáil chun éisteachtaí a chraoladh.

Déantar tabhairt breithiúnas ag an gCúirt Bhreithiúnais agus léamh thuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a chraoladh beo. Is amhlaidh an scéal freisin i gcás breithiúnais agus tuairimí áirithe de chuid na Cúirte Ginearálta. De réir na Rialacha Imeachta, craoltar éisteachtaí na Cúirte Breithiúnais ina mbíonn argóintí ó bhéal le moill. Baineann sé seo le héisteachtaí os comhair na Cúirte iomláine, an Mhór-Dlísheomra nó, go heisceachtúil, Dlísheomra ina bhfuil cúigear Breithiúna ina suí. Fanann an taifeadadh físe d'éisteacht ar fáil ar shuíomh gréasáin Curia ar feadh míosa.

I gcás breithiúnais chinniúnacha, cuireann breitheamh a bhí ar an gcás cinneadh na Cúirte Breithiúnais i láthair le hachoimre míniúcháin closamhairc, ag úsáid teanga shoiléir agus shothuigthe (féach tuilleadh faoi 'An córas ceartais Eorpach a dhéanamh níos trédhearcaí').

Sular gcraoltar na héisteachtaí, cuirtear míniúcháin ar an gcás ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte i dteangacha na héisteachta agus roinntear é ar na meáin shóisialta.







# 4

# Institiúid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol



Le blianta fada anuas, tá an Chúirt tiomanta do bheartas láidir comhshaoil, atá dírithe ar na caighdeáin is airde forbartha inbhuanaithe agus meas ar acmhainní nádúrtha. Léiríodh an tiomantas seo ó 2016 i leith lena chlárú EMAS (an Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht); bronntar an deimhniú seo arna rialú ag an Aontas Eorpach ar eagraíochtaí a chomhlíonann caighdeáin dhiana atá nasctha lena mbeartas comhshaoil agus lena n-iarrachtaí chun an comhshaol a chaomhnú agus a gcleachtais oibre inbhuanaithe.

In 2024 (an bhliain dheireanach a ndearnadh iniúchadh agus bailíochtú ar fheidhmíocht chomhshaoil na Cúirte ag iniúchóir seachtrach deimhnithe, i nDeireadh Fómhair 2025), rinne an Chúirt tuilleadh dul chun cinn i gcúrsaí cosanta comhshaoil, mar a dhéanann sí gach bliain.

Maidir le fuinneamh, laghdaigh an Chúirt a tomhaltas téimh agus leictreachais go mór arís. Tá an fheidhmíocht seo suntasach de bharr gur cuireadh cabhlach iomlán de stáisiúin luchtaithe d’fheithiclí leictreacha agus hibrideacha i mbun seirbhíse in 2024.

Tá torthaí ag teacht ar na hiarrachtaí chun ídiú páipéir a laghdú freisin. Go háirithe, tá úsáid páipéir oifige ag leanúint de bheith ag titim go géar, mar gheall ar athruithe ar nósanna oibre agus ar dhigitiú leanúnach na nósanna imeachta agus na ndoiciméad.

Tá astaíochtaí CO2, atá tar éis titim go mór ó 2015, ag cobhsú anois. Léiríonn an fhorbairt dhearfach seo tionchar nithiúil na dtionscadal a cuireadh i gcrích le blianta beaga anuas, agus trí rannpháirtíocht na foirne agus sna gníomhartha dá bhforáiltear i mbeartas EMAS.

A bhuí leis an leibhéal feidhmíochta comhshaoil a baineadh amach in 2024 agus le comhlíonadh docht riachtanas chóras EMAS, d’éirigh leis an gCúirt a deimhniú EMAS a athnuachan den tríú huair in 2025. Dá bhrí sin, tá sí ag druidim le 2026 – bliain ina mbeidh comóradh 10 mbliana ar a clárú EMAS – leis an tiomantas agus an uaillmhian chéanna a lorg comhshaoil a theorannú.

Tá na **táscairí comhshaoil** maidir le huisce, dramhaíl, páipéar, téamh agus leictreachas ag teacht leis na táscairí do 2024. Déantar athruithe a chainníochtú trí thagairt do 2015, an bhliain tagartha do scéim EMAS.

## Gníomhaíochtaí comhshaoil

- Athchúrsáil dramhaíola a fheabhsú agus úsáid plaistigh aonúsáide a laghdú
- Rannpháirtíocht i gcóras rothar féinseirbhíse Vel'OH agus tacaíocht do thaisteal rothaíochta agus traenach d'oibrithe trasteorann.
- Stáisiún luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a shuiteáil
- Feabhas leanúnach a chur ar bhonneagar téimh, aerála agus aerchóirithe
- 3 466 m² cill fhótavoltach chun 350 204 kWh a tháirgeadh (coibhéiseach le ceanglais bhliantúla 92 theaghais Lucsamburgacha)



## Torthaí i bhfigiúirí

**– 40.1 %**
dramhaíola 'Oifigí agus Lónadóireacht' (kg/FTE)

**– 25.6%**
ar thomhaltas uisce (m³/FTE)

**– 64.2%**
ar thomhaltas páipéir (kg/FTE)

**– 29.3%**
ar thomhaltas leictreachais (kWh/FTE)

**– 37.5%**
ar ídiú fuinnimh le haghaidh téimh (kWh/FTE)

**– 27.0 %**
d'astaíochtaí $CO_2$ (kg $CO_2$/FTE)

Is é **Coibhéis Lánaimseartha (FTE)** an t-aonad chun gníomhaíocht ghairmiúil neamhspleách a thomhas maidir le difríochtaí i líon na n-uaireanta a oibrítear in aghaidh na seachtaine do gach ball foirne de bharr socruithe oibre éagsúla.



# 5

# Ag breathnú chun cinn



## ↘ 2026: bliain a bheidh dírithe ar nuálaíocht agus ar phlé leis na saoránaigh

Beidh 2026 ina bliain thábhachtach don Chúirt, beidh cur chun feidhme tionscadal le cuspóir soiléir: an ceartas Eorpach a thabhairt níos gaire don phobal, trédhearcacht a mhéadú i ngníomhaíochtaí na Cúirte agus rochtain ar a cásdlí a fheabhsú do shaoránaigh agus do ghairmithe dlí araon.

Léirítear an dinimic seo thar aon ní eile i seoladh **shuíomh gréasáin nua** na Cúirte, a bhfuil sé mar aidhm aige an rochtain ar fhaisnéis faoin gCúirt a nuachóiriú agus a éascú do na páirtithe leasmhara éagsúla. Mar thoradh ar athchóiriú iomlán dírithe ar eispéireas úsáideora, tá nascleanúint níos soiléire agus níos iomasaí á tairiscint ag suíomh gréasáin Curia ó Eanáir 2026. Tá an t-athdhearadh bunaithe ar athstruchtúrú iomlán ar an ailtireacht faisnéise, ar fhorbairt an ábhair, atá scríofa i dteanga shoiléir intuigthe, agus ar dhearadh grafach níos simplí agus sruthlínithe.

Tá **inneall cuardaigh nua-aimseartha** ar an suíomh nua a cheadaíonn comhairliúchán níos tapúla agus níos cruinne ar fhaisnéis agus ar acmhainní uile na Cúirte, don phobal i gcoitinne agus do ghairmithe dlí araon. Sa chéad leagan de, is féidir an téacs iomlán agus meiteashonraí de na doiciméid a fhiosrú, agus gnéithe nua curtha leis. Cuirfear comhéadan ar ardleibhéal, dírithe ar ghairmithe dlí, ar fáil go luath agus cuirfidh sé cuardaigh ilchritéir níos spriocdhírithe ar fáil.

De bharr go bhfuil cleachtais ag athrú, go háirithe de bharr thábhacht mhéadaitheach na meán closamhairc, tá nuálaíocht ar an suíomh freisin a seoladh mar chuid den athdhearadh ar an suíomh gréasáin: **an t-ardán Curia Web TV**. Mar chomhlánú ar an bhfaisnéis scríofa a chuirtear ar fáil i bpreaseisiúintí, craolann Curia Web TV – ar a shuíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta araon – réimse clár ilteangach atá dírithe ar eolas an phobail i gcoitinne faoin institiúid a fheabhsú agus ar thrédhearcacht a mhéadú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn sí.

Tá an clársceidealú bunaithe ar an bhféilire breithiúnach: seisiúin faisnéise a mhíníonn na héisteachtaí, craoltaí de na héisteachtaí, craoltaí beo de léamh na gconclúidí agus na mbreithiúnas, agus gearrthóga closamhairc a chuireann comhaltaí den dá chúirt i láthair a mhíníonn na cinntí a dhéantar.

Chomh maith le nuacht bhreithiúnach a chlúdach, cuireann Curia Web TV cláir ar fáil i bhfoirm agallamh agus cur i láthair, chomh maith le clúdach ar mhórimeachtaí institiúideacha, ag soláthar forléargas bríomhar, oideachasúil agus nithiúil ar obair laethúil na Cúirte.

Deartha chun dul i bhfeidhm ar lucht féachana éagsúil, craoltar trí chlár bunaidh go rialta ar an ardán. Ar an gcéad dul síos, míníonn an clár oideachasúil ‘Cúirt na saoránach’ atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne, comhdhéanamh, cumhachtaí agus misean na Cúirte agus léiríonn sé, trí shamplaí nithiúla, an tionchar a bhíonn ag a cinntí ar shaol laethúil na saoránach. Ina dhiaidh sin, deartha chun aghaidh a thabhairt ar na glúnta óga, is formáid ghearr, spraíúil agus saor ó bhéarlagair é an clár ‘Bright’, ina bhfuil grafaicí faisnéise, beochaintí agus ceisteanna ó chuairteoirí óga. Tá sé mar aidhm suim a mhúscailt sa tionscadal Eorpach agus cinntí na Cúirte a mhíniú trí lionsa na gceisteanna a thagann chun cinn sa saol ó lá go lá. Ar deireadh, agus é dírithe ar phobal níos eolasaí, tugann ‘Open Court’ cead cainte do Chomhaltaí na hinstitiúide agus tugann sé, trí théamaí

spriocdhírithe, léargas ar mhisean na Cúirte, ar a feidhmiú, ar bhunchlocha an dlí Eorpaigh, ar ról na saoránach, ar a gcaidreamh leis na hinstitiúidí, ar ghairm an Bhreithimh agus an Abhcóide Ghinearálta, ar na conairí chuig an gCúirt agus ábhair dhlíthiúla shubstainteacha.

Cé go bhfuil an Chúirt ag féachaint chun cinn trí theicneolaíochtaí nua a ghlacadh, ní dhéanann sí dearmad ar na héachtaí bunúsacha i bhforbairt dhlí an Aontais, agus is í an Chairt um Chearta Bunúsacha an ceann is tábhachtaí díobh. Chun comóradh a dhéanamh ar 25 bliana den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – a fógraíodh in Nice an 7 Nollaig 2000 – eagróidh an Chúirt, go luath in 2026, **Fóram speisialta Breithiúna,** tiomnaithe do na príomhcheisteanna a mhúnlaigh bunús na Cairte, a forbairt, na deiseanna don todhchaí, a daingniú i mbunluachanna an Aontais agus a ról laistigh de chórais dlí náisiúnta. Cothóidh na díospóireachtaí seo le breithiúna ó na Ballstáit uile breithniú domhain ar ról reatha na Cairte agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus urraim don phríobháideacht san Eoraip.

Trí na tionscnaimh seo, tá an Chúirt ag leanúint polasaí athnuachana agus oscailte. Léiríonn seoladh an tsuímh gréasáin nua, nuachóiriú a inneall cuardaigh agus seoladh Curia Web TV fonn obair na Cúirte a dhéanamh níos inrochtana agus níos intuigthe, agus is meabhrúchán é ceiliúradh 25 bliana na Cairte gurb í léiriú féin na gceart aonair atá ráthaithe do shaoránaigh ag córas dlí an Aontais. Léiríonn na gníomhaíochtaí sin go léir uaillmhian shoiléir: an Chúirt a thabhairt níos gaire do shaoránaigh trí chaidreamh díreach muiníne a dhaingniú leo, bunaithe ar chosaint éifeachtach a gceart.



Coinnigh suas chun dáta leis an nuacht is déanaí maidir le cásdlí agus cúrsaí institiúideacha

curia.europa.eu

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**
L-2925 Lucsamburg
Teil.: +352 4303-1

Téacs arna chríochnú i mí Feabhra 2026 / Figiúirí ceart amhail an 31.12.2025

Leagan amach: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh / Stiúrthóireacht na Cumarsáide / Aonad na bhFoilseachán agus na Meán Leictreonach, 2026

Ní fhéadfar Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann na hinstitiúide a bheith freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá tugtha thuas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

© An tAontas Eorpach, 2026

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go luaitear an fhoinse.

Gach íomhá © An tAontas Eorpach mura sonraítear a mhalairt. Leathanach 9 © European Law Moot Court; leathanach 15 © Gabinete do Presidente, Supremo Tribunal de Justiça; leathanaigh 98-99, 101 © Gediminas Karbauskis.

I gcás aon úsáid nó aon atáirgeadh ar eilimintí nach leis an Aontas Eorpach iad, d'fhéadfadh go mbeadh gá cead a fháil go díreach ó na sealbhóirí cirt faoi seach.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-829-5067-8 | ISSN 2811-7697 | doi:10.2862/4105502 | QD-01-25-007-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-829-5066-1 | ISSN 2811-7700 | doi:10.2862/6098787 | QD-01-25-007-GA-N |
| HTML | ISBN 978-92-829-5108-8 | ISSN 2811-7700 | doi:10.2862/7120873 | QD-01-25-007-GA-Q |

CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Stiúrthóireacht na Cumarsáide
Aonad na bhFoilseachán agus na Meán Leictreonach